www.gaelsceal.ie

An mbeidh na hAll Blacks sa chluiche ceannais?
L 31

Martin McGuinness faoi agallamh
L6

Nuacht Litríochta le Meadhbh Ní Eadhra
L26

Tús ré na Gaelscolaíochta i mBaile Munna
L 28

Páidí Ó Lionáird
L 11

ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 41

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

14.10.2011

Géarchéim airgid san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh

Ionad Teanga i gConamara i gcomhráití leis an mbanc an tseachtain seo

Máirtín Ó Catháin

TÁ grúpa tuismitheoirí i gCois Fharraige i gConamara gaibhte i mbun gnímh go práinneach le súil agus gur féidir an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh in Indreabhán – a bhí ceaptha a bheith ina shampla do chothú na teanga sa nGaeltacht uilig – a thabhairt slán ó fhiacha.

Teastaíonn €25,000 as seo go Nollaig agus teastaíonn €77,000 uilig as seo go ceann roinnt míonna. Ach má bailítear an méid sin ní bheadh ann ach go mbeadh na deacrachtaí curtha ó dhoras go fóilleach; tá bearna mhór idir an caiteachas agus an teacht isteach san Ionad Tacaíochta Teaglaigh agus tá sin ag cur na seirbhíse uilig i mbaol.

Idir an dá linn tuigtear go bhfuil sé tugtha le fios ag triúr de stiúrthóirí an chomhlachta atá ag reachtáil an Ionaid go mbeidh siad ag éirí as; thoiligh siad fanacht nó go gceapfaí stiúrthóirí ina n-áit.

Cuireadh tuismitheoirí ar an eolas faoin drochbhail atá ar chúrsaí airgid san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh ag cruinniú an tseachtain seo caite.

Tuigtear go bhfuil mí-shástacht i measc na dtuismitheoirí a bhí ag cur a gcuid páistí agus gasúr chuig an naíolann agus an naíonra gur fágadh chomh fada é sular cuireadh ar an eolas iad faoin ngéarchéim.

Ar lean ar leathanach a 5

Míshástacht go fóill ann i dtaca leis an tSamhail Nua Mhaoinithe

Próiseas Comhairliúcháin ann - 12 seachtain eile le moltaí FnaG a phlé

Anton Mac Cába

DÉ Céadaoine shocraigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas ar chomhairliúchán 12 seachtain a reachtáil maidir leis na moltaí nua maoinithe ó Fhoras na Gaeilge d'eagraíochtaí bunmhaoinithe.

Is leis na heagrais bhunmhaoinithe go háirithe a bhainfidh an próiseas.

Déanfear leasú "mar atá riachtanach agus cuí" de bharr an phróisis.

Ba iad na hAirí ón dá dhlínse a bhí i láthair ag an chruinniú in Ard Mhacha: Carál Ní Chuilín agus Jonathan Bell ón Tuaisceart agus Jimmy Deenihan agus Dinny McGinley ón Deisceart.

Rinne thart ar 15 ionadaí ó eagrais Ghaeilge stocaireacht ar an Chomhairle. Tháinig Carál Ní Chuilín, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta an Tuaiscirt, amach chun labhairt le cuid den mhuintir.

Dúirt Gordon McCoy ó Iontaobhas Ultach go raibh Dinny McGinley "cairdiúil go maith. D'fhan siad ag caint."

Chuir Janet Muller ó Pobal fáilte roimh chinneadh na nAirí, ach is é a dúirt sí, "Beidh le feiceáil. Sílim go bhfuil go fóill imní ar na heagraíochtaí. Ach aithníonn Pobal go bhfuaireamar éisteacht ó na hAirí. Creidimid go bhfuil deis níos fearr againn tionchar a imirt ar na moltaí."

Ar lean ar leathanach a 2

Bhronn POBAL, scátheagras abhcóideachta phobal na Gaeilge 288 litir ar an Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Caral Ní Chuilín, Dé Luain. Bailíodh na litreacha ó phobal na Gaeilge mar gheall ar bhuarthaí forleathan maidir le moltaí Fhoras na Gaeilge sa Samhail Nua Maoinithe

NÁISIÚNTA

Moill Eile ar Thuarascáil Ráth Bhoth

Danny Brown

CUIREADH moill eile ar an tuarascáil ón Bhord Náisiúnta um Páistí a Chaomhnú san Eaglais Chaitliceach i nDeoise Ráth Bhoth i gContae Dhún na nGall.

Seo an ceathrú moill atá curtha ar an tuarascáil ó fógraíodh go raibh sé le foilsiú agus tá imní ar dhaoine sa Deoise go bhfuil rudaí níos measa de bharr na moilleanna.

Is beag an t-eolas atá ar fáil ar an fháth atá leis an mhoill, ach dúirt cléireach sinsearach sa Deoise inné gur thuig sé go mbeadh tuarascálacha á bhfoilsiú ar shé dheoise ag an am amháin agus gur féidir go bhfuil baint aige sin leis.

Más fíor dó, beidh gearáin ó na híobartaigh gur cuireadh moill ar na foilseacháin le damáiste do chlú na heaglaise a laghdú.

Ní féidir leis an Bhord Náisiúnta labhairt ar na fáthanna faoi choinníollacha an chonartha atá acu.

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

Míshástacht go fóill ann i dtaca leis an tSamhail Nua Mhaoinithe

Ar lean ó leathanach a haon

Tá an-chonspóid cothaithe ag na moltaí céanna seo in earnáil na Gaeilge.

Mar gheall ar ábhar a fuair Iontaobhas Ultach faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, tá níos mó ceisteanna tógtha faoin bpróiseas trínar shocraigh Foras na Gaeilge athrú a chur ar mhaoiniú na n-eagras atá bunmhaoinithe acu faoi láthair.

Tá 80% de na heagrais bhunmhaoinithe in éadan na n-athruithe a thiocfadh i bhfeidhm faoin tSamhail Nua Mhaoinithe. Faoi láthair tá 19 eagras bunmhaoinithe ann, dosaen ó dheas agus seachtar ó thuaidh. Ina n-ionad, moltar seacht scéim a bhunú a bheadh ag feidhmniú ar bhonn uile-oileánda.

Mar gheall ar an ábhar a fuair Iontaobhas Ultach, tá ceisteanna ann faoin bpróiseas trínar bunaíodh an tsamhail nua. Agus é ag labhairt ar 25 Samhain 2010 ag cruinniú de Choiste na Roinne, dúirt Ferdie Mac an Fhailigh, príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, gur bhunaigh an Foras fochoiste le cúrsaí a thabhairt chun cinn. "Cheapamar comhairleoir le cuidiú a thabhairt i ndréachtú na scéimeanna," arsa Mac an Fhailigh.

Ionadaithe óna heagraíochtaí Gaeilge ag bualadh leis na hAirí in Ard Mhacha Dé Chéadaoin na seachtaine seo. Ón chlé, Caitíona Ní Cheallaigh (Cumann na bhFiann), Dinny McGinley (Aire Stáit na Gaeltachta), Jimmy Deenihan (Aire Gaeltachta) Caral Ní Chuilín (Aire DCAL), Jake Mac Siacais (Forbairt Feirste), Gordon McCoy (Iontaobhas Ultach), Pádraig Ó Criostáil (Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge), Mícheal Ó Duibh (Gaelscoileanna), Póilín Ní Dhonnchadh (Gael Linn).

Ní thagann an méid sin le freagra a thug an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta ó thuaidh ar iarratas Iontaobhas Ultach faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar 28 Aibreán i mbliana: "Rinneadh ball foirne ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta a thabhairt ar iasacht d'Fhoras na Gaeilge an 7 Márta 2011 chun cuidiú le forbairt scéimeanna."

De réir an fhreagra seo, ní dhearnadh measúnú ar bith ar thionchar rialála faoin tSamhail Nua Mhaoinithe. De réir an Northern Ireland Better Regulation Strategy, tá sé mar dhualgas ar roinn rialtais an measúnú seo a dhéanamh má tá cinneadh nua le dul i bhfeidhm ar ghnólachtaí, ar charthanais nó ar an earnáil dheonach. Dar leis an Roinn, áfach, ní raibh an measúnú seo riachtanach mar nach leasú ar reachtaíocht atá i gceist.

Dé Máirt dheimhnigh urlabhraí thar ceann na Roinne go bhfuil siad anois ag déanamh measúnú ar thionchar rialála.

An socrú a rinne GATT

"take forward a further twelve week consultation about the portfolio of draft schemes, particularly with the core funded bodies"

Gné eile a tháinig chun solais mar gheall ar an ábhar a fuair Iontaobhas Ultach ná nach ndearnadh measúnú maidir le tionchar comhionannais. Dar leis an Roinn agus leis an Fhoras nach mbeadh caidreamh feabhsaithe pobail ann de thoradh na moltaí a athrú. Bunaíodh an tIontaobhas, áfach, an chéad lá le hobair thrasphobail a dhéanamh ó thaobh na Gaeilge.

Deir an Foras ar an 'Equality and Human Rights Screening Form': "All surveys have shown a very strong relationship between the religious affiliation of respondents and their ability to speak Irish (ó thuaidh). ... There is evidence that language is viewed in a sectarian manner in NI."

Diúltaíodh ábhar ar leith a d'iarr Iontaobhas Ultach a shaoráil, ábhar a bhaineann le forbairt na scéimeanna faoin tSamhail Nua Mhaoinithe. Diúltaíodh é ar an bhonn go mbeadh sé ar aimhleas an phróisis chun na scéimeanna a chríochnú, agus go gcuirfeadh sé as don phlé ar cheisteanna casta agus mothálacha.

Tá míshástacht ann fosta faoi fhreagra ar cheist ag deireadh an 'Equality and Human Rights Screening Form' a líon an Foras i mí an Mhárta. Is é an cheist: "Who owns and implements the policy?"

Is é an freagra: "The Board of Foras na Gaeilge." Tá daoine a bhí ar Bhord an Fhorais den bharúil nach raibh an tSamhail Nua Mhaoinithe faofa ag Bord an Fhorais ag an am sin.

Is é croílár na coimhlinte idir an Foras agus na heagrais ná go ndeir an Foras: "This represents a policy change only insofar as it refers to funding mechanism." Dar leis na heagrais bhunmhaoinithe, is athrú bunúsach é ar an dóigh a bhfeidhmníonn siad - nó, i bhfocail eile, beart a thabharfaidh orthu druidim.

Rinne Gael Linn aighneacht faoi na moltaí nua: "Ní thugann SNM aghaidh ar na castachtaí a bhaineann leis an earnáil dheonach. Laistiar de gach eagraíocht bhunmhaoinithe, tá na blianta de thaithí, de rannpháirtíocht agus de dhea-thoil.

Ní féidir a leithéidí a chruthú ar an toirt ar mhaithe le plean gearrthéarmach a chur i gcrích. Ní féidir, ach oiread, leanúnachas i soláthar seirbhísí a chinntiú más ar bhonn scéimeanna uileghabhálacha, gearrthéarmacha atá earnáil na Gaeilge le riaradh."

Tá Gael Linn buartha faoi thaithí foirne go háirithe: "Ní thugtar dóthain suntais don luach a bhaineann le foireann oilte, chumasach a bheith fostaithe ag eagrais.

Go minic, is é taithí agus saineolas na foirne an ghné is suntasaí de chlár oibre. Is riosca an-mhór é le cur chuige SNM go gcaillfear an acmhainn seo."

Dar le Gael Linn, ní raibh comhphlé ann idir an Foras agus lucht na hearnála. Ina ionad sin, chuir an Foras an tsamhail faoi bhráid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) i mí na Nollag 2009: "Ó shin i leith, tá an Foras ag iarraidh feidhm a thabhairt don chinneadh a ghlac CATT bunaithe ar na roghanna a chuir an Foras faoina mbráid gan dul i bpáirt leis an earnáil ar bhonn na páirtnéireachta."

In ainneoin Gael Linn bheith ag feidhmiú ar bhonn uile-oileánda ó bunaíodh é in 1953, dar leo go bhfuil difear ann: "Ní hionann sin is a rá go n-oirfeadh an cur chuige céanna i ngach cás. Creidimid go bhfuil cás ann déileáil ar bhonn dlínse le réimsí áirithe, rud a bhfuil glactha ag an bhForas leis cheana."

Tá rún ag an bhForas leanúint leis an tsamhail nua. Is léir gur mó imní atá ar ghrúpaí ó thuaidh. De réir na tuarascála ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí a rinne Gael Linn, dhiúltaigh ceithre cinn de na seacht n-eagras ó thuaidh.

Cibé toradh a bheidh air seo, dúirt Aodán Mac Póilín ó Iontaobhas Ultach go bhfuil fadbhanna anois ann leis an chaidreamh idir an Foras agus na grúpaí bunmhaoinithe. "Ón fhianaise atá againn, ní féidir muinín a chur i ráitisí Fhoras na Gaeilge," arsa Mac Póilín.

Agus seo ar siúl, tá cúig eagras Gaeilge tagtha le chéile mar 'Aontas Phobal na Gaeilge'. Is iad sin Comhluadar, Comhaltas Uladh, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael agus Seachtain na Gaeilge. Reáchtáil siad seimineár i gCathair na Gaillimhe an mhí seo caite.

Dúirt Feargal Ó Cuilinn, Stiúrthóir Chomhluadar, gur deis a bhí ann ag daoine teacht le chéile "agus molfar áit dóibh sa phleanáil bheartaithe i samhail nua mhaoinithe Fhoras na Gaeilge don tír iomlán."

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Seosamh Ó Riain
Iriseoir
seosamh.oriain@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Comhordaitheoir Oideachais
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Michael D sa tóir ar an vóta Gaelach

TÁ Michael D Higgins tar éis leagan Gaeilge dá shuíomh idirlín a sheoladh. Níl www.michaeldhiggins.ie 100% dátheangach - níl na preasráitis i nGaeilge, ach tá sé i bhfad níos Gaelaí ná suíomhanna eile de chuid na n-iarrthóirí uachtaránachta faoi láthair.

Is é Michael D an t-aon Ghaeilgeoir san iomaíocht don Uachtaránacht agus tá béim leagtha aige ar an mbua seo atá aige i rith an fheachtais. Tá póstaeir i nGaeilge crocthta in airde ag foireann Michael D chomh maith, agus líon suntasach acu i lár Bhaile Átha Cliath.

Níl aon dabht ach go síleann rogha na n-údar don Áras go bhfuil vóta Gaelach ann agus go bhfuil sé ag déanamh iarrachta é a mhealladh.

Micheal D. Higgins ag seoladh an leagan Gaeilge dá phostaer toghchánaíochta. Táthar á thuairisciú áfach nach bhfuil mórán postaeir i dteanga ar bith le feiceáil i nGaeltacht Chonamara.

Ross náirithe ag Kenny, arís

CAITHFIDH go bhfuil duine fostaithe ag an Taoiseach chun ráitis náireacha a scríobh Shane Ross san am atá caite a aimsiú.

Is eolaí é Ross ar chúrsaí airgeadaíochta, agus is minic a chuireann sé ceisteanna ar Enda Kenny faoin earnáil.

I mí Bealtaine d'iarr sé ar Kenny ar cheart don Rialtas tacú le ceapachán Christine Lagarde mar shaoiste an IMF toisc go raibh sí i bhfabhar cáin chorpairéadach na hÉireann a ardú. An raibh seans ann go n-athródh Lagarde a hintinn nuair a thosaigh sí an post nua? Bhí luíochán réidh ag Kenny áfach.

"The Deputy is right about people changing their views when they change jobs. I knew this would come around some time," ar seisean, agus meangadh ar a aghaidh. "I recall that, on 28 March 2004, Deputy Ross stated that Michael Fingleton's Irish Nationwide published what he termed a 'cracking set' of figures. If he recalls, he followed that by saying, 'All Fingleton's figures are spectacular. Pre-tax profits are up 20% and gross lending rose by 72%'. The Deputy followed that with, 'I should have bought into Nationwide. Anyone who has a spare €20 grand might still have time to carpet bag'. That is just a gentle reminder."

Shane Ross TD (Neamhspleách) [PIC : LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

Freagra glic a bhí ann a spreag gáire glórmhar sa Dáil

RINNE Kenny aithris ar an luíochán an tseachtain seo. Bhí Shane Ross dá dhiancheistiú faoi cheapachán rúnaí nua ar an Roinn Airgeadais, ag iarraidh a fháil amach an mbeadh an saineolas cuí ag an duine a gheobhaidh an post tábhachtach.

Dúirt Kenny go mbeadh, dar ndóigh, ach ansin chuir sé i gcuimhne don Teachta Neamhspleách an cáineadh a rinne sé in 2004 nuair a ceapadh Richie Burrows mar Ghobharnóir Bhanc na hÉireann. *"Did they approach Seán FitzPatrick of Anglo Irish? Far too dynamic."* Spreag sé seo go leor gáire agus is cosúil go mbeidh faitíos ar Ross aon uair a chuireann sé ceist ar Kenny amach anseo ar eagla go luafaidh sé ráiteas aiféalach eile.

Tarrtháil €1bn molta do lucht tógála

MOLADH tarrtháil ar fiú €1 bhilliún í d'fhorbróirí, bainc agus comhlachtaí cairéil ag coiste Oireachtais an tseachtain seo. Phléigh an Coiste Oireachtais um Chomhshaol, Iompar, Cultúr agus Gaeltacht scannal atá ag borradh faoin damáiste atá pirít (bréagór) a dhéanamh do thithe in oirthear Laighean. Úsáideadh pirít ('fools gold' i mBéarla) in ábhar tógála in 20,000-50,000 teach agus árasán ach nuair a mheascann sé le huisce méadaíonn sé agus scoilteann sé urláir agus ballaí. Creimeann sé coincréit chomh maith má fhágtar é. Labhair ionadaithe ó ghrúpa stocaireachta nua, Pyrite Action, ag an gcoiste, agus dúirt go gcosnóidh sé idir €50,000 agus €60,000 chun gach teach a dheisiú, agus nach bhfuil sé d'acmhainn ag úinéirí tí íoc as seo. Tá aighneas idir na húinéirí agus comhlacht árachais, Homebond, a deir go bhfuil na cairéil freagrach as an dochar agus nach bhfuil dualgas orthu íoc as. Thug an Coiste cuireadh do Homebond freastal ar an gcruinniú ach níor bhac siad dul ann (rud a réiteofar reifreann ar choistí Oireachtais ar an 27ú den mhí seo). Dúirt duine amháin ó Pyrite Action go raibh €20,000 caillte aige ar thástálacha ar a theach, costais dlí agus cíos (nuair a bhí air an teach a fhágáil) sula raibh aon obair dheisiúcháin fiú tosaithe. Dúirt ionadaí eile ón ngrúpa go raibh ar bhean a teach a fhágáil de bharr bulaíochta óna comharsana a bhí buartha go laghdófaí praghsanna san eastát dá mbeadh a fhios ag an saol Fodhlach go raibh pirít tar éis dochar a dhéanamh don teach. Ní fios cé mhéad a chosnóidh sé chun an fhadhb seo a réiteach, ná cé a íocfaidh as. Dar le Timmy Dooley (FF, An Clár), d'fhéadfadh €1 bhilliún ar a laghad a bheith i gceist. An réiteach a mhol sé ná go n-íocfadh an Stát, is é sin an cáiníocóir, as.

"Tá a fhios againn ar fad nach mbeidh forbróirí ná cairéil in ann íoc as," ar seisean. Cur amú ama a bheadh ann dul sa tóir orthu sna cúirteanna óir ní bheadh aon toradh air. Rinne sé comparáid idir tarrtháil na mbanc agus an cás reatha.

Dhiúltaigh an tAire Stáit Shane McEntee, a bhí gníomhach le daoine ina thoghcheantar (An Mhí Thoir) atá thíos leis de bharr na faidhbe seo, dhiúltaigh sé don mholadh faoin tarrtháil.

"Níl €1 bhilliún ar fáil," ar seisean. "Ní glacaim leis gur cheart don Rialtas airgead a chaidéalú isteach agus ligint do dhaoine éalú óna n-oibleagáidí. "Tá go leor daoine atá freagrach as seo fós i ngnó, daoine atá ag tógáil ní hamháin in Éirinn ach san Eoraip chomh maith."

Mhol sé d'úinéirí tí gan airgead a chur amú ar dhlíodóirí óir bheadh orthu a dtithe a leagan de bharr an damáiste dá dtógfadh sé ceithre nó cúig bliana chun an scéal a shocrú sna cúirteanna.

Mhaígh sé chomh maith go raibh daoine tar éis a rá leis a chlab a dhúnadh faoin scannal.

Lé cúnamh Dé beidh an rialtas sásta a chinntiú go n-íocann na daoine atá freagrach as an scannal seo as agus nach mbeidh gá le tuilleadh seirbhísí poiblí a ghearradh de bharr drochiompair san earnáil tógála.

Na bréaga a insíonn polaiteoirí áirithe

TÁ seantaithí againn ar pholaiteoirí a insíonn bréaga. Tarlaíonn sé seo le linn feachtais toghchánaíochta ach go háirithe. Éiríonn daoine cleachta leis an gcleasaíocht seo ach anois is arís ní mór dúinn breithiúnas níos géarchúisí a thabhairt ar na bréaga a insíonn polaiteoirí.

Seo thíos sliocht as ráiteas a rinne polaiteoir amháin sa Dáil.

"...we hold no brief, for that comparatively small group of persons in our society who behave dishonourably, who break the rules, who abuse the trust and confidence placed in them by the rest of us. All illegalities, malpractice or unprofessional behaviour will be uncovered and disclosed, and all appropriate action will be taken. Nobody will be protected from the consequences of their actions..."

Níor chuir an duine seo fiacail ann - ní ghlacfar le caimiléireacht. Teachtaireacht láidir a bhí ann, ach cé a rinne é? Charlie Haughey. Bhí an méid sin le rá aige sa Dáil i mí Dheireadh Fómhair 1991.

Tá sé deacair an meon a spreag an ráiteas seo a thuiscint. Dar ndóigh, ní hamháin nach raibh Haughey ag cur an dlí i bhfeidhm ar dhaoine eile a bhí i mbun caimiléireachta, ach bhí sé féin i lár an aonaigh chaim.

Agus é ag caint sa Dáil an lá sin cháin sé daoine a chur caimiléireacht ina leith chomh maith.

"I have been under personal character attack for 12 years, from the very day I first became Taoiseach. I have endured these personal attacks in the knowledge that I had nothing to fear or conceal." Seachas na milliúin a fuair sé ó dhaoine gnó, na cuntais bhainc mhídleathacha a bhí aige thar sáile agus an t-airgead a ghoid sé ó chiste cóirithe ailse Brian Lenihan. Bhí rud amháin a dúirt Haughey an lá sin a bhí fíor - nár chruthaigh lucht a cháinte go raibh caimiléireacht ar bun aige.

Bhí amhras ar neart daoine faoi le blianta fada toisc go raibh sé ag maireachtáil ar nós milliúnaí, ach bhí go leor leor eile a bhí sásta beag is fiú a dhéanamh den amhras seo.

Colmcille
ÈIRINN IS ALBA

Tá scéim deontas Cholmcille oscailte d'iarrthóirí ar mian leo na haidhmeanna thíosluaite a chur chun cinn:

- Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban a neartú
- Naisc idir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban a chur chun cinn

Dáta deiridh: 31/10/2011

BÒRD NA GÀIDHLIG

Foras na Gaeilge

TUILLEADH EOLAIS, SONRAÍ TEAGMHÁLA & COMHAIRLE
www.colmcille.net

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 14 Deireadh Fómhair, 2011

Cárta Dearg don Ghaeilge sa Tionól

Anton Mac Cába

NÍ chuirfear an Ghaeilge ina tost sa Tionól ó thuaidh, dar leis an Chomhalta den Tionól Reachtach, Dominic Ó Brolcháin ón SDLP. Diúltaíodh cead cainte dó ar feadh seachtaine as an Leas-Cheann Comhairle a cháineadh.

Tharla seo mar gur chuir sé ceist i nGaeilge ar an Aire Oideachais: "Ba mhaith liom ceist a chur air faoi na moltaí atá sa tuarascáil a d'ullmhaigh an cumann ar mhalartuithe..."

Chuir an Comhalta David McNarry, Aontachtach Ultach, isteach air, a rá: "How long are you going to take to ask this question?"

Lean an Brolchánach ar aghaidh, gur dhúirt abairt eile, agus dúirt an Leas-Cheann Comhairle, Roy 'Baby Beggs' Beggs (Aontachtóir Ultach eile), leis an cheist a chur agus a aistriú go Béarla. D'fhreagair an Brolchánach; "I was in the process of asking a question when you interrupted me."

Ordaíodh dó suí síos, ansin thug sé freagra i nGaeilge ar chúpla ceist eile. Faoi dheireadh, chuir sé an cheist, ansin shuigh sé síos.

Rialaigh Uilliam Hay, an Ceann Comahirle, gur léirigh sé drochmheas don Leas-Cheann Comhairle. Dúirt an Brolchánach gur mhaith leis an Ghaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir. "Beidh mé ag iarraidh ar an Cheann Comhairle athbhreithniú a dhéanamh ar an chuid sin de ghnó an Tionóil le go ndeimhneófar go mbeidh cead, as seo amach, ag Gaeilgeoirí an teanga a úsáid, de réir rialacha seasta an tí seo."

Dúirt Dominic Ó Brollacháin ar Facebook le linn na seachtaine, "Beidh mé ag labhairt i nGaeilge arís i Seomra an Tionóil ar Mháirt seo chugainn."

Dominic Ó Brollacháin, Ball Tionóil

Gníomhaí mór Gaeilge ar lár

Katie McGreal

CAILLEADH gníomhaí mór Gaeilge thall i SAM, Ethel Brogan, a bhí 85 bliain d'aois, ar 5ú Deireadh Fómhair 2011. Rugadh i 1926 in Ard Mhacha í.

Ní cainteoir Gaeilge ó dhúchais a bhí inti ach bhí grá ollmhór aici don teanga agus d'fhoghlaim sí í sular bhog sí go Meiriceá i 1946. De bharr an ghrá a bhí aici don teanga, bhí páirt lárnach aici i saol na Gaeilge sna Stáit Aontaithe.

Bhí sí ina ball de Chonradh na Gaeilge i bparóiste Naomh Maitiú agus mhúin sí ranganna Gaeilge do dhaoine fásta. I ndiaidh tamaillín, bheartaigh sí go bhfoghlaimeodh a cuid daltaí níos mó dá mbeadh deis acu an Ghaeilge a labhairt agus a chleachtadh i suíomh sóisialta.

Shocraigh Ethel deireadh seachtaine dóibh ionas go mbeadh siad in ann é sin a dhéanamh. Tháinig an smaoineamh as na coláistí samhraidh i nGaeltachtaí na hÉireann agus eagraíodh an chéad cheann i 1981. As an deireadh seachtaine seo d'fhás an eagraíocht Daltaí na Gaeilge agus táthar fós ag cur dianchúrsaí ar siúl i Nua-Eabhrac, i Nua-Gheirsí agus in Peinnsiolváin. Bíonn múinteoirí ón eagraíocht ag teagasc dianchúrsaí timpeall Mheiriceá Thuaidh.

Bhí Ethel mar uachtarán ar an eagraíocht ar feadh 30 bliain, ó 1981 go dtí 2011.

Bhuaigh an eagraíocht an chéad duais i gcomórtas idirnáisiúnta Ghlór na nGael do dhaoine agus eagraíochtaí atá ag cur na Gaeilge chun cinn taobh amuigh d'Éirinn den dara huair i mí Feabhra 2011.

"Tá bean uasal, bean chróga, a thug dóchas dúinn agus dár dteanga imithe anois ar shlí na fírinne: laoch agus réalta, táim fíorbhuíoch di," a dúirt Caitríona Weafer ó Los Angeles fúithi. Dúirt Eibhlín Zurell, rúnaí Dhaltaí na Gaeilge i gcathair Nua-Eabhrac: "Is méala mór go deo dúinn bás ár Máthar Ab, ár gcara dil, ár gcarraig chiall."

Bhí an tsochraid ar siúl Dé Luain i Nua-Eabhrac.

D'fhág Ethel a fear chéile, Bill, a páistí Patrick, Bridget agus Brendan agus an-chuid cairde ina diaidh.

Gearrlíosta do Ghradaim Leabhar na Bliana 2011 foilsithe

Katie McGreal

D'FHÓGAIR Oireachtas na Gaeilge agus Foras na Gaeilge an gearrliosta do Ghradaim Leabhar na Bliana 2011 an tseachtain seo.

Tá 5 dhuais san iomláin sa dá rannóg éagsúla. Tá trí dhuais do Leabhar na Bliana don Léitheoir Óga (Gradam Réics Carló) - duais don fhoilsitheoir, duais don údar agus duais eile don ealaíontóir - agus dá dhuais do Leabhar na Bliana don Léitheoir Fásta (Gradam Uí Shúilleabháin) - duais amháin don fhoilsitheoir agus ceann eile don údar.

Tá 5 leabhar ar an ngearrliosta do Leabhar na Bliana don Léitheoir Óga agus 5 eile do Leabhar na Bliana don Léitheoir Fásta.

Tá Cló Iar-Chonnacht, an buaiteoir anuraidh, ar an ngearrliosta do Leabhar na Bliana do Dhaoine Fásta arís i mbliana leis an bhfoilseachán 'Sé an Saol an Máistir' ar chuir Gearóid Denvir eagar air. Tá 'Séadna', a d'fhoilsigh Cois Life agus ar chuir Liam Mac Mathúna in eagar é ar an liosta freisin, chomh maith le 'Duinnín: Bleachtaire ar an Sceilg' le Biddy Jenkinson a d'fhoilsigh Coiscéim. Tá 'Scéal Ghearóid Iarla' le Máire Mhac an tSaoi a d'fhoilsigh Leabhar Breac ann freisin agus is é 'Dialann Dúlra' le Tony McNally, a d'fhoilsigh Gaelink Design, an cúigiú leabhar ar an liosta.

Tá 'Cócó an Colgán Cairdiúil' le hAilbhe Nic Giolla Bhrighde, maisithe ag Brian Fitzgerald, a d'fhoilsigh Futa Fata, ar an ngearrliosta do Leabhar na Bliana don Léitheoir Óg, chomh maith le 'Mac Rí Éireann' le Caitríona Hastings, maisithe ag Andrew Whitson agus foilsithe ag an tSnáthaid Mhór. Tá 'Hiúdaí Beag' a d'fhoilsigh Cló Mhaigh Eo le hEithne Ní Ghallchobhair agus a mhaisigh Olivia Golden ar an liosta mar aon le 'Maitríóisce' le Siobhán Parkinson a d'fhoilsigh Cois Life. Tá an chéad leabhar Gaeilge riamh faoin bhficheall ar an ngearrliosta seo freisin. 'Ficheall' atá teideal atá ar an leabhar le hÚna O'Boyle, leabhar a d'fhoilsigh sí agus mhaisigh sí féin. Déanfaidh cúigear moltóireacht ar na leabhair agus fógrófar na buaiteoirí sa Leabharlann Náisiúnta ar Shráid Chill Dara ar an Máirt, 15 Samhain 2011.

Amharclann na Mainistreach ag comhléiriú le Fíbín Teo.

Áine Ní Chuaig

TÁ Amharclann na Mainistreach chun comhléiriú a dhéanamh le Fíbín Teo., comhlacht amharclannaíochta nua-aimseartha as Conamara. Léireofar 'Sétanta', dráma nuascríofa le Paul Mercier, ar stáitse na Péacóige i mí na Nollag.

"Is togra mór é seo agus tá éacht bainte amach againn," a deir Darach Ó Tuairisg ó Fíbín Teo. le Gaelscéal. "Is céim stairiúil í seo don chomhlacht agus do chúrsaí drámaíochta na Gaeilge."

Is é 'Sétanta' an chéad dráma Gaeilge ar www.fundit.ie, suíomh a thugann ardán do thionscnaimh ealaíonta agus cruthaitheacha le gur féidir le daoine ar fud an domhain urraíocht a dhéanamh orthu. "Tá roinnt airgid againn ach tá tuilleadh fós le bailiú," a deir Ó Tuairisg, a bheidh i mbun léiriúcháin ar an dráma.

Muintir Finucane ar buille

Danny Brown

TÁ teaghlach Pat Finucane, dlíodóir as Béal Feirste ar dhúnmharaigh dílseoirí é i 1989, ar buile le rialtas Shasana a dhiúltaigh fiosrúchán poiblí a reáchtáil faoina dhúnmharú.

Tá siad ag iarraidh fhiosrúcháin lena fháil amach an raibh na dúnmharfóirí agus na fórsaí slándála sna Sé Chontae ag obair as lámha a chéile sa dúnmharú.

Cé go bhfuil fianaise ag an teaghlach go raibh eolas ag na húdaráis ó thuaidh go raibh an t-ionsaí marfach a dhul a tharlú agus nach ndearna siad rud ar bith le stop a chur leis, d'inis David Cameron dóibh Dé Máirt nach fiosrúchán poiblí a bhí á thairscint ag an rialtas ach "athbhreithniú" le habhcóide a léifeadh an fhianaise uilig atá ar fáil agus a scríobhfadh tuarascáil ina dhiaidh sin.

Pat Finucane

Ní bheadh ionchur ar bith ag an teaghlach san athbhreithniú sin agus ní bheadh cead acu ceisteanna ar bith a chur.

Cháin an teaghlach Cameron as iad a thabhairt an bealach ar fad chuig Sráid Downing agus ansin a inse dóibh nach rabhthas le fiosrúchán ceart a chur ar bun. Ghoill sé orthu mar bhí a bhfoireann dlíodóirí i mbun cainteanna le dlíodóirí an stáit maidir leis an bhealach is fearr le tabhairt faoi fhiosrúchán.

Tá cinneadh Cameron cáinte fosta ag Seán Woodward a bhí ina Rúnaí Stáit nuair a bhí Tony Blair agus Gordon Brown ina bpríomh-airí.

Dúirt sé gur mór an náire don Phríomh-Aire Cameron gur chaith sé leis an teaghlach mar a rinne agus nár chuir sé iontas ar bith air gur chuir Geraldine Finucane, baintreach Pat Finucane, deireadh tobann leis an chruinniú.

Dúirt urlabhraí don teaghlach gur feall eile orthu a bhí san athbhreithniú agus nach mbeadh siad ag glacadh páirte ann ar chor ar bith.

Géarchéim airgid san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh

Ar lean ó leathanach a haon

Is beag am atá acu anois leis an Ionad agus na seirbhísí a tharrtháil; bhí cruinniú ceaptha a bheith ag lucht stiúrtha an Ionaid leis an mbanc i lár na seachtaine seo.

Tuigtear go raibh cúrsaí airgid faighte chomh dona agus go raibh baol ann nach mbeadh téagar i seiceanna airgid agus iad á sóinseáil.

Tar éis an chruinnithe bunaíodh Coiste Airgeadais agus seisear ball air - Odí Ní Chéilleachair, Gormfhlaith Ní Thuairisg, Ailbhe Ní Raighne, Joanna Ní Chadhain, Toner Quinn agus Treasa Uí Lorcáin.

Tá litir curtha amach acusan anois faoi chruachás an airgid agus é ráite nach bhfuil an deis ann anois le cabhair a fháil ó eagraíochtaí Stáit i gcás mar seo.

"Dá bhrí sin, má tá muid ag iarraidh go mbeadh borradh faoin Ionad Tacaíochta Teaghlaigh, caithfimid brath orainn féin mar thuismitheoirí agus mar phobal. Is fúinn atá sé."

Tá cheithre scór gasúr ag baint leasa as na seirbhísí san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh in Indreabhán.

Tá trí rannóg sa naíolann do ghasúir idir sé mhí agus ceithre bliana. Tá cúpla seisiún naíonra ann do ghasúir réamhscoile agus tá áiseanna teacht le chéile agus spraoi do ghasúir ar an láthair freisin.

Chosain forbairt an Ionaid cuid mhaith de €4m - an chuid is mo de curtha ar fáil ag rannóga Stáit. Osclaíodh é dhá bhliain ó shin.

Ach bhí ar an gcomhlacht a bunaíodh leis an Ionad a reachtáil iasacht bhainc a thógáil freisin; ní raibh aon tsuim láidir airgid bailithe go háitiúil.

Tuigtear gur tuairim is €20,000 a bailíodh ar chrannchur a bhain le tógáil an Ionaid.

Ach bhíothas ag súil go mbéifí in ann an iasacht bhainc a láimhsiú bliain i ndiaidh bliana agus an tIonad a reachtáil sa gcaoi agus go mbeadh cúrsaí airgid slán.

Taispeánann na cuntaisí is deireanaí go bhfuil an tIonad i ladhar an chasúir faoi láthair.

Chosain reachtáil an Ionaid €430,052 san mbliain airgeadais a chríochnaigh ar an 31 Lúnasa 2011 (tá díluacháil €24,126 san áireamh ansin). €292,000 an t-ioncam a bhí ag an Ionad don bhliain. Bhí tuarastal ar an gcostas ba mhó - 76% den iomlán.

An tIar-Aire Gaeltachta Pat Carey agus iar-chathaoirleach an Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Caitlín Nic an Ultaigh taobh amuigh den ionad in Aibreán 2010. [PIC : SEÁN Ó MAINNÍN]

Bhí an tuarastal ag cosaint os cionn €27,000 in aghaidh na míosa sna cuntaisí is deireanaí atá feicthe ag Gaelscéal - sin i gcomparáid le €21,000 in aghaidh na míosa in 2010. Ach bhí an tIonad ag tosnú amach an uair sin.

Tá an chosúlacht ar na cuntaisí go raibh Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Teo - ainm cláraithe an chomhlachta atá ag láimhsiú an Ionaid - ag brath ar chúnamh ó fhoinsí taobh amuigh den bhanc. San mír faoin teideal "Creidneoirí (Gearrthéarmach)", tá sé tugtha síos go bhfuil iasacht le n-íoc ar ais le Stiúrthóir ar fiú €13,850 é.

Bhí €291,000 uilig dlite do "Creidneoirí (Gearrthéarmach)" de réir na gcáipéisí cuntais a síníodh thar ceann an chomhlachta ar 6 Meán Fómhair 2011; bhí an banc agus ÍMAT/ÁSPC ina measc sin. Ach is minic go ndéantar íocaíochtaí mar sin de réir a chéile.

Tá iasacht eile le n-íoc ar ais le Comharchumann Shailearna Teoranta ar fiú €10,000 é. San rannóg "Creidneoirí (Fadthéarmach)" tá iasacht €50,000, atá le n-íoc le "eagraíocht áitiúil" ar cheann de na haisíocaíochtaí atá le déanamh.

Tá aird tarraingthe ag an gcruachás airgid ar an Ionad Tacaíochta Teaghlaigh i measc an phobail.

Tá an tseirbhís an-áisiúil sa gceantar do chuid mhór daoine agus glactar leis go bhfuil sí ag déanamh leasa don Ghaeilge i measc an ghlúin óig.

Ach de réir cáipéisí atá feicthe ag Gaelscéal tá duine/daoine i gceantar Chois Fharraige tar éis plé a dhéanamh ar an gcúlsráid ar chruinniú a ghairm "roimh an Nollaig" faoi bhunú ionaid nua do ghasúir... "do Ghaeilgeoirí agus do Bhéarlóirí araon."

Ní raibh muid in ann aon duine a aimsiú a dheimhneodh go bhfuil a leithéid d'iarracht ar bun áfach. Dúirt foinsí eile linn nach bhfuil aon bhaint ag ceisteanna teanga le deacrachtaí an Ionaid faoi láthair.

In agallamh le Gaelscéal nuair a ceapadh é ina bhainisteoir ar an Ionad dha mhí ó shin dúirt Seán Clancy go bhfuil éagsúlacht cumais labhartha Gaeilge ag na gasúir atá ag teacht isteach ansin.

I gcásanna áirithe adeir sé ní raibh Gaeilge ná Béarla acu; daoine as tíortha iasachta a bhí i gceist. Ach dúirt sé go mba í an Ghaeilge "teanga an tí seo."

Bhí tréimhse ann sular ceapadh Seán Clancy nuair nach raibh aon bhainisteoir ag feidhmiú go buan san Ionad mar nach raibh duine le fáil.

Ceapann tuismitheoirí nár chuidigh sin le cúrsaí an Ionaid. Tá an Coiste Airgeadais ag tosnú a gcuid gníomaíochta láithreach agus iad ag impí ar an bpobal tacú leo.

Ach tuigtear go gcaithfear eagar a chur ar an Ionad a fhágfaidh go mbeidh cothromaíocht idir an teacht isteach agus an caiteachas bliantúil.

Sin dúshlán mór i bhfianaise an chaillteanais a bhí ann sna cuntaisí is deireanaí.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 14 Deireadh Fómhair, 2011

Martin McGuinness, ar an Ghaeilge, ar an Uachtaránacht agus ar cén áit a gceannaíonn sé a chultacha

Thar aon iarrthóir eile sa rás don uachtaránacht, tá Martin McGuinness sa nuacht. Bhí Comhdháil mhór Shinn Féin ar siúl in Ostán Galway Bay, ar Bhóthar na Trá, i gCathair na Gaillimhe Dé hAoine seo caite. Sula ndeachaigh an tUasal McGuinness ar an stáitse chun óráid a thabhairt ansin, labhair sé le **Seosamh Ó Riain** ó Gaelscéal.

Rinneadh an t-agallamh seo i mBéarla taobh amuigh de chúpla focal as Gaeilge.

Ceist: Tuigtear do Gaelscéal go bhfuil tú ag iarraidh do chuid Gaeilge a fheabhsú faoin dúshlán Líofa 2015 a lainseáil an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Carál Ní Chuilín i mí Mheán Fómhair – conas atá ag éirí leat?

Freagra: "Tá mé ag foghlaim Gaeilge, ach níl mé líofa fós. Tá mé tiomáinte amach is amach do bheith rannpháirteach le roinnt daoine eile i rud a gceapaim gur smaoineamh seoigh é, agus cuireann sé ardú croí mór orm go bhfuil mórán ball sinsear den PSNI tar éis a n-ainmeacha a chur leis, an leas-ardchonstábla, Judith Gillespie, san áireamh. Is maith an tuar é do thuilleadh forbartha ar an nGaeilge sa Tuaisceart."

Ceist: An suim nua í an tsuim seo atá agat sa teanga nó an raibh sí riamh beo beathach ionat?

Freagra: "Níl ar chor ar bith. Cuirfidh mé i gcuimhne duit gur Aire Oideachais a bhí ionam ó Nollaig 1999 go Deireadh Fómhair 2002 agus rinne mé a mhór de shaincheist na Gaeilge laistigh de mo roinn. Mar a tharla, ba mise an tAire a d'ísligh an inmharthanacht de chritéar chun cinntiú go raibh sé níos éasca do chomhphobail scoileanna Gaeilge nua a oscailt, agus tá bláthú ag teacht orthu ó shin i leith i ngach áit agus iad uile ag dul ó neart go neart."

"Rinne mé níos mó don Ghaeilge i rith mo thréimhse mar Aire Oideachais ná aon Aire i stair an Stáit ó thuaidh roimh dom bheith i m'Aire. Is rud é a bhfuil mé an-phaiseanta faoi."

Ceist: I do thuairim, cén ról a bheidh ag an nGaeilge i gcaitheamh na seacht mbliana atá amach romhainn agus ina dhiaidh sin dá dtoghfaí i d'Uachtarán thú?

Freagra: "Ceapaim go bhfuil dualgas agus freagracht ar an Uachtarán chun úsáid na Gaeilge a spreagadh, agus ní raibh Gaeilge ag Máire Mhic Ghiolla Íosa, is dóigh liom fearacht mé féin, roimh a réimeas mar uachtarán, ach rinne sí an-iarracht chun Gaeilge a fhoghlaim agus í a úsáid ag ócáidí poiblí éagsúla. Bheinn chomh daingean diongbháilte agus a bhí sí, agus an-mheáite ar chinntiú go mbeadh rochtain shaor ag grúpaí Gaeilge ar an Áras ar bhonn rialta d'fhonn go bhféadfaimis úsáid na teanga a chur chun cinn."

Ceist: De réir na bpobalbhreitheanna is déanaí de chuid Ipsos MRBI/Irish Times, tá tú sa tríú háit sa rás Uachtaránachta agus is é Sinn Féin an dara páirtí is coitianta sa Phoblacht. Athruithe móra cinniúna do Shinn Féin. Céard é an chúis chuige sin, dar leat?

Freagra: "Nílim ag caint ar son Shinn Féin san agallamh seo mar níor tháinig an t-ainmniúchán ó Shinn Féin amháin ach ó na Neamhspleáigh fosta. Dá gceapfaí mar Uachtarán na hÉireann mé, bheinn i m'Uachtarán do mhuintir na hÉireann ar fad, ní le haghaidh aon pháirtí polaitíochta, agus ceapaim go bhfuil sé an-tábhachtach lena sin a dhéanamh soiléir."

"Ceapann daoine go raibh tionchar áirithe ar mo pháirt san olltoghchán Uachtaránachta ar sheasamh Shinn Féin. Bheinn níos mó den tuairim go raibh na torthaí san olltoghchán níos luaithe sa bhliain, ina raibh ardú mór millteach ar thacaíocht do Shinn Féin sa Dáil mar aon leis na taispeántais iontacha ó Theachtaí Dála de chuid Shinn Féin i dTeach Laighean, ina cúis mhór do na torthaí spreagúla a chuala muid sa phobalbhreith."

Ceist: Cén fáth ar shocraigh tú ar d'ainm a chur chun cinn don Uachtaránacht?

Freagra: "Ceapaim go bhfuil drochstaid eacnamaíoch amach is amach ar an Stát agus go bhfuil sé amhlaidh i ngeall ar leithleas, saint agus caimiléireacht gan fasach agus nuair a amharcaim ar na tuarastail, nuair a amharcaim ar na bónais, agus nuair a amharcaim ar na pinsin a bhí na daoine seo ag íoc leo féin, agus ar an toradh air sin, lena n-áirítear a míláimhseáil ar na cúinsí eacnamaíochta, agus amharcaim ar an olldífhostaíocht, amharcaim ar an olleisimirce as an oileán seo. Bíonn an-deacrachtaí ag teaghlaigh a gcuid morgáistí a íoc, bia a chur ar an mbord, a gcuid tithe a théamh. Bhí mé den tuairim go raibh sé in am do dhuine seasamh suas agus a stop a chur leis seo uilig agus dul ar tosach trí dheashampla a thabhairt."

Ceist: Mairfidh an téarma Uachtaránachta ó 2011-2018, an comóradh céad bliain 1916 san áireamh.

Céard a cheapfadh na mná agus fir a throid an tráth sin san Éirí Amach faoi Éirinn sa nua-aois agus muid ag tarraingt ar 2016?

Freagra: "Níl mé in ann, dar ndóigh, labhairt ar son daoine atá ar shlí na fírinne le fada, ach shamhlóinn gur bhfuil samhnas orthu i dtaca lenar tharla ar na saolta deireanacha seo. Is cinnte go raibh na daoine sin ar roinnt de na daoine ba mhó tírghrá dá raibh againn riamh ar oileán na hÉireann, daoine ar féidir linn a bheith an-bhródúil astu agus ceapaim gurb é an onóir is mó gurbh fhéidir linn a bhronnadh orthu ná cinntiú nach dtarlóidh ar tharla anseo le cúpla bliain anuas choíche amach anseo."

Ceist: An ann d'aon cheann stáit mórthimpeall an domhain, an monarc Briotanach san áireamh, a mbeadh deacrachtaí agat chun bualadh agus déileáil leo dá dtoghfaí i d'Uachtarán thú?

Freagra: "Rinne mé soiléir ón tús go bhfuil mé sona sásta bualadh le haon cheann stáit atá ag teacht chuig ár dtír agus atá inghlactha, ar ndóigh, do rialtas an lae agus dom féin mar Uachtarán. Agus is léir nuair a chuirtear an cheist sin, tagann sé ar ais chuig an gceist an mbeinn sásta bualadh le Banríon Shasana, agus chothaigh sé sin deacracht do Shinn Féin, mar gheall go ndéanann teaghlach ríoga na Breataine ionadaíocht ar reisimint de chuid Arm na Breataine sa Tuaisceart, agus bhí a lán nimhe ann, ina measc i nDoire ar as dom ó dhúchas. Is buncheist chonspóideach í, ach nílim ag seasamh sa toghchán seo ar son Shinn Féin, agus cuireann sé sin ar mo chumas a dhéanamh ríshoiléir do chách dá dtoghfaí mar Uachtarán na hÉireann mé, go mbuailfinn le cinn stáit, an Bhanríon Eilís san áireamh agus an Prionsa Séarlas a tugadh le tuiscint dom ó fhoinsí údarásacha gur suim leis cruinniú a bheith aige (liom), ní mar gheall ar fhrithmhilleánaú (recrimination) ach toisc go gcreideann sé go dtreiseoidh sa bhreis a leithéid an caidreamh idir an t-oileán mór agus anseo."

Ceist: Bhí tuairimíocht ann gur bhuail tú le dúnmharfóirí an Bhleachtaire-Gharda McCabe agus iad ar a dteitheadh – an fíor sin?

Freagra: "Níl sé fíor. Bréagach amach is amach. Is é sin ceann eile de na cleasa suaracha seo agus oibriúcháin bholscaireachta duibhe, ach níl unsa fírinne ann."

Ceist: I bhfianaise gur throid beirt iar-Uachtarán – Seán T. Ó Ceallaigh agus Éamon De Valera – san Éirí

Martin McGuinness ag damhsa ar Shráid na Céibhe i nGailllimh le Kevin McCormack ó Chontae an Chabháin Dé hAoine seo caite. An mbeidh McGuinness ag damhsa ar an 28ú den mhí seo agus na vótaí ar fad curtha san áireamh? [PIC: SEAN O MAINNIN]

Amach 1916, an gcuireann sé isteach ort go mbíonn do ról ceannasaíochta (san IRA) mar chuid de bheagnach gach uile phlé i dtaca le d'iarrthóireacht don Uachtaránacht, go háirithe ó na hiarrthóirí eile sa rás?

Freagra: "Bhuel, ó iarrthóir amháin eile sa rás, tugaimis cothrom na féinne don chuid eile díbh. Tá sé cloiste agam ó chairde de chuid iarrthóir amháin, níl sé cloiste agam ón iarrthóir féin. Is amhlaidh go raibh mé ag ócáid an mhaidin cheana i mBaile Átha Cliath agus bhí ceannlíne ar an Irish Times a thug le fios go raibh McGuinness neamhoiriúnach don Uachtaránacht. Agus dúirt Gay Mitchell liom "An bhfaca tú an cheannlíne sin?", agus ní raibh sé feicthe agam, agus dúirt sé "Ba chóir dom cur in iúl duit nach mise a dúirt sin.""Dúirt daoine eile ina pháirtí (páirtí Gay Mitchell), ar ndóigh, rudaí."

Ceist: Nuair a chonaic tú i mí Iúil 1971 corp Desmond Beattie a bhí 19 bliain d'aois agus an foréigean sa Tuaisceart a lean ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin, lena n-áirítear dhá théarma príosúin a chuir tú isteach, ar shamhlaigh tú riamh go seasfá don oifig is airde in Éirinn?

Freagra: "Sna laethanta sin nuair a bhí Doire i seilbh fórsa mór millteach de shaighdiúirí Briotanacha agus faoi réimeas diansmachtúil, chun lomnocht na fírinne a rá, agus mé 21 níor cheap mé go mbainfainn 25 amach choíche! Bhí an riocht chomh dona sin, agus níor smaoinigh mé air (ag seasamh don Uachtaránacht) sna laethanta sin.... theastaigh uaim bheith páirteach i bpróiseas a thabharfaidh chun deiridh na míchothromaíochtaí, an t-idirdhealú, an forlámhas, an eagóir, na coimhlintí agus an bás uile."

Ceist: D'fhógair tú dá mb'Uachtarán thú, nach nglacfá ach leis an meánphá. I do ról mar LeasChéad-Aire i dTionól Thuaisceart Éireann, níor ghlac tú ach leis an meánphá amháin fosta. Feictear go mion minic tú, ámh, san fheachtas Uachtaránachta agus tú gléasta suas i gcultacha iontach gleoite. An as do mhéanphá atá tú ag íoc astu?

Freagra: "Seo an chéad uair a chuala mé faoi sin (phléasc an tUasal McGuinness amach ag gáire). Inseoidh mé duit cá háit a gceannaím mo chuid cultacha agus is féidir leat glaoch a chur orthu amárach agus ceist a chur. Is siopa é darb ainm 'Different Class' ar Bhóthar Chathair Luail i nDoire, agus níl aon chulaith ann a cheannaím ar fiú tuilleadh agus £200 nó £250 í. Ní chaithim cultacha costasacha, agus caithfidh mé a rá gur chuir an cheist sin iontas nach beag orm!"

Ceist: Tá ráflaí ag dul thart go ndúirt Gay Mitchell i gcogar leat go díreach roimh an díospóireacht Uachtaránachta ar RTÉ nár chóir go gcuirfeadh a raibh le tarlú aon olc pearsanta ort. An fíor é sin?

Freagra: "Níl sé fíor."

Tá an chuid eile den agallamh seo le léamh ar www.gaelsceal.ie

An gcaitheann tú cuid mhór ama os comhair ríomhaire?

- seo leid nó dhó duit.

Diarmuid Ó Muirgheasa

Más oibrí oifige tú is dócha go gcaitheann tú ar a laghad cúpla uair an chloig in aghaidh an lae cois ríomhaire. I gcás daoine áirithe, d'fhéadfadh sé go héasca go gcaitheann siad sé nó seacht n-uaire an chloig ag plé le cúrsaí ríomhphoist, ag déanamh taighde ar líne agus pé rud eile a dhéanann daoine ar ríomhairí na laethanta seo.

D'fhéadfá fiú níos mó ná sin a chaitheamh - mar a chaithimse féin rómhinic - agus spriocdhátaí ag druidim leat! Fiú munar oibrí oifige traidisiúnta tú is dócha go gcaitheann tú roinnt mhaith ama leis na rudaí seo, go háirithe nuair a shuimíonn tú suas chuile nóiméad thar sheachtain nó mhí nó bhliain iomlán.

Ach cé mhéid ama atá caite agat ag foghlaim conas is fearr, go díreach, na rudaí úda uilig a dhéanamh? Agus cé mhéid ama a chuireann tú amú ag déanamh rudaí ar shlí atá i bhfad níos fadálaí ná mar is gá? Nach gcabhródh nod nó dhó, fiú leis an té eolach?

Éasca: Dar le halt a foilsíodh in The Atlantic le déanaí, ní úsáideann ach 10% nó mar sin de dhaoine an teaglaim Ctrl-F chun téarma atá á lorg acu a aimsiú i suíomh nó i ndoiciméad.

Acu siúd a bhaineann úsáid as, is deacair é sin a chreidiúint. Cad a dhéanann tú má tá doiciméad fada agat agus téarma á lorg agat ann?! An rud uilig a léamh?! Ach sin go díreach a dhéanann daoine, agus dar leis na staitisticí tá gach seans ann gur duine de na daoine sin tusa chomh maith. Brúigh "Ctrl" agus "F" le chéile, buail isteach an focal nó frása atá uait, agus déan machnamh ar na huaireanta fada a shábhálfaidh an cleas sin ort thar bhlianta uile do shaoil.

Ar an gcaoi chéanna is beag duine a bhfuil a fhios acu faoi Ctrl-Shift-T. I gcás brabhsálaithe nua (agus ní gá dóibh bheith chomh nua sin fiú - aon rud a bhí nua le cúpla bliain anuas, déanfaidh sé cúis) osclóidh an teaglaim úd an táb deireanach a dhún tú. Má úsáideann tú an brabhsálaí go rialta (agus cé nach n-úsáideann?) d'fhéadfá é sin a úsáid go héasca cúpla uair in aghaidh an lae, agus nóiméad nó dhó a shábháil chuile uair. Agus smaoinigh - cúig nóiméad chuile lá oibre, sin beagnach 24 uair an chloig thar bhliain iomlán!

Meánach: Is fiú go mór freisin iarracht a dhéanamh an méid is mó spáis agus is féidir a fholmhú ar do scáileán. Má tá tú ag obair ar netbook nó scáileán beag eile tá sé seo níos tábhachtaí fós, ach fiú ar scáileán mór is féidir táirgiúlacht a mhéadú go mór trí níos mó den scáileán a úsáid. An tslí is éasca chun é seo a dhéanamh ná F11 a bhrú. In an-chuid bogearraí (brabhsálaithe go háirithe) déanann sé seo uasmhéadú ar d'fhuinneog agus i mbrabhsálaí ar scáileán beag go háirithe déanann sé seo an-difríocht.

Ar a bharr sin, déan iarracht fáil réidh le rud ar bith atá i ndiaidh é féin a nascadh le do bhrabhsálaí taobh thiar de do dhroim. Uaireanta mothaím mar a bheadh chuile chlár atá ann anois ag déanamh iarracht a barra uirlisí nua a chur ar mo bhrabhsálaí, idir "Google Toolbar", "AVG Toolbar", "Ask Toolbar" agus leathmhilliún ceann eile.

Is fearr fáil réidh leo ar fad ar fad, ach más mian leat rud beag den scáileán a thógáil ar ais, brúigh View-Toolbars, agus bain an tic ó pé ceann nach bhfuil uait. Ar Internet Explorer seans go mbeidh ort Alt a bhrú sula bhfeicfidh tú View. Má tá Google Chrome in úsáid agus (agus ba chóir go mbeadh, dar liom) brúigh ar an bpictiúr den chastaire ar bharr ar dheis, agus uaidh sin Tools-Extensions, agus is féidir fáil réidh le rud ar bith atá i ndiaidh nascadh leis an mbrabhsálaí.

Níos deacra: Don té a chaitheann an-chuid ama le ríomhairí éagsúla, agus níos mó ná ceann amháin ag an am - má tá ríomhaire glúine agat in aice le ríomhaire deisce, mar shampla, tá cleas eile agam duit. Synergy an t-ainm atá air. Feidhmíonn Synergy thar ghréasán baile nó oibre, agus ligeann sé duit méarchlár agus luchóg amháin a roinnt idir cúpla ríomhaire éagsúil.

Tá beagán saineolas teicneolaíochta ag teastáil chun é a chur ag obair sa chéad áit, ach nuair a dhéanann tú é sin tá sé dochreidte éasca é a úsáid. Díreach inis dó cá bhfuil do ríomhairí - ríomhaire deisce ar dheis an ríomhaire ghlúine, ríomhaire glúine ar chlé an ríomhaire dheisce - agus nuair a bhogann tú an luchóg thar thaobh scáileáin amháin feicfidh tú ar an scáileán eile é de réir na rialacha a leag tú síos. Roinntear an gearrthaisce idir na ríomhairí chomh maith, ionas gur féidir go héasca giotaí beaga téacs (seoladh shuíomh idirlín, mar shampla) a chóipeáil ó ríomhaire amháin chuig an gceann eile. Má tá níos mó ná méarchlár nó luchóg amháin ar do dheasc is fiú go mór smaoineamh air. www.synergy-foss.org.

ÉIGSE AN FHÓMHAIR 2011

Agallaimh, Lúibíní, Scéaldrámaí,
Ceol agus Amhráin
in
An Chistin
18 Sr. Thomáis, Luimneach
Dé hAoine 21 Deireadh Fómhair ag 8.30in

an comhlachas náisiúnta drámaíochta

TRÁCHTAIREACHT

Ardán: Luach an róil dhaonna?

Tiarnán de Hál

Is maith mar is cuimhin liom an chéad lá go ndeachaigh mé chun cainte leis an eagraíocht One in Four. Deireadh na bliana 2004 a bhí ann, agus cé go raibh roinnt mhaith comhairle faighte agam i mo shaol go dtí sin, de dheasca bhás mo mhná céile agus m'iníne i dtimpiste chairr trí bliana níos luaithe, bhíos neirbhíseach, amhrasach, cúthaileach agus fiú náirithe go raibh an chéim áirithe seo á tógáil agam. Bhí cabhair uaim áfach, agus thuig mé go raibh sé ciallmhar í a lorg.

Is deas an feabhas atá tagtha ar mo shaol ó shin áfach, agus níl aon amhras ach gur chabhraigh sé go mór liom na gnéithe éagsúla a bhaineann le mí-úsáid leanaí faoi scáth na heaglaise, agus an taithí phearsanta a bhí agam ina leith, a phlé leo.

Ceisteanna casta, leochaileacha, íogaire a bhí i gceist, agus tá deacrachtaí ollmhóra ann d'aon duine atá ag iarraidh iad a ionramháil i gceart, toisc nach bhfuil aon áit ann dóibh sna dioscúrsaí traidisiúnta ina measc. Ba mhinic duine cosúil liom curtha go dtí teach na ngealt dá gcuirfeadh siad aon rud mí-chóir i leith na heaglaise agus 'is binn béal ina thost' an dearcadh a bhíodh go mór in uachtar dá bharr.

Tá sárobair déanta ag ceannródaithe áirithe le blianta beaga anuas áfach, agus ní amhlaidh mar atá an scéal anois. Táimid go léir níos fearr as mar thoradh ar an dul chun cinn seo, agus aithnítear go forleathan go bhfuil gá le seirbhísí comhairleoireachta inar féidir le daoine labhairt go hoscailte, gan bhreithiúnas, agus go bhfuil buntáistí móra le baint astu.

Gné lárnach den dul chun cinn atá déanta agam ó 2004 ar aghaidh ná go bhfuil máistreacht sa phleanáil teanga bainte amach agam ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, i nGaillimh. Tá go leor staidéir agus taighde fiúntach ar chúrsaí teangeolaíochta, sochtheangeolaíochta, forbartha pobail, teoiricí eagraíochta agus araile déanta mar chuid den chúrsa seo, agus tuiscintí breise faighte ina leith.

D'aon duine a thugann faoin máistreacht sa phleanáil teanga seo, ní mór anailís a dhéanamh ar eagraíochtaí cosúil le Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta, TG4, Raidió na Gaeltachta, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, Comhluadar, COGG agus araile, agus an ról atá acu ó thaobh na sochtheangeolaíochta, ó thaobh na forbartha pobail, agus eile, a fhiosrú agus a phlé go mion.

Ceann de na dúshláin atá romham anois ná conas gur féidir an taithí phearsanta, an taithí phraiticiúil, an saineolas acadúil, agus an spéis atá agam i gcúrsaí pleanála teanga a cheangal le mo ghnáthshaol. Agus tuigim nach gnáthshaol a bhíonn ag aon duine a fhulaingíonn drochíde ghnéasach ag aois óg agus ansin bás páiste mar aon le bean chéile mar

Foras na Gaeilge

dhuine fásta, ach óg fós.

Caithfear tabhairt faoin dúshlán seo áfach, agus caithfidh go bhfuil áit ann le tabhairt faoi. Caithfidh go bhfuil an taithí agus an léargas atá agam tráthúil, cabhrach agus úsáideach d'aon eagraíocht atá ag plé le cúrsaí sochtheangeolaíochta faoi láthair.

Nó an fearr do roinnt eagraíochtaí cuí an nós seanchleachtaithe sin faoin mbéal a choimeád ina thost i dtaca leis na ceisteanna seo?

Ní amhlaidh mar is fearr áfach, mar is cinnte gur fiú do scéal a insint agus a phlé, ar mhaithe leis an tsláinte agus leis an meabhairshláinte, thar aon rud eile.

Ó 2004 ar aghaidh, ag an am anchorraitheach seo i mo shaol, nuair a bhíos ag plé le ceisteanna fíorchasta a bhí fite fuaite go mór le cúrsaí sochtheangeolaíochta, ba mhór an chabhair a bhí ar fáil ón eagraíocht Conradh na Gaeilge. B'iontach an rud é go raibh fáil ar eagraíocht cosúil léi, lena bhféadfainn comhoibriú, cúrsaí éagsúla a phlé, comhairle a fháil, obair dheonach a dhéanamh, cairdeas agus comhluadar a fhorbairt, agus é seo go léir trí mheán na Gaeilge.

Teiripe den scoth, agus b'fhéidir den chineál is fearr!

Is deacair luach airgid a chur ar an ról daonna seo a chomhlíonann Conradh na Gaeilge, agus eagraíochtaí eile nach í, cosúil le Glór na nGael, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus Comhluadar, gan ach trí cinn bhreise a lua.

Le tionchar agus údarás na hEaglaise Caitlicí orainn athraithe go mór, ó aimsir bhunaithe an Stáit ach go háirithe, níl aon amhras ach go bhfuil tionchar breise á imirt ag eagraíochtaí eile, cosúil leo sin atá thuasluaite, orainn anois.

Ach cén tionchar? Agus conas gur gá dóibh athrú, mar thoradh ar an eolas atá tagtha chun solais le blianta beaga anuas?

Go háirithe leis an tuiscint atá soiléir anois, nach maith an rud é go mbeadh aon eagraíocht ag feidhmiú go rúnda, ón mbarr anuas, agus gur fearr iad a bheith fréamhaithe sa phobal, cosúil leis an gCumann Lúthchleas Gael, mar shampla.

Tá teachtaireacht anseo d'Fhoras na Gaeilge agus iad ag plé le ceisteanna a bhaineann leis an tSamhail Nua Mhaoinithe, atá go mór i mbéal an phobail le tamall anuas.

Is eagraíocht í seo atá ag plé le cúram a thagann faoi réimse na pleanála teanga, ach fós féin níl oiread is duine amháin fostaithe ag an eagraíocht, ná ar bhord na heagraíochta, atá cáilithe sa phleanáil teanga, cé go bhfuil cáilíocht sa réimse seo anois ar fáil le tamall mhaith de bhlianta.

Is féidir a bheith sách cinnte mar sin, nach daoine le saineolas i gcúrsaí pleanála teanga a tháinig aníos leis an modh oibre atá á leanúint, agus á mholadh acu faoi láthair.

N'fheadar an daoine iad a thuigeann an ról daonna, nach féidir luach airgid a chur air, ach a chomhlíonann na heagraíochtaí bunmhaoinithe atá faoina scáth, ach oiread?

Is minic daoine a fuair drochíde ag caitheamh anuas ar an eaglais le blianta beaga anuas agus iad ag iarraidh orm tacú leo mar thoradh ar mo thaithí. Ní raibh mé riamh compordach leis seo áfach, mar tuigim go bhfuil sáriarracht ar bun acu cúrsaí a chur ina gceart, go háitiúil ar aon nós.

Guím go bhfoghlaimeoidh Foras na Gaeilge agus eagraíochtaí cuí eile ceacht ón méid seo, go dtabharfar aitheantas breise don ról daonna, go mbeifear níos oscailte ag plé linn mar phobal, go ndíreofar tuilleadh ar an obair ón mbonn aníos, tábhacht an tseachadta teaghlaigh ach go háirithe, agus go ndéanfar athbhreithniú ar a gcur chuige ina leith seo go léir go pras.

CEIST na Seachtaine

Is ceart go gcuirfidh na Meiriceánaigh deireadh leis an gcogadh san Afganastáin dar le léitheoirí Gaelscéal

Katie McGreal

GO raibh míle maith agaibh as bhur gcuid tuairimí ar cheist na seachtaine seo mar gheall ar an gcogadh san Afganastáin. I ndiaidh deich mbliana ag troid, tá Osama Bin Laden marbh ach tá na Meiriceánaigh fós ag leanúint ar aghaidh leis an gcogadh.

Dar le 55% de léitheoirí Gaelscéal, ba cheart go n-imeodh na Meiriceánaigh ón tír, ach dar le 40% de léitheoirí Gaelscéal, níor cheart go n-imeodh siad go dtí go mbeidh cúrsaí slándála ar bhonn ceart cuí sa tír. Ceapann 5% de na léitheoirí nár chóir dóibh tarraingt siar a fhad is atá al Qaeda ar an bhfód. Ní raibh aon duine idir dhá chomhairle ar an gceist seo.

An tseachtain seo, ba mhaith linn do thuairimí a fháil ar chás Dana agus í sa rás Uachtaránachta.



Conas atá ag éirí le Dana sa rás uachtaránachta?

- Go hiontach, tá sí ag déanamh an-jab!
- Tá ag éirí go cuibheasach maith léi
- Go dona ar fad, ní raibh sí réidh do na ceisteanna conspóideacha ar chor ar bith, níl sí ag glacadh leo go maith ar chor ar bith
- Níl a fhios agam

Ní furasta peacaí marfacha a ghlanadh a David

Eoghan Ó Néill

'*The Fairy Woman*' a thugadh páistí na háite uirthi.

Ba nós léi na huaireanta an chloig a chaitheamh gach lá le scifleog agus le 'Fairy Liquid' ag glanadh lorg fola a shamhlaigh sí a bheith go buan ar dhoras a tí.

Bhí lorg fola ann tráth maith go leor. Fuil bheatha a mic ar scaoil dílseoirí chun báis é ar leac an dorais an bhliain roimhe sin.

Ach cé gur ghlan sí é lá i ndiaidh lae le scifleog agus lena 'Fairy Liquid', in intinn na mná sin níor imigh lorg fola a mic riamh ó leac an dorais.

Smaoiním uirthi sin nuair a chluinim David Cameron ag diúltú scun scan an fhírinne a insint dúinn faoi dhúnmharú Pat Finucane.

Níor ordaigh David Cameron a dhúnmharú.

Is fíor sin. Bhain sé le ré eile agus le daoine eile.

Ach bhí Agent 6137 ag gníomhú ar son rialtas na Breataine nuair a d'ordaigh seisean dúnmharú Pat Finucane.

Chuir Agent 6137 - Brian Nelson - grianghrafanna de Pat Finucane ar fáil don UDA agus mhol sé dóibh an dlíodóir a fheallmharú.

Bhí Brian Nelson ar phá-rolla sheirbhís faisnéise arm na Breataine.

Bhí M15 ag íoc William Stobie, an fear a chuir gunnaí ar fáil dóibh sin a scaoil Pat Finucane 12 uair sa chloigeann.



David Cameron - cén fáth a raibh ar mhuintir Finucane dul go Sráid Downing le fáil amach nach mbeidh fiosrúchán ann?

Brainse Speisialta an RUC a bhí ag íoc Ken Barrett, an fear a tharraing an truicear.

Ar iomlán na ndaoine a raibh baint acu le dúnmharú Pat Finucane bhí 28 duine acu ar an phá-rolla ag áisíneachtaí faisnéise de chuid na Breataine.

Sraithmharfóirí, mionchoirpigh, drugadóirí agus a macasamhail.

Arsa Lord John Stevens, iarcheannasaí phéas Londan, fear a dhréachtaigh tuarascáil milliún leathanach ar dhlúthpháirtíocht, "*Of the 210 people we arrested, only 3 were not agents.*"

Tugann sin spléachadh dúinn ar an domhan a bhí cruthaithe ag seirbhísí rúnda na Breataine i mBéal Feirste na 1980í-1990í.

An bhfuil amhras ar bith gur tugadh cead a gcinn do na sraithmharfóirí céanna buamaí a leagan i mBaile Átha Cliath, i Muineachán agus i mbailte eile ó dheas?

Ní raibh amhras ar an Ghiúistís Barron nuair a d'fhiosraigh seisean buamaí Bhaile Átha Cliath / Mhuineacháin. Dar leis gur cinnte go raibh dlúthpháirtíocht i gceist.

Ach lean rialtas na Breataine leis an bhréag. Dhiúltaigh siad comhaid a chur ar fáil do Barron. Níor tugadh comhaid don iar-Ghiúistís Peter Cory. Ná do dhuine ar bith de na maithe is na huaisle a rinne iarracht teacht ar an fhírinne.

Nó tá an fhírinne i bhfad níos fuiltí, níos salaí is níos scanrúla ná mar a shamhlaíonn duine ar bith againn.

Ba cheart do David Cameron an fhírinne a rá faoin ré dhorcha sin.

Ní 'ar son athmhuintearais idir phobail na n-oileán seo' ná ar mhaithe le haon chúis mhórluachach mar é.

Ach díreach chun go mbeadh faoiseamh de shórt éigin ann faoi dheireadh do leithéidí 'Fairy Woman' Bhéal Feirste. Nó mar a tharlaíonn in achan chogadh ba iad na gnáthdhaoine ba mhó a d'fhulaing.

Agus caithfidh Sasanaigh, Poblachtaigh is Dílseoirí a thuiscint go bhfuil sé thar am gur tugadh cothrom na Féinne do na daoine sin.

Dream eile atá ag lorg na fírinne ná iad siud atá i ndiaidh dul a champáil taobh amuigh den Bhanc Ceannais i Sráid an Dáma.

Bhí an t-am ann nuair ba shiombail den tsaint é puball Fhianna Fáil ag Rásaí na Gaillimhe.

Tá an puball ina shiombail anois den dóchas atá ag bunús againn go bhfuil daoine ann atá corraithe go leor chun dul amach agus tabhairt faoi shochaí nua a chruthú.

Nó is é sin atá de dhíth. Cruthú saoil is córais is luachanna nua sa tír seo.

In Éirinn an lae inniu, ar aon lá ar bith, tógfaidh na céadta duine an long is an t-eitleán agus imeoidh leo ar imirce.

Déanfar na scórtha duine a dhíshealbhú. Druidfear bardaí ospidéil agus tabharfar báta is bóthar do chúramóirí a bhfuil seandaoine is easláin ag brath orthu. Lá i ndiaidh lae. Gan stad gan staonadh.

Níl airgead ann faoi choinne na rudaí seo a deir Enda agus Eamon linn.

Ach an tseachtain seo caite d'aimsigh an bheirt acu €69,837,833 do shealbhóirí bannaí neamhurraithe thar lear.

An mhí seo gheobhaidh na sealbhóirí bannaí sin trí cheathrú billiún d'airgead na gcáiníocóirí.

Agus i stocaí na Nollag gheobhaidh siad €89,665,296.

Is éigean bunathrú ar an chóras, ar an saol, ar na luachanna atá againn.

Ní chuirfidh aon duine den seachtar atá san iomaíocht don Uachtaránacht an t-athrú sin i gcrích - cé go bhfuil siadsan ag maíomh go gcuirfidh.

Níl mórán de chumhacht ag an Uachtarán.

Ach tá tábhacht le siombalachas. Agus thiocfadh le pobal na tíre teachtaireacht shoiléir a sheoladh nuair a dhéanfaidh siad Uachtarán nua a thoghadh.

Thiocfadh leo cur in iúl don domhan go bhfuil Éire nua uathu agus Uachtarán de shaghas nua don Éirinn nua sin.

Níl mise ag iarraidh ach an méid sin féin as an toghchán seo.

Amhrán Chonamara - Fonn: "Fir an Iarthair"

Liam Ó Fiontáin

THÁINIG dlí nua isteach ins an tír seo
Nuair a bhí Michael D. ina Aire Gaeltachta sa Dáil,
Shínigh sé na cáipéisí i ngan fhios do na daoine
Agus tá Conamara ag íoc anois as dá bharr.

Bhí beagán Teachtaí i gcoinne an dlí seo
Agus tharraing sé beagáinín gleo,
Bhí an chuid eile acu gan mórán imní
Agus dúirt siad gur cuma sa diabhal leo.

Tá an caomhnú talún seo anois ag tarraingt chainte
Agus níos measa a bheas sé ag fáil
Mar tá an rialtas seo anois leagtha amach
Ar thalamh Chonamara a chur isteach uilig ann.

Bhí bóthar mór ó Ghaillimh go Conamara
Ag teastáil go géar Ie fada an lá,
Ach anois níl aon chaint air sin feasta,
Mar gheall ar chúpla frog is na ceannabháin bhan'.

Níl aon chead an fód móna a bhaint feasta
Le haghaidh do thine bhreá mhóna san oíche,
Mura bhfaighidh tú litir scríofa ón Aire
Cuir ar ais í sa bportach arís.

Tá muid ag cloisteáil scéalta nua chuile sheachtain
Faoin séarachas, na héanacha is an mhóin
Agus má thagann dáir ar bhó leat ar maidin
B'fhéidir go gcaithfeá é a inseacht don Aire roimh lón.

Anois tá dlí eile atá i bhfad níos measa
Ag teacht anuas orainn sa mullach arís,
Dabhcha séarachais atá anois againn Ie glanadh
Nó b'fheidir ceann nua a chur síos.

Ach má thagann Cigire ón Roinn chuig an teach agat
D'fhéadfadh sé a bheith sách dúr nó róghéar,
Ordú a thabhairt duit an seancheann a leagan
Agus a bheith ag fáil an dabhach nua faoi réir.

'Sé obair an diabhail anois an seandabhach a leagan
Agus tuilleadh costais orainn é a bhriseadh síos
Agus meas tú an bhfuil sé anois thar am
Éirí Amach eile a bheith in Éirinn arís?

Ach ní bheidh Conamara ina chodladh anois feasta,
Tarraingeoidh an ''cac" seo neart achrainn is gleo,
Is mura ngéillfidh an tAire níl aon amhras
Ach go mbeidh tuilleadh daoine istigh i bpríosún Mhuinseo
Agus an tIar-Aire Éamon Ó Cuív istigh leo!

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 14 Deireadh Fómhair, 2011

‘Sétanta’ ar an stáitse stairiúil nár chuala aon Ghaeilge le 25 bhliain

Concubhar Ó Liatháin

Ní raibh dráma Gaeilge ar an ardán in Amharclann na Mainistreach, amharclann náisiúnta na tíre seo, le breis is 25 bliain. Is fiú nóiméad a ghlacadh chun machnamh a dhéanamh ar an ráiteas sin - an bhféadfá a mhacasamhail a shamhlú le haon amharclann náisiúnta eile ar chlár na cruinne maidir le léirithe ina dteanga náisiúnta féin?

Ceist amaideach.

Ar aon nós, tá deireadh le teacht leis an ngorta go luath - a bhuíochas do Fíbín, an comhlacht ó Chonamara a bhfuil clú agus cáil orthu mar gheall ar fheabhas agus ar shamhlaíocht a gcuid oibre. Beidh dráma nua, Sétanta, á léiriú acu ar an stáitse stairiúil, roimh Nollaig.

Ós rud é gur cúis é seo a bhí á troid agam le tamall - gan aon bhua d’aon sórt le tuairisciú agam - ba mhór m’áthas faoin mbriseadh tríd seo. Thugas faoi ndeara go raibh feachtas bailithe airgid seolta ag Fíbín ar an idirlíon (http://www.fundit.ie/project/stanta) chun cabhrú leo ‘domhan na Gaeilge a oscailt do chách’ agus ba mhór an phribhléid agam a bheith ar an gcéad duine chun cúpla Euro a chur i dtreo na hoibre seo.

Is cuimhin liom na hargóintí ar baineadh úsáid astu chun ardán a shéanadh ar an nGaeilge - ná raibh caighdeán na dramaíochta Gaeilge ard a dhóthain, mar shampla, argóint a shéanaim nó is é a locht a laghad, agus go raibh níos mó Sínise á labhairt i mBaile Átha Cliath anois ná mar a bhí Gaeilge.

B’fhéidir é - ach ní raibh aon léiriú ar an stáitse sa Mhainistir i dteanga Shíneach ach an oiread agus ba léir domsa ar aon nós nach ar mhaithe na Sínise a bhí na cinsirí ach in éadan na Gaeilge.

Tá cuimhne agam, ag dul i bhfad siar, ar dhrámaí Gaeilge a léirigh Amharclann na Mainistreach. Is cuimhin liom Dónall Farmer agus Macdara Ó Fatharta ag teacht ar chamchuairt go Cúil Aodha lena leagan de ‘An Béal Bocht’, dráma atá thar a bheith tráthúil faoi láthair ní mar gheall ar chomóradh a bheith á dhéanamh ar chéad bliain ó saolaíodh Brian Ó Nualláin/Flann Ó Briain amháin.

Tá cuimhne agam freisin ar an leagan stáitse de ‘Caoineadh Airt Uí Laoghaire’ a bheith i mBéal Feirste uair éigin sna 90í - agus arís bhí Macdara Ó Fatharta páirteach ann. Léiríonn sin go bhfuil bréag bhunúsach ar chúl na hargóna a bhí go dtí le déanaí ar aon nós á déanamh ag an Amharclann - is é sin ná raibh ábhar d’ardchaighdeán ann le léiriú.

Tá sé ann agus fuílleach de - agus nach cuid de ghnó Amharclann Náisiúnta ar bith bheith ag cur os ár gcomhair seanchlasaicí na tíre, chomh maith le hardán a bheith á



thabhairt do shaothar nua. Ar ndóigh ní hí an Ghaeilge amháin a bhí thíos le caolaigeantacht na hAmharclainne Náisiúnta ar a ról.

Le linn dom bheith i m’iriseoir óg, na blianta fada ó shin, bhí sé d’adh orm bheith ag tuairisciú timpeall ar Lios Tuathail tráth go raibh na scríbhneoirí Bryan MacMahon agus John B. Keane beo agus ag scríobh.

Bhí cuimhne ar leith - agus cumha lena cois - ag John B. mar gheall ar dhrámaí dá chuid a bheith diúltaithe ag an Amharclann Náisiúnta siar sna 50í.

Sa lá atá inniu ann, fiú, más suim le haon chompántas aisteoireachta bheith cinnte go ndéanfaidh siad brabús ó dhráma a léiriú, bheadh saothar de chuid John B. ar bharr a liosta de dhramaí a bhainfeadh an sprioc sin amach.

Tá áthas ar leith orm gur saothar nua é seo a bheidh á léiriú ag Fíbín. De réir an ábhair bholscaireachta is iniúchadh é Sétanta ar an gcorraíol atá ag titim amach ar fuaid na cruinne - ó Bhairéin go dtí an Bhreatain - agus tá seo á dhéanamh tré shúile an charachtair ónár miotaseolaíocht, Sétanta, comhnascadh de shórt éigin idir Cúchulainn agus an Fhiannaíocht. Ceadúnas drámatúil, gan aon amhras, á shíneadh beagáinín anseo. Beidh sé ar an ardán agus faoi stiúir an amharclannaí ildánaigh, Paul Mercier, i mbéal na Nollag.

Tá cuimhne agam a bheith ag freastal ar léiriú ag Amharclann de hÍde ag compántas ildánach dramaíochta Gaeilge a ndearna Foras na Gaeilge ‘*disappearing*’ orthu, sa Phéacóg sna luath-90í ... Bhain ‘Solas Dearg’ leis an athrú cultúrtha a bhí ag titim amach sa Ghaeltacht mar gheall ar fhás thionscal na teilifíse ann.

Tá dornán compántais Ghaeilge fós ag treabhadh ghort na drámaíochta stáitse sa tír seo in ainneoin go bhfuil na haisteoirí is na scríbhneoirí ar fad fuadaithe ag TG4 - leithéidí Salamandar, Aisling Ghéar agus, gan amhras, Fíbín.

Tá sé chomh deacair orthu bheith beo is atá sé ar chompántais amharclannaíochta Béarla - ach treabhann siad leo agus tá saothar dúshlánach á chur os ár gcomhair acu.

Níl compántais ‘amaitéaracha’ i bhfad ar a gcúl - leithéidí Aisteoirí Bhréanainn is Bulfin, Cúil Aodha/Baile Mhúirne is na compántais éagsúla i gConamara a bhíonn ag léiriú dhramaí Joe Steve Uí Neachtain is Johnny Chóil Mhaidhc.

Tá léiritheoirí ar nós Liam Mhic Mhathúna, Sheáin Uí Mhorónaigh, Eoghain Uí Riada, an Athar Tomás Ó hIcí is iliomad eile tar éis a léiriú go bhfuil siad in ann léirithe cumhachtacha a chur ar an ardán go cumasach agus go healaíonta.

Nuair a léiríonn na compántais seo drámaí i nGaeilge go háitiúil, líontar hallaí agus bíonn leictreachas san aer.

Dá fheabhas an teilifís, tá teannas drámatúil ag gabháil leis an léiriú beo os comhair na súl.

Tá nós gránna a chleachtaítear i saol na Gaeilge agus is é sin a bheith ag caoineadh nach mbíonn drámaí/irisí/leabhair/nuachtáin Ghaeilge maith go leor ann chun go mbainfimís taitneamh astu - táim á rá san mar dhuine a aithníonn an drochthréith seo ann féin - agus ansan nuair a thagann ceann inár dtreo, ní bhacaimíd leis.

Ligimíd tharainn an deis freastal air nó tacaíocht a léiriú.

Níor cheart é sin a dhéanamh sa chás seo - b’fhéidir go mbeidh glúin eile caite sara mbeidh dráma Gaeilge san Amharclann Náisiúnta. Nílim ag rá nár cheart an dráma seo a cháineadh de bharr gur dráma Gaeilge é - ach ar a laghad, léirímís don Amharclann Náisiúnta go bhfuil ár ndóthain suime againn i ndrámaí inár dteanga féin le freastal orthu inár sluaite.

Is é mo bhronntanas Nollag dom féin i mbliana - taisteal go dtí an phríomhchathair le mo bhean chun freastal ar Sétanta. An bhfuil sé róluath ‘Nollaig Shona’ a bheannú dom féin go fóill?

Mallacht Midas ar an ngeilleagar

Conall Ó Móráin

Mar a deir mé go minic, agus mé ag craoladh, bíonn cúrsaí airgeadais agus airgid i gcónaí casta ar an gcaoi seo - nuair a thosaíonn tú ag tabhairt míniú ar shaincheist amháin, caithfidh tú iliomad rudaí eile a mhíniú ionas go mbeidh do fhreagra i gcomhthéacs.

Sin mar a bhíonn sé nuair a chuireann éisteoirí téacs chuig an *‘Sunday Business Show’* mar nach féidir freagra simplí a thabhairt ar a gceisteanna gan tuiscint iomlán a bheith agam ar a gcuid cúinsí. Agus ar ndóigh ní gnách do dhuine go mbíonn fonn orthu iomlán a gcuid gnó a phlé ar an aer.

Rud amháin atá cinnte faoi chúrsaí airgid phearsanta faoi láthair ná go bhfuil an-imní ar dhaoine, rud atá intuigthe, faoi cad atá amach uainn sa todhchaí maidir leis an ngeilleagar. Dá mbeadh tamaillín ann go mbeadh polaiteoirí agus eacnamaithe na hEorpa in ann aontú ar mhodh amháin chun muinín a thrasphlandú i gcnámh droma gheilleagair na hEorpa bheadh rudaí i bhfad níos gile. Ach ní mar sin atá agus muid anois ag fanacht ar chruinniú eile (an seachtú ceann?) ag an G20 ag tús mhí na Samhna chun moltaí nua tarrthála a chur os ár gcomhair.

Fad agus atá muid ag fanacht leis an fhíorbhád tarrthála eacnamaíochta sin níl daoine ag caitheamh pé airgead atá acu. Gan chaitheamh níl cáin bhreisluacha (CBL) ag teacht isteach chuig an rialtas nó níl brabach

dá dhéanamh ag siopaí ná ag déantóirí gur féidir leo breis daoine a fhostú. De bharr na heaspa fostaíochta tá imní ar dhaoine airgead a chaitheamh...agus ar aghaidh agus ar aghaidh a théann an ciorcal.

Má tá airgead agat agus mura gcaitheann tú é tá tú dá choigilt. Tá an ráta coigiltis anois níos airde sa tír ná mar a bhí sé riamh agus tá roinnt eacnamaithe ag moladh gur chóir go mbeadh plean ag an rialtas, sa mbuiséad romhainn amach, go dtabharfadh siad buntáiste éigin dóibh siúd le hairgead chun dul agus é a chaitheamh. Ach cuireann an méid sin scanradh glan amach ar ár gcuid banc mar go bhfuil an oiread sin easpa airgid orthu siúd, agus go bhfuil orthu ús ard a thabhairt chun airgead coigiltis a mhealladh chucu féin, go mbeadh géarchéim eile ann, gan aon seans in aon chor ag duine iasacht d’aon sórt d’fháil ó bhanc, dá bhfágfadh na pinginí na cuntais

Sinn Fáil, an Páirtí Poblachtánach

Páidí Ó Lionáird

In óráid dar thug Martin McGuinness, iarrthóir i dtoghchán Uachtaránachta na hÉireann, i mBaile Átha Troim Dé Luain, dúirt sé go dtuigeann sé go rímhaith an phian a ghoilleann ar íobartaigh agus ar chlanna na n-íobartach, cibé taobh den aighneas ar a raibh siad le linn na coimhlinte ó thuaidh.

San abairt chéanna, do luaigh sé iad siúd nach raibh ar cheachtar taobh den aighneas agus tá sé seo tábhachtach.

Tá sé tábhachtach go háirithe do leithéidí David Kelly, mac an tsaighdiúra Patrick Kelly a maraíodh le linn léigear tarrthála an fhir ghnó Don Tidey in aice Bhéal an Átha Móir, Liatroim in 1983.

Tá sé tábhachtach dó siúd agus do chlann Gary Sheehan, Garda faoi oiliúint a maraíodh le linn na heachtra uafáis i lár coille agus iad ag iarraidh an fear gnó a shábháil agus a thabhairt slán chuig a chlann siúd.

Ní raibh ceachtar acu, Kelly ná Sheehan, ar aon taobh den aighneas. Bhíodar faoi mhion cosanta na hÉireann ó bhagairt ó aon bhall eile, inmheánach nó seachtrach, agus b'shin a bhí ar bun acu nuair a tharla an eachtra úd nach mór 30 bliain ó shin.

Bhí a chuid focla snoite go cúramach agus iad ag teacht go tapaidh i ndiaidh do David Kelly aghaidh a thabhairt air le pictiúir a athar agus é á chur i leith McGuinness go raibh fhios aige cé a bhí freagrach as bás a athar ós rud é go raibh sé fós ar Chomhairle Airm an IRA ag an am.

Micheál Adams nó Gerry Martin, ceannaire Sinn Fáil?

Cúpla seachtain ó shin, bhíos ag scríobh sa cholún seo gurb ionann agus sárbheart an méid a bhain Sinn Féin amach le hainmniúchán McGuinness mar iarrthóir do thoghchán an Uachtaráin.

Thugas colún eile le déanaí á rá go raibh an chuma ar an scéal go raibh Micheál Martin ag faire dheireadh pháirtí Fhianna Fáil in áit a bheith á fhadú.

Tá baint ag an bpéire lena chéile.

Mar bharr ar gach teoiric chomhcheilge eile atá léite agat sa cholún seo, nó in aon fhoinse eile i mbliana, léigh ar aghaidh.

Ní dócha go bhfuil a dhóthain déanta ag McGuinness le tosaíocht i rás don Áras a bhaint amach agus má tá aon fhírinne in aon chor ins na figiúirí a bheireann na comhlachtaí pobalbhreithe chugainn, beidh an t-ádh leis teacht sa tríú háit. Is amhlaidh go ndeighleann McGuinness nó aon iarrthóir Shinn Féin toghthóirí go hiomlán - sea nó ní hea, dubh nó bán ach gan aon bhlúire liath eatarthu.

Ní dóigh liom áfach go mbeadh Sinn Féin ró-churtha amach faoi theacht sa tríú háit i rás seachtar iarrthóirí. Bheadh lorg láidir náisiúnta bainte amach ag an bpáirtí poblachtánach. Lorg atá fágtha ar lár ag an bpáirtí poblachtánach, Fianna Fáil.

Agus is as seo a eascraíonn mo chuid teoiricí comhcheilge. Lena mbotún gan iarrthóir dá gcuid féin a sheasamh sa toghchán, d'fhág Fianna Fáil scáth mór gan líonadh ina ndiaidh agus gréasán tacaíochta ar fud na tíre díomhaoin den gcéad uair i stair an pháirtí.

Ba seo an scáth a mheall Sinn Féin le teacht agus é a líonadh. Ní gá riamh an dara cuireadh chun boird a thabhairt do Shinn Féin. Beidh siad ar an tairseach romhat agus ní scríobhaim é seo mar mhasla ná mar cháineadh. A mhalairt i ndáiríre is dócha. Léiríonn Sinn féin gurb iad an t-aon pháirtí uile-oileánda dá bhfuil ann.

Uair go ndúirt maorlathas Fhianna Fáil, faoi stiúir Bhertie Ahern, go dtabharfadh an páirtí sin faoi thoghcháin ó thuaidh, bhuel tá a fhios againn cad a tharla leis an tuairim sin. Faic ach féach ar cad a bhain Sinn Féin amach idir an dá linn; ó bhuaigh Caoimghín Ó Caoláin a shuíochán in 1997, tá Sinn Féin imithe ó neart go neart.

Anois le 14 TD agus 3 Sheanadóir agus, de réir phobalbhreith na seachtaine seo caite, tá Sinn Féin anois ar an dara páirtí is mó tóir ag an pobal air, i ndiaidh Fhine Gael agus chun cinn ar an Lucht Oibre agus Fianna Fáil araon. Éacht.

An bhfuil an t-am ag druidim linn go bhfeicfimíd Fianna Fáil ag oscailt an dorais go toscaireacht faoi cheannas Gerry Adams agus iad ag lorg cónascadh an athuair, breis is ceithre scór bliain níos déanaí?

An bhféadfá a shamhlú go mbeadh Éamon Ó Cuív mar leas-cheannasaí ar 'Sinn Fáil' le Piaras Ó Dochartaigh i gceannas? I bhfírinne ní féidir liomsa ach an oiread ach tá an dá pháirtí ag treabhadh an iomaire chéanna agus níl a ndóthain achair ann dóibh.

Caithfidh ceann amháin nó ceann eile acu géilleadh. B'fhéidir go bhfuil

Cúpla seachtain ó shin, bhíos ag scríobh sa cholún seo gurb ionann agus sárbheart an méid a bhain Sinn Féin amach le hainmniúchán McGuinness mar iarrthóir do thoghchán an Uachtaráin. Thugas colún eile le déanaí á rá go raibh an chuma ar an scéal go raibh Micheál Martin ag faire dheireadh pháirtí Fhianna Fáil in áit a bheith á fhadú. Tá baint ag an bpéire lena chéile.

Micheál Martin sásta leanúint ag fógairt go bhfuil a aird dírithe ar thoghcháin áitiúla na bliana 2014, toghcháin ina mbeidh sé ar an gcúlchois is faide siar riamh acu. Ní hamháin go mbeidh gréasán an pháirtí ídithe go mór, tá an líon siúd comhairleoirí de chuid an pháirtí ídithe freisin ó 2009.

B'fhéidir nach bhfuil an smaoineamh ar chonascadh chomh hamaideach san in aon chor.

---

choigiltis seo. Mar a dúirt mé bíonn an scéal i gcónaí casta.

Tá eagla ar ghnáthdhaoine. Tá eagla orthu faoi cad a d'fhéadfadh tarlú leis na bainc. Sin a tharla nuair a bhí rith airgid ar Anglo Irish Bank, nuair a tharraing daoine na billiúin Euro amach as an mbanc beagnach thar oíche nuair a chreid siad go raibh an banc chun cliseadh. Sin an fáth céanna go bhfuil fonn ar dhaoine ór a cheannach. Ach ba chóir do dhaoine bheith an-chúramach faoi ór agus mallacht Midas a théann leis.

Má éisteann tú le cláracha ar nós Mooney ar Raidió RTÉ 1 bíonn speisialtóirí airgid phearsanta acu ar a gcuid clár go minic agus iad ag moladh airgead a 'choigilt' trí ór a cheannach. Tá dhá bhealach ann chun é sin a dhéanamh. Is féidir cáipéis a cheannach a deir go bhfuil úinéireacht agat, abair, ar luach €1,000 d'ór. An deacracht leis seo ná nach bhfuil mórán difir idir seo agus an gnáthairgead reatha idir do lámha mar go gcreideann muid gur fiú airgead an blúire páipéir sa láimh againn agus €20 scríofa air. Má tá tú amhrasach faoi nótaí airgid a bheith agat de bharr go gceapann tú go bhfuil an córas baincéireachta domhanda chun titim as a chéile ní bheadh aon chiall ann muinín a bheith agat i mblúire páipéar úinéireachta ar an gcumas céanna.

Ciallaíonn sé sin, má tá fonn ort do chuid maoine d'aistriú go hór, tá ort an t-ór fisiciúil a bheith agat chun greim daingean a choimeád air. Ach tá sé seo níos deacra ná mar a cheapfá. De réir fhigiúirí an FBI (níl a leithéid d'fhigiúirí ar fáil sa tír seo) tá méadú 51% ar ghadaíocht óir le cúig bliana anuas. Deir an FBI gur goideadh luach €1.2 billiún d'ór sa bhliain seo caite amháin agus nach bhfuair siad ach 4% den mhéid sin thar n-ais. Sin figiúr níos measa ná NAMA fiú.

Tá eagla ar ghnáthdhaoine. Tá eagla orthu faoi cad a d'fhéadfadh tarlú leis na bainc. Sin a tharla nuair a bhí rith airgid ar Anglo Irish Bank, nuair a tharraing daoine na billiúin Euro amach as an mbanc beagnach thar oíche nuair a chreid siad go raibh an banc chun cliseadh.

Má tá do chreideamh caillte agat sna bainc cén fáth go gcuirfeá do chuid óir isteach i mbosca iontu siúd. Má tá siad le cliseadh dúnfar na doirse ortsa agus ar do chuid óir. Dá bharr tá daoine dá chur i dtaisceadáin sna tithe acu. Ach má dhéanann tú a leithéid níl idir tusa agus taisceadáin oscailte folamh ach bairille gunna agus ní dóigh gur fiú an méid sin do chuid airgid. Deacracht eile le taisceadáin ná go bhfuil ort speisialtóir d'fháil chun ceann a chur isteach i do theach agus cé gur dóigh go bhfuil formhór na ndaoine a dhéanann an obair seo ionraic, an féidir riamh bheith cinnte nach bhfuil do chuid sonraí, agus suíomh an taisceadáin, dá dhíol ag duine i bpub an lá céanna a ndearnadh suiteáil air.

Seo mallacht Midas na Gréige. Is féidir le hór i bhfad níos mó deacrachtaí a chruthú ná a fhreagairt. Ach ar ndóigh tá gliondar ar ór fós mar má fhéachann tú ar chairt maidir lena luach le deich mbliana, tá luach óir i Euro ardaithe ó €300 go dtí os cionn €1,300 an t-unsa. Agus beagnach gach sórt eile infheistíochta tar éis titim go tóin poill i gcaitheamh na tréimhse céanna, tá an chuma air go bhfuil ór an-mhealltach. Ach mar atá ráite agam ó thús caithfidh tú bheith an-chúramach faoi chúrsaí airgid mar go mbíonn an scéal i gcónaí casta. Dá mbeadh ór ceannaithe agat in 1960, faoi 1970 bheadh 20% dá luach caillte agat. Dá mbeadh tú tar éis ór a cheannach in 1980, nuair a bhí luach $2395 an t-unsa air (tá na figiúirí seo ag cur an ráta boilscithe san áireamh), fiú leis an méadú millteanach a shílfeá atá tagtha ar luach óir ó shin, bheadh tú tar éis $1000 a chailliúint ar gach unsa. Seo scéal casta an óir ach scéal nach gá go mbíonn gliondar i gcónaí air.

Má tá airgead agat, agus ní mórán go bhfuil, caith roinnt de ar earraí agus ar sheirbhísí áitiúla chun cabhrú leis an dífhostaíocht. Le himeacht aimsire gheofá tú i bhfad níos mó pléisiúir agus rachmais as do mhac nó d'iníon agus iad ag obair sa tír seo ná mar a thabharfadh barra óir duit go brách.

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Acht Gaeilge Anois!

BHÍ na céadta, nó na mílte fiú de réir roinnt tuairiscí, i láthair don ócáid Cearta agus Ceiliúradh i mBéal Feirste a d'eagraigh POBAL an deireadh seachtaine seo caite.

De réir gach tuairisce, ócáid den scoth a bhí ann.

Ceiliúradh a bhí ann ach éileamh ar chearta teanga a bhí ann chomh maith - is é sin le rá Acht Gaeilge don Tuaisceart.

Gheall Rialtas na Breataine go mbeadh Acht Gaeilge ann sa Tuaisceart ag cainteanna Chill Rimhinn, ach theip orthu, go míonórach, gníomhú ar an cheist sin.

Bhris siad an gealltanas sin.

Níor réitigh Comhaontú Aoine an Chéasta ceist na Gaeilge sa Tuaisceart ná aon bhaol air agus níl todhchaí na Gaeilge cinntithe sa Tuaisceart - tá Acht na Gaeilge de dhíth MAR CHUID den réiteach sin.

Amharcaimis ar chúrsaí mar atá faoi láthair.

Tá Gaelscolaíocht faoi bhagairt, ná bíodh aon amhras faoi sin.

Tá Gaeilge coiscthe ó chomharthaí bóthair - cé go bhfuil sí le feiceáil ar chomharthaíocht in Albain agus go bhfuil an Bhreatnais le feiceáil sa Bhreatain Bheag. Sin idirdhealú leatromach lomnocht.

Tá sí coiscthe ó na cúirteanna. Sin idirdhealú leatromach lomnocht.

Is beag seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge.

An tseachtain seo, cuireadh bac ar bhall den Tionól as Gaeilge a labhairt.

Is saoránaigh den dara grád iad na Gaeil sna Sé Chontae i gcónaí - ní sé sin inghlactha. Acht Gaeilge anois.

An tSamhail Nua Mhaoinithe

DÁ mbeadh an tSamhail Nua Mhaoinithe i bhfeidhm, bheadh an streachailt ar son Acht Gaeilge a bhaint amach fágtha gan eagraíochtaí ar nós POBAL a bheith ar an talamh ag obair ar a son.

Tá todhchaí POBAL agus eagraíochtaí eile i mbaol mar gheall ar an tSamhail Nua Mhaoinithe atá molta ag Foras na Gaeilge, a mholann gur cheart go mbeadh maoiniú bunaithe ar scéimeanna seachas ar bhunmhaoiniú d'eagraíochtaí. Tá an cur chuige seo diúltaithe ag bunús na n-eagraíochtaí.

Tá anois 12 seachtainí ann le teacht ar réiteach idir na heagraíochtaí bunmhaoinithe agus Foras na Gaeilge, a bhuíoch do na hAirí Gaeltachta agus an tAire Cultúir don Tuaisceart. Ach seans nach bhfuil i gceist anseo ach bac sealadach ar an bhású?

Tá na heagraíochtaí ar an iomlán iontach mí-shásta leis an Fhoras maidir leis an dóigh ar láimhseáil siad an próiseas comhairliúcháin go dtí seo.

Táthar ag súil gur féidir leis an dá thaobh teacht ar chomhréiteach - ar mhaithe leis an Ghaeilge. Cosúil le gach scéal, tá an dá thaobh ann. Tá níos lú airgid ag Foras na Gaeilge agus cé go bhfuil ábhar maith imní ag na heagraíochtaí bunmhaoinithe, caithfidh siadsan sin a chur san áireamh chomh maith. Is féidir le gach Gael aontú gur ceart an t-airgead atá ar fáil dúinn chun an teanga a chothú, más suarach é, a chaitheamh go héifeachtach.

Mar a míníodh thuas, tá cúrsaí teanga sna Sé Chontae an-difriúil ó stádas na Gaeilge ó dheas. Mar sin, ba cheart don Fhoras dianmhachnamh a dhéanamh faoin chineál oibre atá le déanamh ag eagraíochtaí sa Tuaisceart agus sin a chur san áireamh agus an tSamhail nua á bunú.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

Conspóid Chlár na Leabhar Gaeilge

A dhuine uasail,

Tréaslaím dóibh as freagraí a fháil ó Chlár na Leabhar Gaeilge (Gaelscéal: 7/10/11).

Gineann na freagraí sin roinnt ceisteanna breise, áfach, maidir le Scéim na gCoimisiún agus le Ciste na Gaeilge go ginearálta.

Luadh sna freagraí go raibh "gearradh suntasach (suas le 25%) déanta ar bhuiséad Chlár na Leabhar Gaeilge".

Lean an t-airgead, a mholtar dúinn i gcásanna mar seo. Tagann an maoiniú do Chlár na Leabhar Gaeilge (CnLG) ó Chiste na Gaeilge, agus tagann an t-airgead do Chiste na Gaeilge ón Chrannchur Náisiúnta.

Ós amhlaidh nár tháinig laghdú de 25% ar dhíol ticeád don Chrannchur Náisiúnta, ar mhiste le duine éigin i bhForas na Gaeilge a mhíniú cén bunús atá le gearradh 25% ar mhaoiniú do CnLG?

I bhfreagra eile, maíodh nach mbeadh aon chinnteacht ann go bhfoilseofaí leabhar faoi Scéim na gCoimisiún muna raibh páirt ag foilsitheoir in iarratas a chur isteach ar an scéim.

Mhaígh mé féin i mo chéad litir go bhfuil scríbhneoirí dána go leor le dul i dteagmháil le foilsitheoirí más amhlaidh go n-éiríonn leo coimisiún a fháil faoin scéim, agus gur cheart mar sin iarratas a ghlacadh ó scríbhneoirí iad féin gan iallach a bheith orthu comhshíniú a fháil ó fhoilsitheoir roimh ré.

Má bhíonn Foras na Gaeilge imníoch i ndáiríre faoi 'chinnteacht' foilsithe, ná déanaidís dearmad go bhfuil comhlacht foilsitheoireachta dá chuid féin acu, mar atá An Gúm. Sa chás nach n-éireodh le scríbhneoir buacach foilsitheoir a aimsiú dá choimisiún, bíodh socrú ag Foras na Gaeilge go bhfoilseoidh An Gúm an leabhar. An bhfuil sin cinnte go leor?

Maidir le Darach Ó Scolaí agus 'na míthuiscintí' a luann sé faoi Scéim na gCoimisiún, ní fheadar cé aige go díreach a bhfuil na míthuiscintí sin.

Ar shuíomh Idirlín CnLG (http://www.gaeilge.ie/clarnaleabhargaeilge), tá eolas fá scéimeanna áirithe, ina measc Scéim na Foilsitheoireachta agus Na Scéimeanna Scríbhneoireachta.

Is go soiléir faoin teideal Na Scéimeanna Scríbhneoireachta atá Scéim na gCoimisiún luaite. Ní fhaigheann an foilsitheoir ach €500 mar tháille riaracháin as gach leabhar a fhoilsíonn sé faoin scéim: ní mórán de "dheontas don fhoilsitheoir" é sin.

Le meas
Philip Cummings
Droim Réamoinn,
Tuam,
Co Aontroma

Ní beidh foirgneamh nua in ann Compántas na Taibhdheirce a shábháil

A Eagarthóir, a chara,

Déanaim tagairt den alt 'Taibhdhearc na Gaillimhe gan Stiúrthóir Ealaíne arís' a bhí san eagrán 7 Deireadh Fómhair. Cén sórt seafóid chainte a bhí ag Séamus Ó hAodha maidir le feachtas mór bailiúcháin airgid? Ní raibh aon rud acu taréis ceolchoirm Na Dubliners.

Is oth liom a rá nach mbeidh foirgneamh nua in ann Compántas na Taibhdheirce a shábháil.

Deir an chritic drámaíocht Christie Fox go gcaithfear Amharclann, Amharclann Náisiúnta go háirithe, a stíl a fhorbairt agus a athrú an t-am ar fad chun an bheocht a choinneáil. Níl seo ag tarlú sa chás seo, tá an iomarca smacht ag bord na stiúrthóirí ar chúrsaí ealaíne san Amharclann. Bhí polasaí ealaíne an-mhaith i rith réimse Mhac an Iomaire. Fuair sé réidh leis na hOperas agus seónna Seoda agus gearradh siar ar an méid drámaí a cuireadh ar stáitse sa bhliain. Bhí an Taibhdhearc in ann a bheith dírithe níos fearr ar chaighdeán na seónna de bharr sin ach anois tá siad bailigh ar ais ag déanamh Operas agus seónna Seoda. Cén fáth an chéim siar seo? Molaim athbheochan a dhéanamh ar bhaill an bhoird agus fuil nua a tharraingt isteach sula mbeidh deireadh iomlán leis an Taibhdhearc.

Mise le meas,
Drámadóir mhí-shásta
(ainm leis an eagarthóir)

Dílseacht Dana

A chara,

Seo í a leanas, roinn den mionn dílseachta a chur Dana faoi, nuair a ghlac sí saoránacht SAM.

"I hereby declare, on oath, that I absolutely and entirely renounce and abjure all allegiance and fidelity to any foreign prince, potentate, state or sovereignty, of whom or which I have heretofore been a subject or citizen"

Anois, 'sí Dana duine dos na iarrthóirí d'Uachtaránacht na hÉireann. Mar Uachtarán, bheadh Dana ina Céad Saoránach, ach nár shéan sí an tír seo nuair a chuir sí, í féin lena saorthoil, faoin mionn dílseachta tír iasachtach.

Níl an seasamh (morálta) Dhana inchuibhrinn le hard-oifig an Uachtaráin.

Déan beart de réir do bhriathar.

Mise, le meas
Daithí de Paor,
Douglas,
Cathair Chorcaí.

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Corp Chiaráin Uí Chonghaile le tabhairt ar ais go hInis Meáin

Áine Ní Chuaig

TÁ súil le corp Chiaráin Dara Uí Chonghaile ar ais ina bhaile dúchais in Inis Meáin trathnóna inniu, áit a gcuirfear é i gcré na cille. Bhásaigh an fear óg 36 bliain d'aois i mBostún ar an Luan seo caite nuair a scaoileadh urchar leis ar a bhealach abhaile ó fhéile ceoil ghaelaigh.

Tháinig na Gardaí ar a chorp ar thaobh na sráide ar Ascaill Nahant, tar éis dóibh glaoch éigeandála a fháil ag a haon a chlog ar maidin. Caitheadh le hurchar sa chliabhrach é agus deimhníodh gur maraíodh ar an toirt é.

Tuairiscítear go raibh na sluaite thart sa cheantar don fhéile ceoil in Adam's Corner agus is ag siúl abhaile ón ócáid seo a bhí Ó Conghaile nuair a tharla an eachtra thragóideach. Ceaptar go raibh sé de mhí-ádh ar an bhfear óg a theacht ar robálaithe ach níl sé seo deimhnithe ag na húdaráis go fóill.

Bhí aon bhliain déag caite ag Ciarán Dara Ó Conghaile ina chónaí i mBostún, ag obair mar thógálaí san earnáil thionsclaíoch. Bhí cónaí air i mbloc árasán ar Ascaill Nahant, sráid chiúin gar do Adam's Corner in Dorchester. Tá sé ráite gur ceantar sábháilte é ina bhfuil gardaí agus fir dhóiteáin go leor ina gcónaí.

"Baineadh croitheadh mór as chuile dhuine anseo," a deir Maria Ní Chonghaile as Conamara, atá ina cónaí i mBostún le roinnt blianta anuas. "Tá cara mór caillte againn agus beidh cathú mór ina dhiaidh. Ba leaid fíor-álainn é Ciarán. Fear séimh, suáilceach, cineálta, an-fhear oibre agus meangadh gáire i gcónaí air."

Deir Tarlach de Blácam ó Chomhlacht Cniotála Inis Meáin gur oibrigh Ciarán ansin ar feadh cúpla bliain sula ndeachaigh sé go Meiriceá. "Ba leaidín cliste agus gealgáireach é ach bhí sé ag iarraidh imeacht agus an domhan a fheiceáil. Is buille uafásach é seo dá mhuintir agus don oileán ar fad."

Bhí an fear óg ina chónaí go mídhleathach i Meiriceá, mar atá go leor eile, agus níor fhéad sé a theacht abhaile le deich mbliana anuas ar fhaitíos nach ligfí isteach sna Stáit Aontaithe arís é.

Rinneadh corp Chiaráin a thórramh in West Roxbury ar an gCéadaoin agus ceiliúradh Aifreann dá anam inné i séipéal Naomh Marcas, Dorchester, áit ar bhailigh slua mór gaolta agus cairde don ócáid bhrónach. Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Consalacht na hÉireann i mBostún ag cabhrú le muintir Uí Chonghaile corp Chiaráin a thabhairt abhaile go hÉirinn.

Maireann a mháthair Anna, a athair Michael, a dheartháir Pól agus a bheirt dheirfiúr, Mary-Anne agus Deirdre. Seo an dara tubaiste a tharla i gclann Uí Chonghaile.

Bhásaigh Michael, deartháir níos sine le Ciarán, nuair a scuab maidhm thoinne amach sa bhfarraige é ag céibh Inis Meáin thart ar deich mbliana ó shin. B'shin an uair dheireanach a thug Ciarán cuairt ar an mbaile.

An Cheathrú Rua

'Craoltóir Ceoil na Bliana' tugtha do Bharbara Nic Dhonnacha

Katie McGreal

BHUAIGH Barbara Nic Dhonnacha ó iRadio 102 - 104fm, arb as an gCeathrú Rua di, 'Craoltóir Ceoil na Bliana' sna PPI (Phonographic Performance Ireland), Duaiseanna Raidió, ar an Aoine seo caite. Tháinig Ray Foley agus Tony Fenton ó Today FM sa dara agus sa tríú háit. Bhí Dave Moore agus Dermot Whelan ó 98fm ainmnithe sa rannóg.

"Bhí an-ionadh orm! Tá a fhios agam gur chuir mé an-obair isteach ach fós fhéin níor cheap mé ar feadh soicind go raibh seans mé a thíocht sa gcéad áit," a deir sí.

Bhí meascán de Bhéarla agus Gaeilge san iontráil a chuir sí isteach.

Is féidir Barbara a chloisteáil gach tráthnóna ó 6in ar The Rush Hour nuair a phléann sí ceol an lae.

Bhuaigh Eilish de Barra ó RedFM i gCorcaigh 'Craoltóireacht le Gaeilge' dá clár 'Samhlaigh'.

Faigheann Colm Biggins ó Mhaigh Cuilinn na Gaillimhe, barróg, agus a leabhar, "Binjí" Madra ar Strae", sínithe chomh maith ag an údar, Patricia Forde i Leabharlann na Cathrach, Gaillimh, Dé Sathairn seo caite. D'fhoilsigh Futa Fata an leabhar agus ba é Leo Moran ón mbanna, 'The Sawdoctors' a rinne an seoladh. PIC: SEÁN Ó MAINNIN

An Spidéal

Caifé na Bliana buaite ag Builín Blasta

Áine Ní Chuaig

TÁ comhghairdeas tuillte ag caifé i gConamara, a bhfuil Gradam an Chaifé is fearr bainte amach acu ó Georgina Campbell.

Tá an Builín Blasta lonnaithe i gCeardlann an Spidéil agus á rith ag an gcócaire Jamie Peaker ón Nua-Shéalainn le trí bliana anuas.

Chaith an tUasal Peaker dhá bhliain ag obair sa bhialann cháiliúil 'The Ivy' i Londain sular shroich sé Conamara.

Seo an chéad uair do Ghradam Georgina Campbell bheith á bhronnadh ar chaifé agus tá áthas an domhain ar Jamie Beaker gur Builín Blasta a bhuaigh an gradam nua ina chéad bhliain.

"Tháinig sé seo aniar aduaidh ar fad orm ach is scéala iontach é," a deir Beaker le Gaelscéal. "Chuaigh mé go Baile Átha Cliath ar an Mháirt, gan súil ar bith agam céard a bhí

Comórtas

Tá seacht dticéad teaghlaigh le buachan do na léiriúcháin Clann Lir agus Silver Tree a bheidh ar siúl in Amharclann na Cathrach i nGaillimh agus Seanscoil Sailearna in Indreabhán Dé Máirt 18ú Deireadh Fómhair.

Freagair an cheist thíos agus seol d'ainm agus sonraí teagmhála chuig: eolas@gaelsceal.ie

Ceist: Cén comhlacht atá mar phríomhurraitheoir ar Fhéile Babaró i mbliana?

Spriocdháta: an Luan 17ú Deireadh Fómhair ag 12 meán lae.

romham agus bronnadh an Gradam orm ag ócáid a bhí ar siúl i gceanncheathrú Bord Bia!"

Tá réimse leathan bia bhlasta d'ardchaighdeán ar fáil sa chaifé, ó phíotsa baile go cácaí éisc. Tá cáil ar an chaifé don bhácáil bhaile a chuireann siad ar fáil agus, le tamall anuas, déantar seacláid lámhdhéanta ar an láthair. Déanann siad a gcuid blastáin agus seatnaí tuaithe féin agus is féidir iad a cheannach le tabhairt abhaile.

Mar a thugtar le fios in ainm an chaifé, tá an tUasal Peaker go mór ar son na Gaeilge. De bharr go bhfuil sé lonnaithe sa Ghaeltacht, creideann sé go bhfuil sé tábhachtach tacú, a mhéid is féidir, leis an teanga.

Is Gaeilgeoirí líofa ar fad atá fostaithe sa chaifé agus déanann Jamie féin iarracht focal amháin nua a fhoghlaim chuile lá. D'éirigh le Builín Blasta áit a bhaint amach sa Chaoga Gnó is fearr le Gaeilge an bhliain seo caite.

"Tá sé iontach aitheantas mar seo a fháil ar do chuid oibre tar éis trí bliana ag cur seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil," a deir an tUasal Beaker le Gaelscéal. "Beidh sé go breá an phlaic a bheith crochta againn ar an mballa le taispeáint gur thug cuid de na criticeoirí bia is fearr sa tír breithiúnas dearfach ar an chaifé." Bíonn an Builín Blasta ar oscailt ó Mháirt go hAoine 10-5in; Satharn agus Domhnach 11-5.00in. Bíonn an caifé dúnta ar an Luan agus tógann siad sos ar feadh mí iomlán i mí Eanáir gach bliain. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an chaifé ag an uimhir (091) 558559 nó téigh chuig an suíomh www.ceardlann.com

Cathy & Peadar O'Toole as Inis Tuirc a bheidh le feiceáil sa chlár 'Ceol na nOiléan' ar TG4, Dé Domhnaigh 16 Deireadh Fómhair ag 10.00i.n. Tugtar léargas ar an stair a bhaineann le traidisiún ceoil agus siamsaíochta oileáin sa chlár seo.

Cathair na Gaillimhe

'Níl muid ag iarraidh seó aeir' – GAAW

Áine Ní Chuaig

DE bharr timpiste seó aeir a tharla ins na Stáit Aontaithe le déanaí, tá iarrtha ag GAAW (Galway Alliance Against War - Gaillimh in aghaidh na Cogaíochta) nach mbeidh aon taispeántas míleata mar chuid de Rás Aigéin Volvo i nGaillimh in 2012.

Tá an eagraíocht den tuairim go dtugann taispeántais den chineál seo onóir don chogaíocht.

"Maraíodh deichniúr in dhá thimpiste ag seó aeir i Meiriceá le déanaí agus cuireann sé sin in iúl dúinn arís an dainséar marfach a bhaineann leo," a deir Treasa Ní Cheannabháin ón ngrúpa 'Gaillimh in aghaidh na Cogaíochta'. "Níl sé ach roinnt seachtainí ó shin ó tharla timpiste eile cosúil leis in Bournemouth Shasana, nuair a maraíodh píolóta Red Arrows. Ba chóir dúinn a bheith buíoch nach bhfuil seó aeir Bhóthar na Trá ar siúl feasta."

Tá achainí déanta ag GAAW ar Fintan Healy, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Rás Aigéin Volvo, a bheith ar a aire i dtaobh na dtubaistí seo, agus gan cuireadh a thabhairt an bhliain seo chugainn d'aon dream a chuirfeadh taispeántas cogaíochta ar siúl.

Creideann GAAW nach bhfuil baint ar bith ag na taispeántais chogaíochta seo, a chruthaíonn truailliú timpeallachta agus fuaime, le himeacht síochánta mar Rás Aigéin Volvo, atá ceangailte leis an nádúr agus leis an gcultúr.

"Níor cheart go mbeadh píolótaí agus eitleáin a mharaíonn páistí san Iaráic, sa Phailistín, san Afganastáin agus sa Libia ag cur siamsaíochta ar fáil anseo do pháistí sin againne," a deir Ní Cheannabháin. "Cultúr na mbád is na mbádóirí atá dhá cheiliúradh againn i Rás Aigéin Volvo, ní eitleáin chogaíochta."

Níl an eagraíocht 'Let's do it Galway' in ann a dheimhniú fós an bhfuil seó aeir le bheith mar chuid den chlár acu do chríoch Rás Aigéin Volvo i nGaillimh i mí Iúil seo chugainn.

Féile Babaró

Áine Ní Chuaig

REÁCHTÁLFAR Féile Babaró i nGaillimh ón 16-23 Deireadh Fómhair agus tá clár leathan d'imeachtaí spleodracha leagtha amach acu do pháistí arís i mbliana, idir dhrámaíocht, phuipéadóireacht, scéalaíocht, cheol agus damhsa. Tá Babaró ar an príomh fhéile sa tír a dhíríonn isteach go hiomlán ar na healaíona do ghasúir.

Mar chuid de chlár Gaeilge na féile i mbliana, tá dhá léiriú de chuid Branar Téatar, comhlacht atá ag ceiliúradh deich mbliana ag cruthú drámaíochta do dhaoine óga.

Tá 'Clann Lir' tógtha ón seanscéal clúiteach a insíonn faoi ghrá athar dá pháistí. Insítear an scéal draíochta seo le puipéadóireacht, íomhánna fuinniúla agus ceol beo nua-chumtha. Feileann an léiriú seo do ghasúir idir 6 agus 10 mbliana d'aois agus beidh sé le feiceáil in Amharclann Halla na Cathrach ar 17-19 Deireadh Fómhair.

Sa léiriú 'MISE, Scéal Cailín' insítear scéal cailín bhig nach bhfuil in ann codladh agus na heachtraí ar fad a bhíonn aicí ar thóir bealaigh le titim ina codladh. Tá puipéadóireacht agus ceol beo meascaithe tríd an léiriú seo atá feiliúnach do ghasúir os cionn seacht mbliana d'aois. Léireofar é in Amharclann Oileán Ealtanach ó 16-23 Deireadh Fómhair.

Tá imeachtaí uile na féile le fáil ag www.baboro.ie agus is féidir ticéid a cheannach ó Amharclann Halla na Cathrach ag (091) 569777 / www.tht.ie

Tá ticéid bronnta ag Baboró orainn do léitheoirí Gaelscéal. Féach ar an chomórtas ar leathanach 13!

CO. MHAIGH EO

Gradam na Gaeilge 2011

Áine Ní Chuaig

NÍL ach seachtain fágtha chun ainmniúchán a sheoladh isteach do chomórtas Phearsa na Bliana Mhaigh Eo (REHAB). I measc na ngradam a bhronntar tá Gradam na Gaeilge, a thugann aitheantas do shár-iarracht leanúnach atá á déanamh ó thaobh chur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir i gCo. Mhaigh Eo.

Is féidir duine aonair nó comhlacht i gContae Mhaigh Eo a ainmniú, a bhfuil obair thairbheach déanta acu agus spriocanna bainte amach acu ina bpobal féin. Tá an páipéar ainmniúcháin le fáil ag an nasc www.mayococo.ie agus tá go dtí Dé hAoine 21 Deireadh Fómhair chun ainmniúchán a chur ar aghaidh.

Ba í Úna Ní Ghabhláin a bhain Gradam na Gaeilge amach anuraidh. Bhí Úna ar dhuine de bhunaitheoirí Chraobh Chonradh na Gaeilge i gCaisleán an Bharraigh in 1965 agus tá sí ag cur na teanga chun cinn le blianta fada. Bíonn sí gníomhach in imeachtaí agus tionscnaimh go leor ar nós dhrámaíocht na Gaeilge sa chontae agus tá baint mhór aici go háirithe le Scoil Raifteirí agus Ionad RTÉ Raidió na Gaeltachta i gCaisleán an Bharraigh.

Fógrófar buaiteoir an Ghradaim ar an Déardaoin 27 Deireadh Fómhair agus bronnfar an duais ag ócáid mhór in Óstán an Castle Court i gCathair na Mart ar an Aoine 25 Samhain 2011.

Seisear mór le rá ag ócáid Subhóró

Róisín Ní Éalaí

D'ÉIRIGH thar cionn leis an Éigse Ealaíon a bhí ar bun in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Cheathrú Rua an deireadh seachtaine seo caite. Is é an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, a d'oscail an Éigse seo a bhí ar an gcéad cheann a d'eagraigh an cumann Subhóró.

Tugadh cuireadh do phainéal aoichainteoirí ó earnáil na cumarsáide le labhairt leis na mic léinn faoin bhforbairt a tháinig orthusan agus iad ina mic léinn agus faoin tábhacht a bhaineann le bheith gníomhach agus páirteach i saol na hollscoile. Orthusan a labhair faoin ábhar seo bhí Eimear Ní Chonaola, Nuacht TG4; Eibhlín Ní Chonghaile a chuireann an clár Iris Aniar i láthair ar RTÉ Raidió na Gaeltachta; agus Lisa Madden, iarmhac léinn de chuid an Acadaimh agus atá anois i mbun oibre le Gaelchultúr. Bhí an scríbhneoir Ógie Ó Céilleachair, as an Rinn, Port Láirge ann freisin, múinteoir a bhfuil leabhar nua foilsithe aige dar teideal Cúpla atá dírithe ar dhéagóirí, chomh maith le scríbhneoir agus stiúrthóir na sraithe Corp & Anam ar TG4, Darach Mac Con Iomaire.

Labhair na haíonna faoina gcuid taithí ar an ollscoil, na cumainn a raibh siad páirteach iontu agus cén chaoi ar chuidigh a saol ollscoile leo poist a fháil. Dúirt Eimear Ní Chonaola, Nuacht TG4, gur cheart do mhic léinn óga an lae inniu a bheith oscailte, fiosrach, ceisteach agus d'inis gurbh í sin an chomhairle a fuair sí féin ó Ollamh Dlí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus í ar an ollscoil.

Luaigh an Coimisinéir Teanga na dúshláin atá romhainn don Ghaeilge mar theanga chumarsáide. "Tá sé thar a bheith tábhachtach má tá daoine ag iarraidh dul ag obair i saol na cumarsáide go mbeadh Gaeilge den chéad scoth acu, caithfidh siad aird faoi leith a thabhairt ar fhoghlaim na teanga, máistreacht a fháil ar an teanga é féin mar theanga chumarsáide, a bheith iomlán líofa sa teanga. Ní ceart go mbeifeá ag súil go bhfaigheadh duine post, go háirithe craoltóireacht trí Ghaeilge, mura bhfuil togha na Gaeilge acu, ní bheidís ag súil go bhfaigheadh siad post trí Bhéarla gan Béarla den chéad scoth acu, ní chreidim gur chóir don riail bheith aon

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Cuallacht na Gaeilge Mhaigh Nuad an cumann is mó san ollscoil

Katie McGreal

CHLÁRAIGH 500 ball i mbliana le Cuallacht na Gaeilge – an cumann Gaelach in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad. Is mó é sin ná aon chumann nó club san ollscoil riamh.

I rith an tsamhraidh, bheartaigh an coiste go raibh siad chun sár-iarracht a dhéanamh an cumann a mhéadú. D'úsáid siad na meáin shóisialta, Facebook go háirithe, chun roinnt poiblíochta a dhéanamh ar an gCumann go luath. Táthar ag súil le go ndéanfaidh siad an-chuid poiblíochta i mbliana trí fhógraí agus póstaeir.

Tá neart aidhmeanna ag an gcumann ach an phríomhaidhm atá acu ná fonn a mhúscailt i ndaoine an Ghaeilge a labhairt. Táthar ag iarraidh aon fhaitíos atá ar dhaoine roimh an Ghaeilge a labhairt a ruaigeadh. Tá Jenny Ní Ruiséil, rúnaí na Cuallachta i mbliana, dóchasach go mbeadh siad in ann é sin a dhéanamh.

"Táimid dóchasach go mbeidh muid in ann an "taboo" sin a bhaineann leis an nGaeilge a scriosadh," a deir sí.

Tá coiste an chumainn i ndiaidh roinnt oibre a dhéanamh ar imeachtaí na bliana seo. I rith Sheachtain Freshers, bhí Céilí Freshers ann agus an cruinniú cinn bliana (AGM) inár dháil siad roinnt post ar bhaill nua. Chuir siad an plean bliantúil i láthair ag an AGM freisin. Chuaigh siad amach i Maigh Nuad i ndiaidh an chruinnithe.

Tá tráth na gceist, ciorcal comhrá agus oícheanta snúcair eagraithe don bhliain seo chomh maith le turas go dtí an tOireachtas i gCill Airne ag tús na míosa seo chugainn. Cé gur bhailigh an Chuallacht roinnt ainmneacha don turas sin an tseachtain seo caite tá spás fós ann. Tá neart imeachtaí eile eagraithe freisin.

Is féidir ballraíocht a ghlacadh leis an gcumann aon am sa bhliain in Aontas na Mac Léinn.

Tá 97 club agus cumann de gach saghas san ollscoil: clubanna Ultimate Frisbee, damhsa, drámaíochta, cumann Harry Potter, cumann do dhaoine a bhfuil suim acu in Disney agus neart eile.

Baile Átha Cliath

Feis na nGael sa Chlub

Katie McGreal

TÁ Feis na nGael ar siúl arís inniu agus amárach i gClub Chonradh na Gaeilge ar Shráid Fhearchair i mBaile Átha Cliath. Beidh roinnt grúpaí ceoil as Alban agus Éirinn i láthair agus stiúrfaidh Rónán Ó Riagáin ceardlann rince ar an sean-nós Dé Sathairn 10rn - 4in i gClub an Chonartha. Tá costas €20 ar an gceardlann sin.

Anocht, beidh seisiún na nGael ann le hamhránaíocht, ceol agus Gaeilge/Gàidhlig. Tosóidh sé sa chlub ag 9in agus €5 atá ar chead isteach.

Beidh oíche fhilíocht agus ceol na hAlban ar siúl Dé Sathairn ó 9in san Ireland Institute, 27 Sráid an Phiarsaigh. Is féidir ticéad a fháil, ar phraghas €10, ach scairt a chur ar 01-6704644. Tá an ócáid seo á reáchtáil i gcomhpháirtíocht leis an eagraíocht IMRAM. Beidh seisiúin neamhfhoirmiúla Éireannacha/Albanacha i gClub Chonradh na Gaeilge ina dhiaidh.

Beidh an t-amhránaí, Ceitlin Russell Smith ó Leodhais sna hOileáin Thiar in Albain ag canadh ag an bhféile in éineacht leis an bhfidléir, Lynsey MacRitchie agus an seinnteoir mileoidin, Anne Louise Stewart as Albain freisin.

Beidh an rinceoir agus an fidléir as Gaillimh, Rónán Ó Riagáin, an t-amhránaí, Máire Ní Choilm as Gaoth Dobhair, Conor Ó Braonáin agus Finn Morrison i láthair freisin.

Seo an ceathrú deireadh seachtaine den chineál seo i mbliana eagraithe ag Deirdre Nic Éanouigh. Tá súil aici ceann eile a eagrú ag deireadh mhí na Samhna chun "lucht na hAlban agus na hÉireann a tharraingt le chéile". Tá 6 cinn eile beartaithe don bhliain seo chugainn. Fuair sí tacaíocht agus maoiniú ón eagras Colmcille.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó feisnangael@gmail.com nó 087 2621537.

Agóid cosanta ag IFA

Colm Ó Broin

TÁ cosaint déanta ag Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) ar agóid achrannach a tharla i Loch Garman Dé Luain.

Chuaigh slua feirmeoirí i mbun agóide ag oifigí na Roinne Talmhaíochta i dTeach Johnstown maidir le híocaíochtaí faoi scéim chomhshaoil.

Gortaíodh oibreoir de chuid na hoifige agus feirmeoir amháin le linn na hagóide agus tógadh iad beirt chun na hotharlainne.

De réir an IFA d'éirigh feirmeoirí feargach nuair a dúnadh doirse na hoifige orthu agus iad ar tí litir agóide a chur isteach. Bhrúigh roinnt acu na doirse lena n-oscailt agus tuigtear gur ag an bpointe sin a gortaíodh an bheirt.

D'easaontaigh an IFA le cáineadh a rinne an tAire Talmhaíochta Simon Coveney gur agóid 'fhíochmhar' a bhí ann, áfach.

"Dá mba rud é gur ligeadh do na feirmeoirí an litir a thabhairt isteach, dhéanfadh siad agóid agus d'imeodh siad ansin," arsa Adrian King, Oifigeach Forbartha an IFA i Loch Garman.

"Tá aiféala orainn faoi na gortuithe a tharla ach measann muid go bhfuil áibhéal déanta orthu agus nach bhfuil aon ábhar imní ann san fhadtéarma.

"Níl aon leithscéal don mhéid a tharla, ach níl aon leithscéal ach oiread don mhoill 15 mhí atá feirmeoirí ag fanacht le híocaíochtaí faoin scéim seo."

Dúirt an tAire Coveney go n-íocfar íocaíochtaí, ar fiú €1.5 billiún iad, d'fheirmeoirí in 2011, "níos tapúla ná an bhliain seo caite, agus déanfar íocaíochtaí suntasacha faoi AEOS agus REPS roimh dheireadh na bliana."

D'aithin an tAire an ceart atá ag daoine agóid a dhéanamh ach dúirt sé go raibh an méid a tharla "thar fóir ó thaobh iompair atá inghlactha."

Dúirt na Gardaí nár gabhadh éinne ag an agóid agus nach raibh an eachtra á hiniúchadh acu.

Sraith raidió bunaithe ar Ghaeilge na hArdteiste ar RnaL

CHUIR Raidió na Life tús le sraith nua 'Gaeilge na hArdteistiméireachta' Dé hAoine seo caite agus beidh an clár ar siúl gach Aoine ag 6.30in idir seo agus 16 Nollaig.

Is sraith nua oideachasúil é le 20 clár a chabhróidh le daltaí agus múinteoirí tuiscint níos fearr a fháil ar shiollabas nua Gaeilge na hArdteiste.

Labhair Máiréad Uí Dhomhnaill faoin gcúrsa Gaeilge, na hábhair agus an scrúdú sa chéad chlár.

Anocht, pléifidh Micheál Ó Ruairc agus Áine Ní Ghlinn 'Fill Arís' le Seán Ó Ríordáin agus 'An tEarrach Thiar' le Máirtín Ó Direáin.

An tseachtain seo chugainn, pléifear 'Eiceolaí' le Biddy Jenkinson. Léifidh sí féin amach é agus déanfaidh sí cur síos ar cad a spreag í chun é a scríobh. Labhrófar faoi 'An Spailpín Fánach' freisin agus léifidh an t-aisteoir Tadhg Ó Bric roinnt véarsaí i bhfoirm fileata agus canfaidh John Spillane cúpla véarsa.

Amach anseo, labhrófar faoi Chaoineadh Airt Uí Laoghaire le hEibhlín Dubh Ní Chonaill agus Colscaradh le Pádraig Mac Suibhne. Léifidh an t-údar Éilís Ní Dhuibhne roinnt píosaí a scríobh sí agus beidh neart eile ar siúl i rith na sraithe.

Is féidir éisteacht leis ar líne ar www.raidionalife.ie ar 106.4fm nó ar phodchraoltaí a bheidh ar fáil ar an suíomh.

Baill de Chuallacht na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad ag mealladh daoine le déanaí chun ballraíocht a ghlacadh sa chumanna ar €2.

Nótaí Ráth Chairn

TÁ roinnt imeachtaí ag siúl i nGaeltacht Ráth Chairn an mhí seo.

Tá oíche mhór cheoil do dhaoine fásta atá ar chúrsa Gaeilge le Gael Linn san Áras Pobail anocht agus amárach. An deireadh seachtaine seo chugainn, tá Nickie McKiernan ag eagrú bailiúchán airgid ar mhaithe leis an gcarthanas Niall Mellon Foundation chun tithe a thógáil san Afraic. Beidh karaoke, gléasadh i mbréagéadaí agus bearbaiciú ar siúl.

Ar an Satharn, 29 Deireadh Fómhair, seolfaidh Caitríona Ní Cheannbháin a dlúthdhiosca nua ag 9.30in sa mBradán Feasa agus beidh oíche mhór cheoil agus amhránaíochta ann ina dhiaidh sin.

Táthar ag súil go mbeifear in ann ranganna Gaeilge a chur ar siúl do dhaoine fásta sa cheantar ach beidh sé sin ag brath ar an éileamh a bheidh ar ranganna.

Tá tuilleadh eolais le fáil ó Ann nó Máirín ar 046 9432381 nó rathcairn@eircom.net.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 14 Deireadh Fómhair, 2011

MUMHAIN
NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Dúshlán mór na teanga sa chóras oideachais – Aire Stáit Mac Fionnlaoich

Seán Ó Loingsigh

AGUS é ag oscailt Daonscoil an Fhómhair i nGuagán Barra an deireadh seachtaine seo caite dúirt an tAire Stáit Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, go raibh dúshlán mór romhainn sna blianta atá le teacht an taoide a chasadh maidir leis an nGaeilge sa chóras oideachais.

Bhí an tAire Stáit ag tagairt do chaighdeán na Gaeilge i measc ábhar múinteoirí atá ag teacht amach as na coláistí oiliúna.

Iar-scoláire de chuid Choláiste Íosagáin i mBaile Bhúirne ab ea Donnchadh Mac Fhionnlaoich i dtráth go raibh an tsean-mheánscoil mar choláiste ullmhúcháin le haghaidh ábhar múinteoirí.

"Is féidir liom a rá, na ceithre bliana a chaith mé ansin i gColáiste Íosagáin mar pháirt den Ghaeltacht seo (Múscraí), gur blianta maithe a bhí iontu agus gur cuireadh oiliúint mhaith orainn mar ábhar múinteoirí, go ndeachaigh muid ar aghaidh ansin go dtí na coláistí oiliúna agus go dtáinig muid amach inár múinteoirí ón nGaeltacht agus go ndeachaigh muid ar fud na tíre," a dúirt an tAire Stáit.

Mheas an t-iarmhúinteoir go raibh caighdeán iontach Gaeilge ag múinteoirí na tíre fad is a bhí na coláistí ullmhúcháin ann.

Dúirt sé leis an 60 duine a bhí i láthair ag oscailt na Daonscoile, roinnt dá chomhscoláirí óna laethanta scoile i gColáiste Íosagáin ina measc: "Ó cuireadh deireadh leis na coláistí ullmhúcháin ní shílim go bhfuil an duine anseo a bhfuil tuiscint ná eolas acu ar chúrsaí oideachais a d'aontódh nach dtáinig titim tubaisteach go maith ar chaighdeán na Gaeilge i measc na múinteoirí agus i measc na scoláirí le blianta anuas, agus níl mé ag cur an locht ar na múinteoirí ná ar na scoláirí - b'fhéidir gur ar an chóras atá an locht sin."

Ag labhairt leis níos déanaí thug an tAire Stáit Mac Fhionnlaoich le fios go bhfuil an cheist á plé ag coiste rialtais ar a bhfuil an Taoiseach mar chathaoirleach agus a bhfuil sé féin mar bhall de chomh maith leis an Aire Oideachais Ruairí Quinn.

"Tá roinnt rudaí gur féidir a dhéanamh cé nach bhfuil aon chinneadh déanta go fóill. Sílim b'fhéidir gur chóir d'ábhar múinteoirí níos mó ama a chaitheamh sa Ghaeltacht - b'fhéidir téarma iomlán a chaitheamh sa Ghaeltacht. Tá coláistí samhraidh ar fud na Gaeltachta nach mbíonn in úsáid ach cúpla mí sa samhradh agus cén fáth amach anseo nach bhféadfaidís dul agus tréimhse iomlán a chaitheamh ansin, ag dul i dtaithí ar an teanga?"

Mheas sé gur chóir "béim níos mó a chur ar an Ghaeilge" nuair a bhíonn na scoláirí ag dul isteach sna coláistí oiliúna. "Nuair a bhí na coláistí ullmhúcháin againn bhí céatadán ag dul isteach ansin a raibh an Ghaeilge beagnach ó nádúr acu - bhí cainteoirí dúchais agus daoine eile anmhaith ag an Ghaeilge. Tháinig deireadh leis sin ar ndóigh (na coláistí oiliúna) agus níor cuireadh aon rud ina n-áit."

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Tá an tOireachtas ag teacht!

SLEAMHNAÍONN an t-am ar dhaoine áirithe. Ní mar sin d'aon duine go bhfuil suim aige in Oireachtas na Gaeilge a bheidh i gCill Airne arís i mbliana. Tá amhránaithe ag cur agus ag cúiteamh ar cén t-amhrán a chasfaidh siad, lucht na scéalaíochta ag iarraidh a dhéanamh amach cad go díreach an fhoirmle le duais a bhuachaint agus lucht pinn ar dalladh ag cumadh agallamh beirte agus lúibíní. N'fheadar an ndúrt cheana é ach ta daoine i Múscraí a mheasann gur cheart sárfhoclaíocht agus doimhneacht, maraon le greann, a bheith san agallamh beirte mar go measann siad go bhfuil 'uisceálú' déanta ar an ábhar le roinnt bheag blianta. Cinnte bíonn cuid des na hagallaimh lán de ghreann, ach gan mórán substainte ag baint leo. 'Caithfear caighdeán le dealramh a bheith againn,' arsa fear acu siúd liom. An ceart mar sin comórtas eile a chruthú a bheadh bainteach scon scan le greann agus magadh? Seans go mbeadh gach duine sásta ansin. N'fheadar.

Tuigeann iomaitheoirí sna comórtais amhránaíochta ar an sean-nós na rialacha: binneas, cruinneas, soiléireacht, gan línte a bhriseadh, tuiscint agus pearsanacht maraon le béim san áit cheart. Is dócha go mbíonn na moltóirí chomh géar le seabhac i ngleann, ag faire agus ag éisteacht, ach más fíor d'údar áirithe, bhuaigh fear comórtas anuraidh agus dhá amhrán mheasctha aige. Is minic a chuireann amhránaí a chló féin ar amhrán, nó deineann sé a chuid féin de, ach dar liom má dheintear meascán, más fíor don bhfear úd, sin scéal eile agus ba chóir do na moltóirí a gcluasa a bheith ar tinneall do óspairtí mar seo leis.

Beidh scata des na hiomaitheoirí óga i rannóga na scéalaíochta agus na hamhránaíochta ag féachaint ar a chéile ar 20ú-21ú den mí seo i Músaem an Bhuailtín/Bhaile an Fheirtéaraigh. Beidh duaiseanna á mbronnadh ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne. Gan amhras is réiteach é seo do chomórtais an Oireachtais. Rud is dócha nach dtuigeann scata againn go bhfuil sár-iomaitheoirí ann agus nuair a théann siad ar an ardán chun canadh go mbuaileann faitíos, scanradh agus uafás iad. Is cuimhin liom anuraidh go rabhas ag féachaint ar shár-aisteoir drámaíochta a bhí i gcomórtas amhránaíochta ar an sean-nós agus a chan go hálainn, ach a chaill rithim sa dara amhrán.

Ach creid nó ná creid bhí an oiread líonrith ar an iomaitheoir sin gur mheasas nach mbeadh ar a cumas fiú tosnú. Tá scata mar í. Minicíocht is dócha a dhaingníonn, nó taithí a thugann máistreacht ina gcás siúd nach bhfuil féith na tiarnúlachta iontu.

Fear óg as Múrach sa Gaiety

TÁ fear óg ó Pharóiste Múrach ar m'aithne a chuala den chéad uair ag seinnt ar an gconsairtín cúpla bliain ó shin agus dúras lena athair go mbeadh trácht fós air. Ní ag iarraidh gaige a dhéanamh díom féin atáim, sa chás seo. Bhíos ag éisteacht le Cormac Ó Beaglaoi sa Gaiety ar an Satharn seo caite agus a chairde i dTaispeántas RIAN agus níl aon amhras orm ach go bhfuil sé ar dhuine des na ceoltóirí consairtín is fearr sa tír. Fear óg, láidir, socair, stuama é. Is deas gur cara Duibhneach, Liam Ó Maonlaoi, a cheap an Taispeántas atá lán de cheol. Beirt eile go bhfuil ceangal Gaeltachta acu agus a bhí go diail ná an veidhleadóir/amhránaí Eithne Ní Chatháin agus an ceoltóir binn ar an bpíb uilleann Máirtín Ó Casaide.

Foireann cispheile St Josephs i Mainistir na Féile, Luimneach ag an gcluiche ceannais i sraith na scoileanna faoi 19 sa Láthair Náisiúnta Chispheile i dTamhlacht le déanaí. PIC: BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE

Mary Davis ag stocaireacht i gCorca Dhuibhne

BHÍ Mary Davis sa cheantar an deireadh seachtaine seo caite agus ba léir go raibh an-fháilte roimpi. Bhí an lá ceart roghnaithe aici mar bhí na sluaite ó chian agus ó chongar ag freastal ar Fhéile Bia agus Fíona Chorca Dhuibhne. Bíonn polaiteoirí ag gearán go mbíonn orthu gach bóithrín ina dtoghcheantar a thabhairt orthu féin, ach cad fé shé chontae fichead? Beidh sos tuillte ag na

hiarrthóirí seo tar éis an toghcháin ach beidh ar pé duine a bhainfidh an tÁras amach dul i dtaithí na bótharachta gan mhoill. Mheas go leor daoine gur iarrthóir maith Mary Davis.

Cumann Rothaíochta Chorca Dhuibhne

MÁ tá fonn ort babhta rothaíochta a dhéanamh beidh, is léir, fáilte romhat páirt a ghlacadh in imeachtaí Chumann Rothaíochta Chorca Dhuibhne atá á fháscadh féin don aimsir fhuar. Tá sé i gceist acu mar shampla dhá thuras a bheith acu gach Satharn. Tosnóidh na turasanna, ceann ar 9rn agus an dara ceann ar 12 a chlog in aice Mairíne an Daingin. Dar le hurlabhraí gur rothaíocht ar do shuaimhneas atá i gceist. "Tá sé sláintiúil mar go meastar go mbíonn formhór gach matán agus féith i do chorp ar a dtriail nuair atánn tú ag rothaíocht," ar sé. Chomh maith leis sin is ócáid shóisialta í agus léiríonn sé gur féidir leis an rothar sos a thabhairt don ngluaisteán go minic. Aon duine go bhfuil suim aige/aici sa rothaíocht agus imeachtaí an Chumainn agus gur mian leis clárú, seol téacs le d'ainm agus d'uimhir fóin chuig Léan ag 087 9138966.

Glas ar an nGráig

BHÍ an tAire Jimmy Deenihan, TD i láthair i dTigh Áine ar an nGráig an lá cheana ag bronnadh teastas orthu siúd atá gníomhach i bhfeachtas Chorca Dhuibhne a bheith go hard i réimsí timpeallachta agus an chonair ghlas.

Bronnadh teastais ar shé ghnó agus fiche as a gcur chuige agus a gcleachtais i reimse na timpeallachta. Orthu siúd a ghnóthaigh teastas bhí Siopa Uí Lúing i gCeann Trá, Tigh Bhric, Campáil Theach an Aragail agus Iasc de Brún. Bunaíodh an eagraíocht seo Bealtaine na bliana seo caite. Orthu siúd a thug cabhair bhí MFG, Údarás na Gaeltachta agus Comhairle Contae Chiarraí.

An Chuil Ghorm feicte

BHÍ an-chaint an tseachtain seo go raibh smugairlí róin le feiscint ar thránna áirithe i gCorca Dhuibhne. Más fíor a gcloisimíd bhí smugairle cealgach, 'man of war' na Portaingéile, nó an chuil ghorm, physalia physalis, le feiscint anseo agus ansiúd. Deirtear liom nach ionann an ghoin nimhneach a gheobhfá ón ngnáthsmugairle róin agus an 'man of war' seo, ainm a baisteadh air ceithre chéad bliain ó shin. Is gnáthach gur i bhfarraigí teo a bhíonn an cladhaire seo ach gur le sruth, nó le gaoth, a ghluaiseann sé. Bíonn a leithéid le feiscint uaireanta i bhfad níos sia ó thuaidh ná Éirinn.

Má ghointear duine, deirtear gur ceart sáile a chuimilt don ngoin agus ansin uisce beirithe, a deirtear a bhaineann an nimh as an ngoin. Ach le bheith ar an dtaobh sábháilte, b'fhearr do dhuine dul fé dhéin dochtúra. Tá daoine gur chruthaigh an chealg mórfhadhbanna sláinte dóibh agus tá fodhuine a fuair bás dá bharr. Moltar gan gnáthuisce ná finéagar a úsáid sa chás seo. Rud eile, is baolach go maireann an ghoin nimhneach roinnt mhaith uaireanta an chloig i gcorp an 'man of war' seo tar éis bháis dó. Mar sin ní gá a rá le duine fanacht glan ar an snámh agus ar an dtrá go scuabann an taoide as radharc na cealgaigh Portaingéileacha.

Aon duine a bhíonn ag féachaint ar an sraith teilifise 'Bondi Beach', cloisfidh sé go leor fén gcealcach seo mar go ngointear na mílte de lucht snámha ar thránna na hAstráile gach bliain. Bíonn, gan amhras, siorcanna agus cealgairí baolacha eile ar go leor tránna ansiúd. Is ainm dúchasach 'Bondi' a chiallaíonn uisce ag briseadh ar na carraigeacha. Tá an trá sin suite timpeall ceithre mhíle lastoir de chathair Sydney.

Mar bhuille scoir, ní dea ná drochchomhartha aimsire iad siúd bheith timpeall, ach fan glan orthu.



Seán Ó Muimhneacháin ag bronnadh chóip dá leabhar véarsaíochta - Gleanntáin an Aoibhnis - ar an Aire Stáit Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, ag ócáid sheolta ag Daonscoil an Fhómhair i nGúgán Barra.
PIC: Ó LOINGSIGH

Scéalta Mhúscraí

Véarsaíocht an Mhuimhneachánaigh i nGleanntáin an Aoibhnis

Seán Ó Loingsigh

GLEANNTÁIN an Aoibhnis atá mar theideal ar leabhar nua leis an gcumadóir amhrán agus agallamh éigse Seán Ó Muimhneachán ó Chúil an Bhuacaigh i nGaeltacht Mhúscraí. Seoladh an cnuasach dá shaothar ag Daonscoil an Fhómhair i nGuagán Barra an deireadh seachtaine seo caite.

Ba é cathaoirleach choiste na Daonscoile, Nollaig Ó Donnabháin, a sheol an leabhar ag ócáid in Óstán Ghuagán Barra, mar a raibh an tAire Stáit Gaeltachta Donnchadh Mac Fhionnlaoich mar aoi speisialta.

Comhscoláirí ab ea Seán Ó Muimhneacháin agus Donnchadh Mac Fhionnlaoich i gColáiste Íosagáin, Baile Bhúirne, tráth go raibh an t-iarmheánscoil mar choláiste ullmhúcháin le haghaidh na múinteoireachta 50 bliain ó shin.

Tá an Muimhneachánach ag cumadh amhrán, dánta, agallamh beirte, ceapóg agus lúibíní le fada an lá agus tá curtha go mór aige lena shaothar cumadóireachta ó d'éirigh sé as an múinteoireacht dhá bhliain ó shin. Tá dánta dá chuid a d'aithris sé ag Dámhscoil Mhúscraí Uí Fhloinn sa leabhar chomh maith.

Tá na hamhráin i nGleanntáin an Aoibhnis le cloisint ar dhá dhlúthcheirnín atá eisithe leis an leabhar atá foilsithe ag Cló-Litríocht, fochomhlacht de chuid Bhard na nGleann i mBéal Átha an Ghaorthaidh.

Ghabh Seán Ó Muimhneachán buíochas leis na hamhránaithe atá ag canadh a chuid véarsaí sa seoid leabhair seo - Máire Ní Chéileachair, Nell Ní Chróinín, Gobnait Ní Chrualaoi, Seosamh Ó Críodáin agus a iníonacha, Nóríde agus Siobhán Ní Mhuimhneacháin.

Is iomaí duais atá bainte ag an Muimhneachánach ag an Oireachtas agus sa bhFéile Náisiúnta Drámaíochta agus bhuaigh sé comórtas d'amhráin nuachumtha as Gaeilge ag Fleadh Cheoil na hÉireann i mbaile an Chabháin i mbliana.

Maidir le Gleanntáin an Aoibhnis dúirt Seán Ó Muimhneacháin: "Chomh fada agus a d'fhéadfainn bhíos dílis do chanúint agus do nós cumadóireachta Mhúscraí. Tá meadracht rialta thraidisiúnta sna hamhráin agus i bhformhór na ndánta, le rím inmheánach go minic agus comhfhuaimeanna ceolmhara. Baineann an greann go mór leis an nós áitiúil seo agus tá an greann go láidir in a lán des na píosaí, ach is dócha go mbaineann sé le mo phearsantacht féin chomh maith. Má bhímid ródháiríre fé chúrsaí an tsaoil bíonn an saol an-leamh. Munar féidir linn gáire a dhéanamh fúinn féin anois agus arís, is duairc an saol a bhíonn againn agus más féidir linn gáire a bhaint as daoine eile, is mór an ní é. Is fearr iad a bheith ag gáire linn ná ag gáire fúinn."

Ceardlann scríbhneoireachta ag Éigse Fhilí Chiarraí

Seán Ó Loingsigh

REÁCHTÁLFAR Éigse Fhilí Chiarraí agus ceardlann scríbhneoireachta Gaeilge in Óstán Meadowlands i dTrá Lí an deireadh seachtaine seo.

Anocht (Dé hAoine) tabharfaidh an Dr Neil Buttimer ó Roinn na Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh léacht ar dhuine d'fhilí móra Chiarraí Thuaidh, Seán Ó Braonáin.

Maidin amárach (Dé Sathairn) beidh ceardlann scríbhneoireachta á reáchtáil ag an údar Micheál Ó Ruairc, an file agus an foilsitheoir Pádraig Ó Snodaigh, agus ag eagarthóir na hirise Feasta, Pádraig Mac Fhearghusa.

San iarnóin amárach nochtfar leacht cuimhneacháin sa tsean-reilig i gCathair Uí Mhóráin i gcuimhne ar an ngrianghrafadóir Tomás Ó Muircheartaigh a bhí mar Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge ó 1955 go dtí 1959. Beidh léamh próis agus filíochta ar bun san oíche amárach in Óstán Meadowlands mar a mbeidh dhá leabhar á seoladh ag na foilsitheoirí Coiscéim - Geasa agus Dánta Eile le Pádraig Mac Fhearghusa agus an t-úrscéal staire Caisleán Ghriaire le Micheál Ó Ruairc.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Oirialla

An Eaglais Shaor-Phreispitéireach ag iarraidh síneadh amach

Anton Mac Cába

TÁ an pobal Saor-Phreispitéireach is sine sa Deisceart ag cur isteach ar cead le síneadh a chur leis an teach pobail acu. Bunaíodh an eaglais ar an Droim, Co. Mhuineacháin i 1971.

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin anois ag plé leis an iarratas. Dúirt an tUrramach Larry Power gur halla de chuid na heaglaise a bheadh i gceist.

"Is ar bhonn praiticiúil é, le gur féidir úsáid a bhaint as fá choinne rudaí difriúla: imeachtaí daoine óga, dinnéar na heaglaise, seirbhisí agus seanmóireacht," ar seisean.

"Mar eaglais, táimid oscailte; tá fáilte roimh achan duine. Tá an pobal ag fás - tá idir 80 agus 90 duine ann. Is cuid de Chontae Mhuineacháin sinn."

An Lagán

An Srath Bán curtha sa Phoblacht - ag Saor-Phreispitéirigh!

Anton Mac Cába

TÁ an tEaglais Shaor-Phreispitéireach i ndiaidh an Srath Bán i dTír Eoghain a aistriú isteach sa Deisceart.

Ar shuíomh Theampall an Chonmhaigh i nDún na nGall, tugann siad seoladh an mhinistir: Rev James Porter, 68 Ballee Road, Strabane, Co.Donegal, Eire (gan an síneadh fada).

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 14 Deireadh Fómhair, 2011

Scoil Mhín na Manrach 100 bliain ar an fhód

Anton Mac Cába

BEIDH Scoil Náisiúnta Mhín na Manrach i nGaeltacht Dhún na nGall ag ceiliúradh 100 bliain a bunaithe Dé Sathairn, 22ú Deireadh Fómhair.

Léifidh an tAthair Nigel Ó Gallchóir, cathaoirleach choiste na scoile, aifreann ar 6in sa scoil.

Ansin beidh oíche airneáil, agus greim bia leis. I gcaitheamh na seachtaine beidh imeachtaí eile: picnic sna cnoic, siúlóid laindéar, agus cuairt ó lucht naíonra. Ba choiste na dtuismitheoirí, i gcomhar le foireann na scoile, atá ag reáchtáil an chomórtha.

Tá an scoil san foirgneamh céanna ó bhí 1911 ann. Rinneadh athchóiriú air agus cuireadh leis in 2008. Dúirt an príomh-oide, Bernie Ní Dhuibhir, gur chuir an comóradh an-bhród uirthi. "Beidh lámhleabhar ar díol ar an oíche le cuimhní cinn na scoile uilig," ar sise. "An scoil í féin, le hinchur ó phobal na scoile, a chuir le chéile í. Tá €10 uirthí agus í ar fáil ón scoil nó ó thuismitheoir ar bith."

Is scoil an-bheag í Scoil Mhín na Manrach. Tá seachtar daltaí ann, gur girseacha ar fad iad. Tá ceangal ag an scoil leis an stair, nó bhí an scríbhneoir Séamas Ó Grianna (nó 'Máire') ina mhúinteoir ann. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach glaoch ar 074 (ón tuaisceart 00 353 74) 9548009 nó ríomhphost a chur chuig scoilmnm@yahoo.ie

Marcas Ó Murchú, a dheirfiúr Nóirín, agus a gclanna ag ceiliúradh shaol a n-athar, Alf Ó Murchú, i gCumann i Sráid na Sceiche i mBéal Feirste le déanaí.

Féach http://www.freepres.org/church.asp?convoy

Gaoth Dobhair

Síneadh le cur le monarchan ar an Bhun Bheag

Anton Mac Cába

THUG Comhairle Contae Dhún na nGall cead pleanála do Fáisc Miotail Éireann síneadh a chur leis an aonad atá acu san eastát tionsclaíoch ar an Bhun Bheag.

Faoi láthair tá 25 duine ag obair leis an chomhlacht. Dar le doiciméid a comhdaíodh leis an Chomhairle Contae, táthar ag súil 50 a fhostú. Tá an gnó le feidhmniú 24 uair an chloig sa lá. Déanann siad páirteanna do thionscal na gcarranna.

Is iad stiúrthóirí Fáisc Miotail Éireann Brendan agus Declan Ward, go bhfuil seoltaí i Leitir Ceanainn acu. De réir na gcuntas is deireanaí a comhdaíodh, do 2010, bhí caillteanas €315,375 ag an chomhlacht. Ba laghdú sin le hais caillteanas na bliana roimhe sin, €335,994.

An Dún

Taispeántas Titanic i gContae an Dúin

Katie McGreal

TÁ taispeántas ar siúl i Músaem Daonchultúir agus Iompair Uladh i gContae an Dúin faoin Titanic faoi láthair.

Insíonn sé an chúis ar thógadar an long ollmhór agus a comhlong i mBéal Feirste agus léiríonn sé conas a bhí na daoine áitiúla in ann na longa ar chaighdeán iontach a chur le chéile. Insíonn sé roinnt scéalta pearsanta agus an tionchar a bhí ag dul faoi an Titanic in 1912 ar shaol na ndaoine áitiúla.

Tá cuid den taispeántas taobh amuigh agus is féidir dul siar 100 bliain agus fáil amach conas a bhí saol daoine an t-am sin. Rinneadar athchruthú ar ghnáthlá, imeachtaí agus scéalta na ndaoine áitiúla ag am an Titanic.

Is féidir siúl trí Bhaile Chúl Trá ó bhaile oibre an longchlóis go dtí ionad oibre an chearpantóra agus go Kelly's, an clós guail ag an am ag Loch Lao.

Is féidir triail a bhaint as roinnt feistis éagsúla agus ticéad don Titanic a phriontáil amach. Beidh roinnt daoine éagsúla ón am thart freisin agus is féidir labhairt leo faoin saol ag an am sin.

Is taispeántas do dhaoine fásta é go háirithe agus is taispeántas buan é.

An tAire Stáit Dinny McGinley ag baint triail as trealamh nua aimseartha don halla úr gleacaíochta ag Pobal scoil Ghaoth Dobhair le déanaí. PIC: TOMÁS Ó CUIREÁIN

Bealach an Eargail le sailleadh i mbliana

Danny Brown

FUAIR muintir Ghaoth Dobhair dea-scéala ó Chomhairle Contae Dhún na nGall an tseachtain seo nuair a d'fhógair an Chomhairle go mbeadh siad ag cur salainn ar bhóthar chúl an Eargail an geimhreadh seo.

Bhí sé ina chnámh spáirne idir an Chomhairle agus muintir na paróiste le cúpla bliain anuas nuair a dhiúltaigh an Chomhairle salann ar bith a chur ar an bhóthar nuair a bhí oighear agus sioc ann.

I mí na Nollag 2010 agus mí Eanáir i mbliana, chuaigh grúpa stocaireachta ó lucht gnó na paróiste go dtí an Chomhairle i Leifear tráth a bhí na bóithre sa cheantar go dona ó thaobh sneachta agus oighir de ach dúradh leo go raibh ganntanas salainn sa chontae agus nárbh fhéidir bóthar chúl an Eargail a choinneáil oscailte.

Tá sneachta agus oighear tuartha don chontae ag deireadh na míosa seo agus bhí daoine sa pharóiste buartha go mbeadh siad tréigthe arís i mbliana, ach tá an chuma air go mbeidh na bóithre is tábhachtaí sa cheantar oscailte má tá doineann ann.

D'fhógair an Chomhairle fosta go mbeadh salann agus gaineamh ar fáil i mbliana don bhóthar idir Gleann Cholm Cille agus an Charraig de thairbhe chomh hard atá sé.

Bhí deacrachtaí millteanacha ag tiománaithe sa cheantar sin anuraidh chomh maith.

Clare Bateson le Doireann Ní Ghráda-Ní Fhaoláin ag 'Cearta agus Ceiliúradh' a d'eagraigh POBAL i Margadh Naomh Seoirse, Béal Feirste an deireadh seachtaine seo caite.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Ardteistiméireacht 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Ceapadóireacht - Pleanáil agus cur chuige

Nuair a scríobhann tú aiste, alt, díospóireacht/óráid nó scéal ní mór duit úsáid a bhaint as córas pleanála agus seo á dhéanamh agat.

An chéad rud a dhéanann tú ná go roghnaíonn tú an **teideal** ar an bpáipéar scrúdaithe is mó a **oireann** duitse, sé sin an teideal **is fearr a thuigeann tú**, an t-ábhar **is mó a théann i bhfeidhm ort** agus **is mó a mhúsclaíonn fonn scríbhneoireachta ionat**.

Nuair a bhíonn do rogha déanta agat, ba cheart duit anois díriú ar chomhréir nó ar ghramadach an teidil. Tóg na teidil seo a leanas mar shamplaí:

(i) Saoirse
(ii) Saol an déagóra in Éirinn an lae inniu.
(iii) Fadhb na bochtaineachta i saol an lae inniu.

Tá formhór na marcanna ag dul do **Ghaeilge chruinn** agus do **shaibhreas na teanga**. Ar an ábhar sin tá sé riachtanach go ndéanfá iarracht mhacánta botúin ghramadaí a sheachaint.

Tóg an focal 'saoirse' mar shampla. Is ainmfhocal baininscneach é. Cuirtear 't' roimh 's' sa Tuiseach Ainmneach, Uatha, m.s., 'is deas an rud í an tsaoirse'. Seo é an Tuiseal Ginideach: 'mian **na saoirse**'. Cuirtear 'h' ar an aidiacht a leanann í: 'saoirse phearsanta'. Agus cad í an aidiacht? 'Saor' - 'is duine saor mé'; 'táim saor chun mo rogha rud a dhéanamh' srl

'Saol an déagóra' - Tuiseal Ginideach. Le haidiacht: saol an déagóra **bhoicht**'. Cad é an t-Ainmneach, Uatha? 'Déagóir'. Uimhir Iolra? 'Déagóirí'. Focail eile: 'daoine óga', 'aos óg an lae inniu', 'an óige'. Tá 'in Éirinn' sa Tuiseal Tabharthach. Cad é an Tuiseal Ainmneach? 'Éire' m.s. 'Tír bhocht í Éire anois'. Tuiseal Ginideach? 'Éireann' m.s. 'Is dream flaithiúil iad '**muintir na hÉireann**'.

An bhfuil 'fadhb' firinscneach nó baininscneach? Tá sí baininscneach. Tuiseal Ainmneach: 'an fhadhb mhór'; Tuiseal Ginideach: 'méid **na faidhbe móire**'; UImhir Iolra: 'na fadhbanna móra' srl. 'an bhochtaineacht' Tuis. Ainmneach. Aidiacht? 'bocht' - duine bocht/daoine bochta = bochtán/bochtáin srl

Plean: Ba cheart go ndéanfá an aiste a phleanáil go mion sula scríobhann tú aon rud.

Fadhb na bochtaineachta i saol an lae inniu.

1. Cad is brí le 'bochtaineacht'?
2. Conas gur fadhb í?
3. An bhfuil bochtaineacht in Éirinn?
4. Cad faoin mbochtaineacht sa Tríú Domhan?
5. An bhfuil bochtaineacht de chineál ar bith eile ann, m.s. bochtaineacht spioradálta?
6. An bhfuil réiteach ar bith ar fhadhb na bochtaineachta?
7. Achoimre ghairid ar na pointí atá déanta agat.

Nathanna agus seanfhocail úsáideacha:

- Bíonn gach tosú lag.
- Is glas iad na cnoic i bhfad uainn.
- Ní hé lá na gaoithe lá na scolb.
- Bíonn an fhírinne searbh.
- Is gaire cabhair Dé ná an doras.
- Is fearr sona ná saibhir.
- Bíonn an óige aislingeach.
- Mol an óige agus tiocfaidh sí.
- Is bocht an scéal é; ar ámharaí an tsaoil; ar ais nó ar éigean.
- Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.
- Is fearr an tsláinte ná na táinte.
- Ní thagann ciall roimh aois.

Litríocht Bhreise - Gafa le Ré Ó Laighléis

'Is léir go bhfuil tuiscint dhoimhin ag údar 'Gafa' ar dhéagóirí agus ar an ngaol a bhíonn acu lena dtuismitheoirí.'

Déan plé *gairid* ar an ráiteas sin.

Freagra

Is cinnte go bhfuil tuiscint ag údar 'Gafa', Ré Ó Laighleis, ar dhéagóirí agus ar na fadhbanna a bhíonn acu. Tar éis an tsaoil, is údar é a bhfuil an t-uafás scríofa aige ar théama na hóige, idir úrscéalta agus gearrscéalta. Is iarmhúinteoir é Ó Laighléis agus is duine é a bhfuil bá aige leis an óige agus é ar a chumas aige an óige a léiriú dúinn ina steillebheatha. Tá sé ar cheann de na húdair Ghaeilge is fearr a scríobhann ar théama na hóige, go háirithe ar théama na déagóireachta. Ní hé amháin go bhfuil bá aige le déagóirí is go dtuigeann sé na fadhbanna a bhíonn acu, ach tá ar a chumas scríobh fúthu chomh maith i nGaeilge shimplí thaitneamhach.

Agus níl dabht ar bith faoi ach go bhfuil go leor fadhbanna ag Eoin, duine de phríomhcharachtair an tsleachta as 'Gafa'. Is déagóir é Eoin agus tá fadhb aige leis na drugaí. Cothaíonn sé sin drochchaidreamh idir é féin agus a mháthair, Eithne. Má tá drochchaidreamh idir Eithne agus Eoin, is measa fós an caidreamh atá idir Eoin agus a athair, Breandán. Is léir nach bhfuil suim dá laghad ag Breandán i gcúrsaí a chlainne féin. Tuigtear dúinn go bhfuil Breandán mídhílis dá bhean is go bhfuil bean eile ar adhastar aige.

Tuigeann an t-údar, Ré Ó Laighléis, an gaol a bhíonn idir déagóirí agus a dtuismitheoirí go rímhaith. Tuigeann sé go méadaíonn an easpa cumarsáide agus tuisceana sa teaghlach na fadhbanna a bhíonn acu. San úrscéal seo cuirtear 'teaghlach neamhfheidhmiúil' os ár gcomhair agus ligtear dúinn breathnú ar an teaghlach sin ag titim as a chéile os comhair ár súl. Ríomhann an scéal an easpa cumarsáide idir muintir an teaghlaigh agus an tragóid a tharlaíonn dá bharr. Tá an scéal inste i nGaeilge shimplí nádúrtha, a bheireann greim ar aird an léitheóra ón gcéad abairt go dtí an abairt dheireanach.

Ábhar ar líne ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Cleachtaí bunaithe ar na Rúin

Tá míreanna idirlín darb ainm na Rúin chun a bheith craolta ar an idirlíon amháin gach tráthnóna Máirt agus Céadaoin ag an 4.00 i.n ar feadh seachtain amháin eile ag www.naruin.ie Tá taifeadadh déanta ag ógánaigh ar na míreanna seo ar sheit Ros na Rún. Is é téama na míreanna seo ná an bhulaíocht. Is féidir cleachtaí don seomra ranga bunaithe ar na míreanna seo a íoslódáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge – Teastas Sóisearach 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Triail Léamhthuisceana - AISTRIÚ

1. 'Cad a dhéanfá dá mbuafá an Crannchur Náisiúnta?' an cheist a chuir mo mhac óg ormsa ar na mallaibh. Chaith mé tamall ag machnamh agus ansin arsa mise leis: 'Cheannóinn teach nua! Sin a dhéanfainn.' D'fhéach sé orm amhail is dá mba gealt as ifreann mé. 'Agus cad a dhéanfá leis an teach seo ansin?' 'Dhíolfainn é, a mhac, agus cheannóinn ceann mór galánta i bhfad ón áit seo.' Phléasc an garsún beag amach ag gol.

2. Ansin tháinig taom obann feirge air. Rug sé ar an gclog mór a bhí ar an matal taobh leis agus raid sé trí scáileán na teilifíse é. Suas an staighre leis agus cochall feirge air. Isteach ina sheomra codlata leis agus phlab sé an doras ina dhiaidh agus chuir an glas air.

3. Rinne mé iarracht é a mhealladh amach as an seomra. Gheall mé dó go dtabharfainn go McDonalds é. Bhí sé fuar agam. Freagra ní bhfuair mé uaidh ach chuala mé é ag pusaíl ghoil trí pholl na heocrach. B'éigean dom é a fhágáil ann agus imeacht anuas go dtí an chistin. D'fhan sé ina sheomra go ceann seachtaine. D'fhág mé na béilí ag an doras agus shleamhnódh sé amach ó thráth go chéile agus d'íosfadh sé iad.

4. Maidin amháin chuala mé a choiscéimeanna ar an staighre. 'Ba mhaith liom dreas cainte a bheith agam leat,' ar seisean liom, 'tá sé thar am againn suí síos agus an rud seo a phlé.' Dúirt mé leis nach raibh sé i gceist agam an teach ina rabhamar a dhíol, fiú dá mbuafainn an Crannchur Náisiúnta faoi thrí. Nuair a chuala sé an méid sin uaim, chuir sé a dhá lámh timpeall orm agus phóg mé go ceanúil. Ón lá sin amach is é mo mhac an cara is fearr atá agam.

5. Maidir le haistriú tí, ní dhéanfainn é ar ór nó ar airgead. Ní bheadh fonn dá laghad bogadh ón áit ina bhfuilimid. Thógfadh sé mí orm seomra amháin a fholmhú gan trácht ar sheomra is fiche! Chomh maith le sin tá ár bpréamhacha go doimhin sa chré anseo agus laethanta leanbhaíochta mo mhic sáite san áit. A chairde go léir timpeall air. Is ionann an teach seo agus cliabhán dó. Agus cad a dhéanfainn dá rachadh sé isteach ina sheomra arís ar feadh míosa nó bliana an babhta seo!

Ceisteanna

(i) (a) Conas a d'fhéach an buachaill ar a dhaid?
(b) Cad chuige ar thosaigh sé ag gol?

(ii) Cá bhfios dúinn go raibh fearg ar an mbuachaill? (Dhá phointe)

(iii) (a) Cén geallúint a thug an t-údar dá mhac?
(b) Cad a rinne an t-údar leis na béilí faid a bhí a mhac ina sheomra?

(iv) (a) Cad a chuala an t-údar maidin amháin?
(b) Cad a rinne an buachaill nuair a dúirt an t-údar nach raibh sé chun an teach a dhíol?

(v) (a) Luaigh fáth amháin nach ndíolfadh an t-údar an teach.
(b) An gceapann tú gur alt magúil atá san alt seo? Cuir fáthanna le do thuairim. (Is leor dhá fháth.

Tuilleadh ábhair do mhúinteoirí agus do dhaltaí le fáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Cúinne na Gramadaí 7

Na Briathra Neamhrialta

Briathar	A. Chaite	A. Láithreach	A. Fháistineach	Modh Coinníollach
Abair	dúirt mé	deirim	déarfaidh mé	déarfainn
Beir	rug mé	beirim	béarfaidh mé	bhéarfainn
Clois	chuala mé	cloisim	cloisfidh mé	chloisfinn
Ith	d'ith mé	ithim	íosfaidh mé	d'íosfainn
Tabhair	thug mé	tugaim	tabharfaidh mé	thabharfainn
Tar	tháinig mé	tagaim	tiocfaidh mé	thiocfainn
Téigh	chuaigh mé ní dheachaigh mé an ndeachaigh sé?	téim	rachaidh mé	rachainn
Feic	chonaic mé ní fhaca mé an bhfaca tú?	feicim	feicfidh mé	d'fheicfinn
Déan	rinne mé ní dhearna mé an ndearna tú?	déanaim	déanfaidh mé	dhéanfainn
Faigh	fuair mé ní bhfuair mé an bhfuair sí?	faighim ní bhfaighidh mé An bhfaighidh tú?	gheobhaidh mé ní bhfaighinn An bhfaighfeá?	gheobhainn
Tá/Bí	bhí mé ní raibh sí an raibh tú?	táim/bím níl sé/bíonn sé an bhfuil sé?/ an mbíonn siad?	beidh mé	bheinn

Samplaí

(i) Chonaic mé Síle aréir ach ní fhaca mé Peadar.
(ii) Déarfainn go mbeadh an bua ag Corcaigh sa chluiche sin.
(iii) An bhfuair sí na torthaí fós.? Ní dóigh liom go bhfuair sí.
(iv) Ní dheachaigh Tomás ar scoil inné.
(v) Rachaimis go dtí an Astráil dá mbeadh go leor airgid againn.
(vi) An ndearna sibh an obair bhaile, a bhuachaillí? Ní dhearnamar fós, a mháistir.
(vii) An bhfaighidh tú an nuachtán dom? Gheobhaidh mé cinnte.
(viii) Bíonn sé ar scoil gach lá.
(ix) Rugadh Seán Ó Ríordáin sa bhliain 1916.
(x) Ní dhéanfainn é sin ar ór nó ar airgead.

Cleachtaí

(i) Níor (ith) mé mo lón inné.
(ii) An (déan: tú) an obair bhaile anocht?
(iii) (Tug: mé) cabhair dó gach lá.
(iv) Dá (tá) a lán airgid agam cheannóinn carr nua.
(v) Ní (faigh: mé) an traein anocht ach (faigh: mé) an bus.
(vi) Ar (ith: sibh) bhur ndinnéar fós? Níor (ith: sinn)
(vii) An (téigh: tú) ar scoil inné? Ní (téigh: mé)

Freagraí ar 'Cúinne na Gramadaí' 6:

(i) agat (ii) de (iii) uatha (iv) aige . . . . orainn (v) inti (vi) fút (vii) chugainn.

Freagraí ar na **Trialacha Teanga Comhthéacsúla**:

A	B
Táim	(i)cúig céad fiche haon (fiche is a haon)
feicim	(ii)inti
Tosaíonn	(iii)leis an
Cuirim	(iv)mhaidin
deir sé	(v)drochsheasamh (c)
bainim.	

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Forlíonadh na Múinteoirí ó Chomhar na Múinteoirí Gaeilge

SRAITH PICTIÚR 3

FOCLÓIR
1. Aerfort Bhaile Átha Cliath
2. Lár na cathrach
3. Timpeall na cathrach
4. Na Radhairc shuimiúla
5. An túr solais
6. An zú
7. Páirc an Fhionnuisce
8. Staid nua an Aviva
9. Béile i mbialann deas
10. Dráma

CEISTEANNA
1. An gceapann tú gur bhain siad taitneamh as an lá?
2. An dtaitneodh turas mar seo leatsa?
3. Cá ndeachaigh tú ar laethanta saoire anuraidh?
4. An raibh tú riamh ag gairdín na n-ainmhithe/an Zú?

NATHANNA BREISE
- I dtosach báire
- Ina dhiaidh sin
- Tar éis tamaill
- Ag deireadh an lae
- Bhuel...
- De réir dealraimh
- Bhí siad caite amach!
- Is léir gur bhain gach duine an-taitneamh as an lá!
- Bhí na cailíní stiúgtha leis an ocras

Múinteoirí féachaigí ar leathanach facebook Chomhar na Múinteoirí Gaeilge chun cóip de bhileog oibre do dhaltaí atá oiriúnach do na sraith pictiúr a fháil don rang

AN CÚLÚ EACNAMAÍOCHTA – ÉIRE 2012 – CÉARD A THARLA?

Foclóir
Athrú ollmhór
Ré an Tíogair Cheiltigh thart
An tír i sáinn
Géarchéim eacnamaíochta/
lag trá eacnamaíochta
Easpa airgid
Easpa dóchais
Easpa muiníne

Na fadhbanna a d'eascair ón gCúlú Eacnamaíochta
Comhlachtaí / Siopaí ag dúnadh síos
Eastáit tithíochta folamh
Fadhb na bochtaineachta ar leac an dorais arís
Dífhostaíocht & duairceas i réim
Imirce agus an bád bán ag mealladh na n-óg

Cé atá freagrach?
An rialtas / Na polaiteoirí?
Pobal na hÉireann?

Ailt chabhracha bunaithe ar 'Ábhar beagáinín níos deacra' don Bhéaltriail 2012'

An cúlú eacnamaíochta
Ní féidir a shéanadh go bhfuil drochbhail ar chúrsaí eacnamaíochta na tíre seo faoi láthair. Bhí airgead againn go flúirseach cúpla bliain ó shin, le linn ré an Tíogair Cheiltigh, ach tá an ré sin thart anois agus an tíogar imithe uainn! Is fadhb mhór í an cúlú eacnamaíochta in Éirinn inniu dar liom mar tá go leor daoine dífhostaithe agus míshásta. Rinne an rialtas go leor leor ciorruithe le cúpla bliain anuas agus tá scata daoine ag fulaingt de bharr na gciorruithe sin. D'eascair a lán fadhbanna as an gcúlú eacnamaíochta. Tá go leor daoine dífhostaithe anois. Tá a lán daoine óga ag dul ar imirce anois chomh maith. Tá aithne agamsa ar chúpla duine ó mo cheantar féin a d'imigh chun na hAstráile anuraidh. Tá súil agam nach mbeidh orm féin dul ar thóir oibre thar lear nuair a bheidh an scoil fágtha agam. Lá i ndiaidh lae anois, cloistear scéalta sna meáin faoi mhonarchana ag dúnadh, oibrithe á ligean chun bealaigh, rátaí dífhostaíochta ag ardú. Táim tinn tuirseach de na scéalta seo!

Na difríochtaí a thug mise faoi deara i mo shaol
Cinnte, chuir an cúlú eacnamaíochta isteach ormsa. Déarfainn go raibh éifeacht ag an gcúlú ar gach duine in Éirinn, beagnach. I mo cheantar féin thug mé faoi deara gur dhún go leor siopaí áitiúla síos an bhliain seo caite. Chomh maith leis sin, ní thugann mo thuismitheoirí airgead póca dom a thuilleadh. Ach tuigim nach féidir leo. Caithfimid a bheith níos cúramaí faoi chúrsaí airgid anois. An samhradh seo caite, fuair mé post samhraidh chun roinnt airgid a shaothrú dom féin. Bhí an t-ádh liom an post a fháil mar níor éirigh le go leor de mo chairde post a fháil, bhí cúrsaí chomh dona sin! Tá an t-ádh dearg liom freisin mar tá mo thuismitheoirí fós ag obair, buíochas le Dia.

Cén réiteach atá ar na fadhbanna seo?
Bhuel, níl a fhios agam chun a bheith macánta. Caithfidh mé a admháil, nach bhfuil mórán suime agam sna cúrsaí seo agus nach dtuigim cúrsaí eacnamaíochta ró-mhaith ach an oiread. Ach is dócha go gcaithfimid a bheith dóchasach faoi chúrsaí mar ní bhíonn in aon rud ach seal, mar a deir an seanfhocal agus is dóigh liom gur fíor dó.

Nathanna deasa le foghlaim
Ní bhíonn in aon rud ach seal
Tá an t-ádh dearg liom
Caithfidh mé a admháil
Ní féidir a shéanadh

CÚINNE NA TEICNEOLAÍOCHTA

Bain triail as an tasc seo le rang idirbhliana
- Foghlaimeoidh na daltaí conas íomhánna a aimsiú/úsáid ón idirlíon
- Cuirfidh siad snas ar a gcuid scileanna ríomhaireachta trí mheán na Gaeilge
- Is modh maith é seo chun dul siar a dhéanamh ar thopaic atá déanta cheana féin
- Ag deireadh na bliana beidh fillteán deas acu don Ghaeilge

Roghnaigh topaic éigin atá clúdaithe agat sa rang don seisiún m. sh: 'An Caitheamh Aimsire is Fearr Liom', ' An Clár Teilifíse is Fearr Liom'.

Bí cinnte tascanna agus treoracha soiléire a thabhairt don rang, mar shampla:

Chun lán-mharc a ghnóthú don tasc seo caithfidh tú;
1. Alt a scríobh ar an topaic [150 focal ar a laghad]
2. Úsáid a bhaint as 4 íomhá
3. **clónna difriúla** *[fonts]* a úsáid
4. Leas a bhaint as **Wordart** don teideal
5. Bheith fíor-chúramach faoi litriú agus rialacha gramadaí na Gaeilge sa phíosa

CONAS ÍOMHÁ A AIMSIÚ & A ÚSÁID
1. Téigh chuig **www.google.ie**
2. Osclóidh leathanach mar seo
   - Cliceáil ar **'Gaeilge'**
   - Cliceáil ar Íomhánna
   - Cuardaigh an íomhá atá uait
3. Déan deas-chliceáil ar an Íomhá agus roghnaigh *'Save as'* nó *' Copy'*
4. Má roghnaíonn tú 'copy' beidh tú ábalta 'paste' a dhéanamh sa doiciméid. Nó má roghnaíonn tú *'Save as'* téigh chuig *'insert'* pictiúr chun an íomhá a chur isteach i do dhoiciméid.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

OSSP – Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil

Próiseas Vótála sa Toghchán Uachtaránachta

Déanfaidh muintir na hÉireann Uachtarán na hÉireann a thoghadh ar feadh téarma 7 mbliana. Ní fhéadfaidh aon Uachtarán níos mó ná dhá théarma a chur isteach. Tá dhá théarma Uachtaránachta déanta ag an Uachtarán Máire Mhic Giolla Íosa.

Rialacha

Ní gach duine atá in ann rith sa toghchán uachtaránachta. Caithfidh iarrthóirí a bheith i dteideal bheith mar Uachtarán tráth a dhéantar iad a ainmniú. Is é Bunreacht na hÉireann a leagann síos na riachtanais maidir lena bheith i dteideal bheith mar iarrthóir don uachtaránacht. Caithfidh gur saoránach Éireannach tú atá os cionn 35 bliain d'aois. Caithfidh tú a bheith ainmnithe ag 20 ball ar a laghad den Oireachtas (an Dáil agus an Seanad), ag ceithre údarás áitiúla nó agat féin más tú an tUachtarán reatha.

Ballóid rúnda a bhíonn i gceist leis an toghchán uachtaránachta. Tugtar 'ionadaíocht chionmhar tríd an aonvóta inaistrithe' ar an chóras.

Céimeanna sa Phróiseas Vótála (Cruthaithe ag Conor Harrison agus an PDST)

1. Caithfidh d'ainm a bheith ar chlár na dtoghthóirí má tá tú ag iarraidh vótáil sa toghchán nó i reifreann. Gach bliain téann daoine chuig tithe ar fud na tíre chun na seolta agus ainmneacha na ndaoine sa teach atá os cionn 18 mbliana d'aois a sheiceáil. Déantar liosta de na seolta agus ainmneacha seo agus cuirtear ar chlár na dtoghthóirí iad. I bhfocail eile is iad na daoine ar an liosta seo na daoine atá i dteideal vótáil.
2. Faigheann daoine a bhfuil a n-ainm ar chlár na dtoghthóirí cárta vótála sa phost achar gearr roimh lá an toghcháin. Bíonn d'ainm, do sheoladh agus d'ionad vótála luaite ar an chárta.
3. Ar lá an toghcháin rachaidh tú chuig stáisiún vótála chun do vóta a chaitheamh. Go hiondúil, déantar bunscoileanna agus hallaí áitiúla a shocrú mar stáisiúin vótála le haghaidh lá an toghcháin.
4. Nuair a shroichfidh tú an t-ionad vótála, caithfidh tú clárú leis an oifigeach ceannais agus do chárta vótála a thaispeáint sula mbeidh tú in ann vótáil. Déanfaidh siad d'ainm a bhaint dá liosta, atá bunaithe ar chlár na dtoghthóirí, agus tabharfaidh siad páipéar ballóide duit. Déantar é seo chun a chinntiú nach gcaitheann daoine ach vóta amháin an duine!
5. Tógfaidh tú do pháipéar ballóide chuig deasc taobh thiar de scáileáin ionas gur féidir leat vótáil go príobháideach. Tugtar ballóid rúnda air seo ionas nach mbeidh a fhios ag aon duine cé dó nó di a bhfuil tú ag vótáil.
6. Ar an pháipéar ballóide beidh liosta de na hiarrthóirí in éineacht le pictiúr díobh. Roghnaíonn tú an duine is fearr leat agus scríobhann tú uimhir 1 sa bhosca taobh lena (h)ainm agus sonraí. Ansin roghnaíonn tú an dara duine is fearr leat agus scríobhann tú uimhir 2 taobh lena (h)ainm agus sonraí siúd. Coinníonn tú ort ar an dóigh seo go dtí go mbíonn na hiarrthóirí ar fad roghnaithe agat de réir mar is mian leat.
7. Nuair a bheidh tú críochnaithe ag roghnú na ndaoine a bhfuil tú ag iarraidh vóta a thabhairt dóibh, déanfaidh tú do pháipéar ballóide a fhilleadh agus cuirfidh tú isteach i mbosca na mballóidí é.
8. Tabharfar na boscaí ballóide ar fad chuig ionad lárnach comhairimh i do cheantar féin. Osclófar na boscaí, déanfar na páipéir bhallóide a oscailt amach agus comhrófar iad ceann ar cheann. Déanfar na torthaí a fhógairt níos déanaí an oíche sin nó an lá ina dhiaidh sin. Is é an Ceann Comhairimh a fhógróidh na torthaí.

Gluais

Toghchán Uachtaránachta - Presidintial Election
Ainmniú - Nominated
Ballóid rúnda - Secret ballot
ionadaíocht chionmhar - proportional representation
an aonvóta inaistrithe - single transferable vote
chlár na dtoghthóirí - register of electors
pháipéar ballóide - ballot paper

OSPS – Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte

Ag glacadh suaimhnis

Maireann muid i sochaí a bhfuil leibhéal ard struis ann. Tá sé tábhachtach go nglacann muid suaimhneas. Léiríonn taighde go bhfuil ceangal láidir idir strus agus sláinte. Mura dtógann tú scíth cheart is féidir leis strus a chruthú. Is féidir le strus leanúint chuig galar meabhrach agus fisiceach. Caithfidh muid bainistíocht a dhéanamh ar ár saol ionas go mbeidh muid in ann méid ceart suaimhnis a ghlacadh. Tá bealaí éagsúla ag daoine éagsúla chun suaimhneas a ghlacadh, mar sin ba cheart duit teacht ar bhealach chun scíth a ghlacadh a oibríonn duitse. Samplaí de rudaí is féidir a dhéanamh chun suaimhneas a ghlacadh ná siúl, iascaireacht, damhsa, léamh nó féachaint ar an teilifís.

Déan anailís ar do chuid ama

Ba cheart anailís a dhéanamh ar cé mhéad ama a chaitheann tú ag déanamh gníomhaíochtaí difriúla gach seachtain. Tá an chairt seo a leanas úsáideach chun tomhais a dhéanamh ar an am a chaitheann tú ag déanamh gníomhaíochtaí éagsúla.

Gluais

ag glacadh suaimhnis - relaxing
galar meabhrach agus fisiceach - mental and physical illness
scíth - rest
anailís - analysis
gníomhaíochtaí - activities

Plé sa Rang

Roinn leis an rang na bealaí is deise leat chun scíth a ligean.

Obair sa Rang

Déan cairt don am a chaitheann tú ag déanamh gníomhaíochtaí faoi leith i rith na seachtaine agus an deireadh seachtaine. Níl gá go mbeadh 24 uair an chloig san áireamh san amchairt. Níl gá gníomhaíochtaí cosúil le taisteal agus ithe a chur san áireamh. Tabharfaidh amchairt cosúil leis seo cúnamh duit anailís a dhéanamh ar cé mhéad ama a chaitheann tú ag obair agus ag tógáil scíthe.

Tuilleadh ábhair do mhúinteoirí agus do dhaltaí le fáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Comhairle Gairmthreorach

CAO 2012 - Daoine faoi míchumas agus coláistí

Le Patricia Uí Fhlairthearta

An tseachtain seo caite labhair mé faoi chúrsaí teoranta agus faoi na bealaí difriúla a bhfuil daoine aibí in ann cur isteach ar chúrsaí tríd an CAO agus díreach chuig na coláistí iad fhéin. An tseachtain seo beidh mé ag díriú ar dhaoine atá faoi mhíchumas agus na coláistí a ghlacann le iarratais uathu.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá tinneas leanúnach ort nó má tá deacracht shonrach foghlama agat, tá sé tábhachtach é sin a léiriú ar an bhfoirm iarratais nuair atá tú á líonadh isteach, ach níl aon oibleagáid ort é a dhéanamh muna bhfuil tú ag iarraidh. Níor mhór dhuit é a dhéanamh áfach má tá tú ag cur iarratais isteach ag leiriú go bhfuil tú faoi míchumas . Beidh ort sa gcás seo Foirm Faisnéise Forlíontaí (Supplementary Information Form nó SIF) a líonadh.

Tá an fhoirm seo le fáil ar shuíomh idirlín an CAO mar chuid de d'iarratas. Ní mór duit do chuid sonraí pearsanta a chur isteach agus uimhir iarratais a fháil i dtosach sula mbeidh deis agat an t-eolas breise seo a chur le d' iarratas. Tá tú in ann é seo a dhéanamh ón 12.00 a chlog meán lae ar 3 Samhain ar aghaidh nuair a osclaíonn an CAO an áis. Beidh costas €30.00 ar an iarratas.

Institiúidí atá páirteach i gcóras DARE	Institiúidí nach bhfuil páirteach i gcóras DARE
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain	Coláiste Teicneolaíochta Dhún Dealgan
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	Inst. Teic. Gaillimh/Muigheo
Institiúid Oideachais Mater Dei	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir
Coláiste Náisiúnta na hÉireann	Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	Institiúid Teicneolaíochta Shligigh
Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad	Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta
An Ollscoil Phontaifiúil, Maigh Nuad	An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD)
Coláiste na hOllscoile Corcaigh	Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI)
An Cóláiste Ollscoile Baile Átha Cliath	
Ollscoil Luimnigh	
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	

Má cheapann tú go bhfuil tú cáilithe le haghaidh na scéime, d'fhéadfadh sé go bhfaighidh tú laghdú ar an líon pointí atá ag teastáil le dul isteach i gcoláiste. Is féidir eolas a fháil faoin "mBealach Rochtana Míchumais ar Oideachas" (DARE) (Disability Access Route to Education) agus faoi bhealaí forlíontacha iontrála eile, ar www.cao.ie, agus ar www.accesscollege.ie

Ní gach Ollscoil ná Institiúid Teicneolaíochta atá páirteach ins an gcóras, is é seo an liosta d'institiúidí atá agus nach bhfuil páirteach.

HEAR

Chomh maith leis na deiseanna atá oscailte do dhaoine atá faoi mhíchumas, tá scéim eile - HEAR. Is é atá sa "Bhealach Rochtana ar Ardoideachas" (HEAR) ná scéim iontrála tríú leibhéal do lucht fágála scoile atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh cúrsaí socheacnamaíochta de. Baineann HEAR le daoine de chuid an lucht fágála scoile atá faoi bhun 23 bliain d'aois ar 1 Eanáir, 2012. Tá bealaí iontrála ann d'iarratasóirí aosacha freisin agus d'iarratasóirí FETAC. Ba cheart teagmháil a dhéanamh leis na hoifigí iontrála chun tuilleadh eolais a fháil.

Seo a leanas liosta de na coláistí ardoideachais atá rannpháirteach i scéim HEAR don bhliain 2012

Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann
Coláiste Mhuire, Marino
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Coláiste Oideachais Mhuire Gan Smál, Luimneach
Institiúid Oideachais Mater Dei
Coláiste Náisiúnta na hÉireann
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Ollscoil na hÉireann , Maigh Nuad
An Ollscoil Phontaifiúil, Maigh Nuad
Coláiste San Aingeal, Sligeach
Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath
Ollscoil Luimnigh

Beidh iarratasóirí atá cáilithe san iomaíocht le haghaidh cuóta áiteanna a chuirtear ar leataobh d'iarratasóirí ar bhonn pointí laghdaithe sna húdaráis ardoideachais thuasluaite.

Díreach cosúil le DARE agus na gnáthiarrataisí déantar an t-iarratais do HEAR ar líne. Ní féidir an t-iarratas le haghaidh HEAR a déanamh ach amháin ar líne. Ní mór don chéad chuid den iarratas, is é sin a léiriú go bhfuil suim agat ins an scéim, a bheith déanta ar nó roimh 1 Feabhra, 2012. Is í an chéad chéim ná uimhir iarratais a fháil ar an suíomh www.cao.ie.

Ansin beidh roinnt ceisteanna le freagairt, mar shampla, an méid airgid atá ag teacht isteach sa teaghlach; ó thaobh fostaíochta de, céard é an stádas fostaíochta atá ag do thuismitheoirí/caomhnóirí; an bhfuil cárta leighis ag do thuismitheoirí nó agat féin; agus srl. Ní mór go mbeadh an t-eolas seo ins an oifig CAO ar nó roimh 1 Márta, 2012, agus caithfidh an páipéarachas uilig a bheith ag an CAO ar nó roimh 1 Aibreán, 2012 .

Ní gá buncháipéisí a sholáthar, is leor fótachóipeanna. I gcás eolais faoin méid airgid atá sa teaghlach is í an bhliain Eanáir go Nollaig 2011 a bheas i gceist.

Cóip de Ghaelscéal saor in aisce don mhúinteoir!

Tá Gaelscéal ar Scoil ag tabhairt deise do mhúinteoirí a chuireann ordú mór isteach dá ranganna cóip den nuachtán a fháil dóibh féin, saor in aisce, don chuid eile den scoilbhliain!

Chun tuilleadh eolais a fháil téigh i dteagmháil leis an gComhordaitheoir Oideachais anois ag 091-897766/ caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / caroline.nichualain@gaelsceal.ie

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Jayne Ní Dhrisceoil, Darach Mac Con Iomaire, Treasa Uí Lorcáin, Eimear Ní Chaonala, Lisa Madden, Seán Ó Cuirreáin, Eibhlín Ní Chonghaile agus Ógie Ó Céilleachair ag an Éigse Ealaíon san Acadamh ag an gCeathrú Rua ag an deireadh seachtaine seo caite.

Príomhfheidhmeannach Gael Linn, Antoine Ó Coileáin, ag bronnadh ghradam an chomórtais ghearr-scannánaíochta Mise Éire Freisin ar Joan Mary Ní Chéilleachair as Baile Bhúirne ag Féile na Laoch i gCúil Aodha. PIC: Ó LOINGSIGH

Bhí Emily Sheehan, Ciara Bennett agus Katie Connolly ó Ghaelcholáiste Luimnigh i láthair ag Lá Oscailte OÉ Gaillimh le Dan Dwyer, Léachtóir in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh. PIC: AENGUS MCMAHON

Rúnaí Gael Taca, Adrian Breathnach, múinteoir Gaeilge Ghaelcholáiste Choilm, Máire Uí Dhonnabháin, agus Oifigeach Cumarsáide agus Gaeilge Chomhairle Cathrach Chorcaí, Chris Dorgan, a labhair ag seimineár a reáchtáil Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge faoin straitéis 20 Bliain don Ghaeilge sa Ghaelcholáiste i mBaile an Chollaigh an tseachtain seo caite.

An Dr Seán Mac Corraidh, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, leis an Ollamh Dónall Ó Baoill ag Éigse Loch Lao i mBéal Feirste an tseachtain seo caite. Labhair Seán ar líofacht Ghaeilge na bpáistí i nGaelscoileanna ag an ócáid a chuir Roinn na Gaeilge agus Ollscoil Uladh ar siúl i gcomhar le Cumann Mhic Reachtain.

Rang a trí agus a ceathair ó Ghaelscoil Pheig Sayers i Linn Dubh, Corcaigh ag an réadlann ar an Dúcharraig le déanaí.

FOLÚNTAIS / CÚRSAÍ

Foras na Gaeilge

FOLÚNTAIS

Is mian le Foras na Gaeilge na ceapacháin seo a leanas a dhéanamh. Beidh na poist lonnaithe in oifigí éagsúla an Fhorais – i mBéal Feirste, i nGaoth Dobhair agus i mBaile Átha Cliath.

> Eagarthóir (Tag: EAG/1011/)

> Painéal Eagarthóirí Cúnta (Tag: EAGC/1011/)

Níl ceapachán le déanamh faoi láthair; ach painéal le cur le chéile a líonfar folúntais as, go ceann 6 mhí ach acmhainn a bheith ann chuige sin.

> Oifigeach Foirne (Tag: OF/1011/)

> Oibrí Stórais – Áis (Tag: OS/1011/)

> Clárbhainisteoir – Áis (Tag: CBÁ/1011/)

> Oifigeach Cléireachais (Tag: OC/1011/)

Déanfar ceapachán amháin anois agus cuirfear painéal le chéile a líonfar folúntais as go ceann 6 mhí ach acmhainn a bheith ann chuige sin.

> Oifigeach Feidhmiúcháin (Tag: OFE/1011/)

Brúigh ***Folúntais*** ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge **www.gaeilge.ie** le gach eolas faoi na poist seo a fháil.

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise. Is de réir fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas. ***Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above posts.***

FOIRM IARRATAIS & DEASCÁN EOLAIS
T: (003531) (01) 639 8434 R: poist@forasnagaeilge.ie
Nó is féidir scríobh chuig an seoladh thíosluaite agus an uimhir thagartha chuí a lua.

SPRIOCDHÁTA
Ní mór foirmeacha comhlánaithe bheith faighte ag an seoladh thíosluaite roimh 1.00 p.m. Dé hAoine, 21 Deireadh Fómhair, 2011.

Poist, Foras na Gaeilge,
7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

AnDroichead

Lárionad An Droichid, 20 Sráid Cooke, Béal Feirste, BT7 2EP
Tel: 028 90288818
www.androichead.com

Tá gá le:

Oifigeach Forbartha
(lán-aimseartha, conradh 2 bliana)
Tuarastal: £24,089

Chun clár gníomhaíochtaí Gaeilge a stiúradh do phobal deisceart agus oirthear Bhéal Feirste

Riachtanais
Ardchaighdeán Gaeilge
Taithí bheith ag obair in earnáil na Gaeilge
Taithí ag eagrú imeachtaí agus ranganna

Cuir CV chuig **Pól Deeds**
ag an seoladh thuasluaite nó ag eolas@androichead.com
(cur síos poist ar fáil uaidh sin chomh maith)

Dáta druidte: **Aoine 21 Deireadh Fómhair 2011**

Foras na Gaeilge

Tá an post seo maoinithe ag Foras na Gaeilge

OÉ Gaillimh NUI Galway

Fáiltítear roimh iarratais ar na trí phost seo a leanas san Oifig Aistriú Teicneolaíochta 'Ignite':

1. Stiúrthóir ar Aistriú Teicneolaíochta agus Nuálaíocht

Spriocdháta: Déardaoin, 17 Samhain, 2011

2. Bainisteoir ar Phrótacal Idirlín agus ar Chonarthaí Tráchtálaíochta

3. Feidhmeannach Tráchtálaíochta

Spriocdháta: Déardaoin, 27 Deireadh Fómhair, 2011

Sonraí/gnáthamh iarratais:

Le tuilleamh eolais a fháil agus le hiarratas a dhéanamh téigh chuig www.publicjobs.ie

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

www.oegaillimh.ie

Gníomhairí ag teastáil

Tá fás ag teacht ar ár bhfoireann agus muid ag iarraidh cur leis an méid gníomhairí timpeall na tíre. Is post i do chuid ama féin a bheadh anseo, ag ardú phróifíl Gaelscéal i do cheantar féin ar bhun coimisiúin.
Má tá am agat agus airgead breise uait déan teagmháil le Ciaran ag 086-0234255 eolas@gaelsceal.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Gaelscéal Ag Cothú Phobal na Gaeilge

SCÉIM IRIS GHAEILGE CHLÓITE

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó dhreamanna ar spéis leo iris mhíosúil Ghaeilge uile-oileánda a fhoilsiú i gcomhair thréimhse Eanáir 2012 – Nollaig 2014 le cabhair airgid ó Fhoras na Gaeilge. Is féidir le hiarrthóirí tuilleadh eolais a fháil trí na sonraí na teagmhála seo thíos.

Ní mór cóip chrua d'iarratais a bheith faighte roimh 13.00 ar an Aoine, 28 Deireadh Fómhair 2011.

Foras na Gaeilge

IARRATAIS & TUILLEADH EOLAIS
Scéim Iris Ghaeilge Chlóite,
An Rannóg Pobail agus Gnó, Foras na Gaeilge,
7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
T: +353 1 639 8404 R: eolas@forasnagaeilge.ie

An bhfuil folúntas agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

BEATHA NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

Léirmheasanna

'Cóta an Fhir Mhara'

Scríofa ag Seán Ó Brádaigh, maisithe ag Olivia Golden
€9.00
Cló Mhaigh Eo

NUAIR a leag mé lámh agus súil ar an bpictiurleabhar álainn seo den chéad uair, bhí a fhios agam gur ceann speisialta a bhí ann. Bhí an ceart agam, mar a tharlaíonn sé. Sa leabhar seo, athinsítear scéal Manannach ar bhealach beomhar, spéisiúil agus taitneamhach. Agus mé á léamh, tarraingíodh isteach sa scéal mé, agus den chéad uair le fada, mhothaigh mé go raibh mé á thabhairt ar thuras ó thús go deireadh an leabhair, turas draíochtúil a bhí lán le samhlaíocht agus a bhí cosúil le cuid de na seanscéalta a bhíodh á léamh agam féin agus mé i mo pháiste óg.



Is mór an éacht atá déanta ag Seán Ó Brádaigh chun an scéal a scríobh agus a roinnt lena chuid léitheoirí ar bhealach chomh nádúrtha agus chomh spéisiúil sin. Is féidir éalú isteach i saol eile ar fad agus an leabhar á léamh agat, agus ní rud é sin a tharlaíonn i gcónaí na laethanta seo.

Tá Gaeilge bhlasta, shaibhir le sonrú sa scéal agus tá na léaráidí agus na dathanna go haoibhinn ar fad, a bhuíochas sin le Olivia Golden a mhaisigh an leabhar. Is é bunús an scéil ná go dtarlaíonn coimhlint idir an táilliúir agus an fear mara. Réitíonn siad le chéile go pointe ach is ar dhaoine eile a thiteann sé an fhadhb a réiteach. Ar deireadh, buann an mórchroí agus an intinn mhaith, ach ní gá é sin a rá leis na páistí. Lig dóibh teacht go deireadh an scéil ina gcuid ama féin, agus is cinnte go mbainfidh siad sult as gach uile leathanach.

Anois agus muid ag maireachtáil i saol atá lán leis an teicneolaíocht, tá sé éasca dearmad a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le scéalta a léamh do pháistí, scéalta inar féidir leo blaiseadh de chultúir agus de shaol eile ar fad a fháil. Seo leabhar iontach do pháistí agus taitneoidh sé leo a bheith in ann léamh faoin táilliúir agus faoin bhfear mara, agus faoi gach rud a tharlaíonn dóibh. Tá costas €9 ar an leabhar agus is féidir é a cheannach i bhformhór de na siopaí leabhar.



'An Captaen Catach'

Scríofa ag Aoife Ní Ghuairim, léaráidí le Martin Fagan
€8.00, Cló Mhaigh Eo
Aoisghrúpa: 9-12

TÁ teideal suimiúil ar an leabhar seo agus cuirfidh sé páistí ag smaoineamh láithreach. Cé hé nó cé hí an Captaen Catach? Is buachaill óg ciúin é Cathal a bhfuil gruaig chatach air. Ach tá rún aige, agus is é sin gur sárlaoch é! Níl a fhios ag a chairde ná ag duine ar bith eile é seo, ach is é Cathal an Captaen Catach!

Is Captaen iontach é agus tagann sé i gcabhair ar dhaoine nuair is gá, go háirithe nuair atá siad i trioblóid. Bainfidh léitheoirí óga an-taitneamh as na heachtraí difriúla sa leabhar agus beidh siad an-cheanúil ar an gCaptaen Catach faoi dheireadh an leabhair.

Cé go bhfuil an leabhar dírithe ar dhaoine óga ó a hocht nó naoi mbliana d'aois, tá cruth úrscéil ar an leabhar, agus tá neart scríbhneoireachta sa scéal. Chomh maith leis sin, tá cartúin agus léaráidí greannmhara le feiceáil laistigh den leabhar agus is cinnte go gcuireann siad go mór le hinsint an scéil. Is maith liom go bhfuil dúshlán léitheoireachta i gceist leis an leabhar seo, agus is deas an rud é leabhar don aoisghrúpa seo a fheiceáil nach bhfuil róshimplí nó róghairid. Tá luach airgid i gceist leis agus luach léitheoireachta agus beidh daoine óga in ann suí síos agus an leabhar a léamh ar a luas féin. Tá an leibhéal Gaeilge sa leabhar oiriúnach don aoisghrúpa ar a bhfuil sé dirithe agus is iontach an rud é leabhar den chineál seo a fheiceáil ar an margadh, leabhar nach ndéanann a bheag de chumas léitheoireachta agus tuisceana na ndaoine óga. Tá clúdach an leabhair ildaite, bríomhar agus spraíúil agus bheadh páiste ar bith thar a bheith sásta an leabhar seo a fháil mar bhronntanas lá ar bith den bhliain.

Seoladh Leabhair : Cnuasach dátheangach filíochta le Máire Mhac an tSaoi

SEOLFAIDH Cló Iar-Chonnacht agus O'Brien Press an chéad chnuasach dátheangach filíochta le Máire Mhac an tSaoi Dé Luain, 17 Deireadh Fómhair ag 6in i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Tá fáilte roimh chách freastal ar an ócáid seo. Tá an leabhar curtha in eagar ag Louis de Paor agus is é an tUasal de Paor a scríobh an réamhrá freisin. I measc na ndaoine a d'aistrigh cuid de dhánta Mháire Mhac an tSaoi tá Celia de Fréine, Gabriel Fitzmaurice, Máire féin, Douglas Sealy agus go leor eile.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

'Guaranteed Irish'

– sraith nua raidió a thugann ardán do cheoltóirí ildánacha na hÉireann

CHUIR Cillian de Búrca agus Eoin Glackin tús le sraith nua raidió, *'Guaranteed Irish'* ar Classic Hits 4fm Dé Domhnaigh seo caite. Díríonn an clár nua, a bhíonn ar siúl ar 8in gach Domhnach, ar cheoltóirí iomráiteacha na hÉireann.

Clár dátheangach atá ann agus labhraíonn na láithreoirí, na ceoltóirí agus na bannaí ceoil meascán de Ghaeilge agus Béarla ar an gclár.

Bíonn seisiúin bheo sa stiúideo, agallaimh leis na grúpaí, chomh maith le deiseanna chun albaim úrnua agus ticéid do cheolchoirmeacha a bhuachaint le linn an chláir.

"Tá muid ag iarraidh aird a tharraingt ar na grúpaí seo atá go díreach ag tosnú amach agus daoine eile a spreagadh le héisteacht leo," a deir Cillian faoin tsraith.

Bhí Cillian le cloisteáil roimhe seo ar Raidió Rí Rá agus ar Raidió Fáilte.

Is ceoltóir agus scríbhneoir ceoil as tuaisceart Bhaile Átha Cliath é Eoin Glackin. Sheol sé a chéad albam 'Not Lost' níos luaithe sa bhliain agus tá conradh míosa faighte aige leis an tigh tábhairne, Bruxelles i mBaile Átha Cliath.

"Tá mé ag tnúth go mór leis an chlár a chur i láthair gach deireadh seachtaine," a deir sé.

Is féidir *'Guaranteed Irish'* a chloisteáil gach oíche Dé Domhnaigh idir 8-10 san oíche ar an stáisiún raidió Classic Hits 4FM a chraoltar i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i Luimneach agus i nGaillimh.

Scéalta Átha Cliath – Sraith nua ar TG4

CUIRFEAR tús le sraith nua de chláir faisnéise, 'Scéalta Átha Cliath' ar TG4 ag tús na míosa seo chugainn. Déanfaidh an tsraith ceiliúradh ar roinnt de na carachtair agus scéalta is iomráití i stair na príomhchathrach. Clúdófar ábhar nó scéal difriúil i ngach clár.

Pléifear Molly Malone sa chéad chlár, an bhean a bhfuil clú agus cáil uirthi agus atá i mbéal gach turasóra a théann go dtí an chathair. Tá roinnt mhaith rúndachta agus mistéire ag baint léi. Cé hí agus cén fáth go bhfuil an oiread sin clú uirthi?

Creideann daoine áirithe go raibh mangaire éisc den ainm sin ann thart ar an mbliain 1699 ach tá formhór na saineolaithe den tuairim gur cumadóireacht is ea scéal Mholly agus gur in amhrán a tháinig as Meiriceá a bhí trácht uirthi den chéad uair. Labhróidh Fiachna Ó Braonáin agus John Sheahan ó na Dubliners sa chlár agus míneoidh siad dúinn an t-eolas ar fad atá acu fúithi.

I gclár eile, labhrófar faoi The Hell Fire Club, áras atá ar shleasa sléibhte ó dheas ó Ráth Fearnáin i ndeisceart na cathrach. Thóg an chéad Tiarna Ross, Richard Parson an áit i 1735 agus bhí drochcháil air. Bhíodh lucht cearrbhachais agus ragairne ag triall air agus ba mhinic cóisirí agus ólachán iomarcach luaite leis.



Deirtear anois, má ritheann tú timpeall an fhoirgnimh trí nó seacht n-uaire go bhfeicfidh tú an diabhal. Labhróidh an Dr Dáithí Ó hÓgáin agus na staraithe Michael Fewer agus David Ryan ar an ábhar ar an gclár.

Tá clú agus cáil ar shiopaí sceallóg Beshoff ar fud chathair Bhaile Átha Cliath ach céard faoin duine atá taobh thiar dóibh, Ivan Beshoff? Míneofar a scéal dúinn sa cheathrú clár sa tsraith seo. Foghlaimeoimid gurbh as an Úcráin é, gur ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca i 1916 agus go ndearna buamaí Gearmánacha damáiste dá shiopa nuair a thit siad ar Bhaile Átha Cliath le linn an Dara Cogadh Domhanda.

Rugadh Matt Talbot i lár na cathrach in 1856 agus fuair sé bás i 1925. Ní raibh spéis ag duine ar bith san fhear seo le linn a shaoil ach, nuair a fuair sé bás go tobann ar shráid i mBaile Átha Cliath, ba léir óna chorp go raibh slabhraí ceangailte aige leis féin as a stuaim féin mar pheannaid.

Ansin, bhí daoine ag iarraidh a fháil amach faoi shaol an duine seo agus cén fáth go ndearna sé an pheannaid seo. Scríobh Thomas Kilroy an dráma cáiliúil 'Talbot's Box' faoi shaol Matt Talbot agus beidh sé le cloisteáil sa chlár seo.

Clúdófar roinnt scéalta agus ábhar eile le linn na sraithe. Tá ocht gclár san iomlán le bheith ann agus beidh siad le feiceáil ar TG4 ó 3ú Samhain ar aghaidh gach Déardaoin ag 10in.

Éist le:

RTÉ Raidió na Gaeltachta: Blas An tseachtain seo, labhrófar faoin gceiliúradh ollmhór a bhí i mBéal Feirste le déanaí nuair a bhí Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ag ceiliúradh 20 bliain ó osclaíodh an t-ionad. Labhrófar le Séamus Mac Seáin, Pilib Mac Cathmhaoil agus Gearóid Ó Caireallain le linn an chláir. Dé Domhnaigh @ 9rn.

RTÉ Raidió a hAon: Drama on One An tseachtain seo, cloisfimid 'Cuts' le Gina Moxley. Is dráma dúghrinn é faoi Lucy atá ag iarraidh a bheith ina haisteoir. Dé Domhnaigh @ 8in.

Today fm: The Ray D'Arcy Show Labhraíonn Ray faoi chúrsaí reatha agus cúrsaí ceoil, pléitear tuairimí, ríomhphoist agus téacsanna an lucht féachana mar aon le neart eile. Luan - Aoine @ 9rn.



Féach ar

TG4: Ros na Rún
An tseachtain seo, téann Mack ar chuairt ar Chaitríona lena mhac óg, Robbie, ach nuair a thuigeann Caitríona go bhfuil an deilgneach air ní bhíonn aon rogha aici ach a rá le Mack go bhfuil sí fós ag iompar páiste Bhreandáin. Tá Séamus ag baint an-taitnimh as a bheith ina chónaí in éineacht le David. Dé Máirt agus Déardaoin @ 8.30in.

RTÉ 1: The Constant President
Clár faisnéise a leanann Máire Mhic Giolla Íosa le linn na bliana deireanaí aici mar Uachtarán na hÉireann. Cuirfidh Aine Lawlor faoi agallamh í, feicfimid cuairt Bhanríon Shasana, Elizabeth II, agus pléifear an pháirt a bhí ag Martin McAleese, fear céile Mháire, i rith a huachtaránachta. Dé Máirt @ 10.15in.

BBC 2: Antiques Road Trip
Rachaidh na saineolaithe seandachtaí, David Harper agus David Barby, ag taisteal ón Maigh i gContae Thír Eoghain go dtí an Ómaigh ag féachaint ar sheandachtaí agus ag tabhairt a dtuairime orthu. Dé Luain @ 5.15in

SÚIL SIAR na Seachtaine

Tús ré na gaelscolaíochta i mBaile Munna

Donncha Ó hÉallaithe

Árasáin Bhaile Munna

40 bliain ó shin cuireadh tús le ré nua i stair na gaelscolaíochta, nuair a tugadh an chéad sruth gaelach isteach i scoil Bhaile Munna. Dhá bhliain ina dhiaidh sin tugadh aitheantas oifigiúil do Scoil na Seachtar Laoch, an chéad scoil lánghaelach a bunaíodh riamh i gceantar den aicme oibre.

Mar réiteach scioptha ar an nganntanas tithíochta i mBaile Átha Cliath sna seascaidí, tógadh seacht dtúr árasán i mBaile Munna. Tógadh na túir agus bogadh na mílte duine isteach, gan mórán áiseanna a bheith curtha ar fáil roimh ré. Ainmníodh na túir i ndiaidh an tseachtar laoch a shínigh Forógra na Cásca, 1916.

Is ó Chumann Áitritheoirí Bhaile Munna a tháinig an moladh chun cinn gur cheart scoil lánghaelach a bhunú le freastal ar thuismitheoirí Bhaile Mhunna ar mhaith leo go mbeadh oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil dá gcuid páistí.

Bhí na daoine taobh thiar den mholadh beagán soineanta. Shíl siad go mbeadh gach cúnamh ar fáil ón Roinn Oideachais: ní raibh, ach a mhalairt. In áit fáilte a chur rompu agus tacú leo, is é an chaoi gur cuireadh driseacha sa bhealach rompu.

Ba rud nua i saol na Gaeilge go mbeadh éileamh ag teacht ó phobal den aicme oibre ar scoil lánghaelach dá bpáistí. Dúradh go gcaithfidís foirgneamh feiliúnach a fháil. Bhí seanscoil fholamh sa cheantar i seilbh na heaglaise a bheadh an-fheiliúnach ach ní thabharfadh an eaglais Chaitliceach cead é a úsáid. Bhí faitíos oifigiúil ann go leathnódh galar na gaelscolaíochta, dá ngéillfí don éileamh ó Bhaile Munna agus go mbeadh grúpaí tuismitheoirí in áiteacha eile ag cur eagair orthu féin le hoideachas trí mheán na Gaeilge a éileamh chomh maith.

Is fiú seachtar de na laochra a throid an cás leis an Roinn Oideachais a ainmniú: Proinsias O'Toole, Brendan Pringle, Peggy Walsh agus Antóin Mac Giolla Rua ó Bhaile Munna; Pádraig ó hEarcáin, an chéad phríomhoide ar an scoil; Colm Ó Tórna, nár chaill a mhisneach aon uair, agus Tomás Mac Gabhann a bhí ag obair le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, eagraíocht a thug tacaíocht thar na bearta don tionscnamh.

Dhá scór bliain ó shin foilsíodh eagarfhocal géar ar an bpáipéar Amárach faoi chás Bhaile Munna. Nuachtán seachtainiúil Gaeilge ab ea Amárach a bhí á fhoilsiú go hanamúil ag an eagraíocht Muintir na Gaeltachta agus Peadar Ó Ceallaigh ina eagarthóir air. Bhi cónaí ar Pheadar i gCeannanas Mór ach ba as an Dúchoraidh (Dún na nGall) é. Níor ghlac Peadar leis an gcaighdeán oifigiúil a bhí leagaithe síos ag an Roinn Oideachais. B'fhearr leis teanga bheo na Gaeltachta a usáid in Amárach.

Cé go raibh Peadar ina bhall dílis de chuid Fhianna Fáil, ní thagadh rialtas Fhianna Fáil saor ó cháineadh ina chuid eagarfhocal i dtaobh a neamairt i leith na Gaeilge nó na Gaeltachta.

San eagarfhocal anseo thíos, cáintear go géar an Roinn Oideachais faoin mbealach diúltach ar déileáladh leis an éileamh ó Bhaile Munna ar bhunscoil lánghaelach. Déantar an cás san alt gur ceart caitheamh go cothrom le lucht na Gaeilge mar a chaitear le Protastúnaigh ó thaobh freastal ar a gcuid riachtanas oideachais.

Tá sé cinn den seacht dtúr i mBaile Munna leagtha anois ach tá Scoil na Seachtar Laoch ann i gcónaí agus Dónal Ó Loingsigh mar phríomhoide air. Beirt de na múinteoirí ar an bhfoireann, is iardhaltaí de chuid na scoile iad. D'éirigh chomh maith sin le Scoil na Seachtar Laoch gur osclaíodh an tarna bunscoil lánghaelach i mBaile Munna sa bhliain 1994.

Nuair a cuireadh tús le feachtas Bhaile Munna ní raibh ach 11 ghaelscoil ar fud na tíre. Tá 173 gaelscoil anois ann, ar fud na 32 contae, ag freastal ar bhreis is 40,000 dalta bunscoile agus cinn bhreise ag fanacht go foighdeach sa scuaine le cead ón Roinn Oideachais, mar a bhí muintir Bhaile Munna 40 bliain ó shin.

Amárach, 1ú Deireadh Fómhair, 1971
Cearta agus Cúramaí

"I mBaile Munna tá measarthacht mhaith daoine a dteastaíonn uathu a bpáistí a thógáil le Gaeilge agus scolaíocht tré Ghaeilge a thabhairt dá gclann. Ba cheart agus ba chóir go mbeadh seo le fáil acu gan duadh gan trioblóid gan chostas. Ní pribhléid ar bith é seo. Is buncheart é...

Ach nuair a d'iarr tuismitheoirí é seo, tá roinnt mhaith ama ó shoin anois, diúltaíodh iad. Dhiúltaigh fiú Roinn an Oideachais iad agus dúirt go gcaithfeadh siad fhéin a chruthú go raibh slua mór ann fá choinne scoile agus dá réir sin. Níl sé seo ceart nó cóir ar chor ar bith. Má tá tuismitheoir amháin ann a dteastaíonn uaidh scolaíocht Ghaelach a fháil dá chlann ba chóir go mbeadh sin ar fáil. Níl sé ceart, cóir nó cothrom go gcaithfeadh sé dul ar lorg daoine eile a bhfuil an rud céanna uatha agus dul ag tóraíocht a gceart chuig an dream seo agus an dream úd eile agus ag léirsiú agus ag cur cruinnithe ar siúl agus ag cur brú ar dhaoine agus ag déanamh achaine ar dhaoine fá choinne ruda atá ina bhuncheart a fháil. Ach b'éigean do thuismitheoirí Bhaile Munna na rudaí sin go léir a dhéanamh agus ní raibh ann ach tar éis mórán luadh (sic) agus trioblóide agus cruinnithe agus achainí agus brú agus léirsithe go bhfuair siad cuid éigin den rud a bhí siad ag iarraidh...

Níl le déanamh againn ach an dóigh a bhfuil siad ag déileáil le Gaeilgeoirí a chur i gcomórtas leis an dóigh a bhfuil siad ag déileáil le Produstúnaigh (sic)..... ba cheart go ndéanfaí ar a laghad an cúram céanna do Ghaeilgeoirí agus a dhéanfar do Phrotustúnaigh agus sé sin le rá go ndéanfaí lánchinnte de go mbeadh oideachas Gaelach le fáil ag gach uile pháiste Gaelach sa tír is cuma cad é an costas, is cuma caidé an saothar, is cuma caidé an duadh a bheadh leis. Ní ar na tuismitheoirí nó ar aon dreamanna nó eagrais eile a ba chóir sin a bheith. Luíonn an dualgais go ceart agus go cothrom ar Roinn an Oideachais agus níl said ag freastal ar an dualgas sin san am i láthair."

Crosfhocal 14.10.2011



NODANNA

TRASNA

3 Duine atá páirteach i ngníomhaíochtaí in éadan polasaí nó cinnidh eile (6)
6 Arm, lena scaoiltear piléir as (5)
8 Ard stádas, ard aicme, duine den scoth (5)
10 Rud maith ag tarlú duit gan rabhadh (3)
12 Faoi scáth ón mbáisteach, gan a bheith fliuch (5)
13 Tarraing d'anáil isteach go tobann (2)
15 Chuig, i dtreo (2)
17 Riabhach, dathanna measctha (5)
19 Fadhb leis seo a réiteach, casta (7)
20 Tapa gasta (4)
22 Réimír a léiríonn láidreacht ar dhath, méid, ciall srl (2)
23 Gan eagla, króga (4)
25 Úsáid airgead, nó bia, nó éadaí (5)
26 Dochtúir (3)
27 Mearbhall (6)
28 Is ionann ceann maith acu seo agus leath na hoibre (3)

SÍOS

1 Iompar do chorp féin trí abhainn, farraige srl (5)
2 An chuid ar barr den bhainne (7)
4 Fonn olc, díomách ar dhuine (6)
5 Rud a bhuann tú i gcomórtas (5)
7 Botún, gan a bheith cuimhnithe agat (7)
9 Éan cosúil le caróg (3)
11 Dhá cheann déag (6)
14 Scríbhneoir, duine a scríobh dán nó leabhar (4)
16 Duine gan chiall (6)
17 Aineolach, mímhuinte (4)
18 An rud ar chóir a dhéanamh (nó a bheith agat) (5)
20 Focal nó abairt a dhéanann beag de dhuine eile (5)
21 Gléas scríbhneoireachta (5)
24 Athuair, don dara uair (4)

Crosfhocal
07.10.2011

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Áine Seoige
Doire



Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 12.10.2011 chuig: Crosfhocal Gaelscéal 15 Sráid Mhargadh, Gaillimh

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

Pat Gilroy – Fanacht nó Imeacht?

Le Seosamh Ó Riain

IS dóichí ná a mhalairt go dtitfidh an lug ar an lag ar an lucht leanúna mura leanfaidh Pat Gilroy mar bhainisteoir ar fhoireann Bhaile Átha Cliath. Tá cinneadh le déanamh ina thaobh fós ag an bhfear ard ón gcumann cáiliúil, CLG Naomh Uinsionn.

Tháinig deireadh le téarma bainistíochta trí bliana Gilroy ar an lá cinniúnach ar thug na Dubs an svae leo in aghaidh Chiarraí, agus is iomaí cogar i gcluais déanta i measc mhaithe agus mhóruaisle an CLG mórthimpeall na príomhchathrach ó shin faoi cé acu a fhanfaidh sé nó nach bhfanfaidh.

Bhí Gilroy le bualadh leis na himreoirí Dé hAoine seo caite agus ina dhiaidh sin lena fhostóirí - is é an stiúrthóir bainistíochta é ar an gcomhlacht seirbhísí bainistíochta, Dalkia - chun an cheist a chíoradh.

D'ainneoin brú nach beag ar Gilroy chun an fhoireann a stiúradh arís, thug sé le fios go mion minic go dtógfadh sé píosa chun cinneadh a ghlacadh. Is iomaí brú ama atá air, ar ndóigh, toisc go bhfuil sé pósta le Yvonne agus tá ceathrar clainne acu agus mar a dúirt sé le gairid, "Is páirt lárnach de seo an obair agus níl mo dhaoine lonnaithe in Éirinn."

"Is dócha go dtógfaidh sé seachtain nó dhó sula mbainfidh mé deireadh an bhóthair amach maidir le cinneadh a dhéanamh," arsa Gilroy an tseachtain seo caite.

Nuair a d'éirigh an Dr. Pat O' Neill as mar bhainisteoir tar éis an bhua sa Chraobh Cheannais in 1995, is amhlaidh go raibh 16 bliain fhada ag éagaoineadh san fhiántas roimh Áth Cliath. Ní beag an faitíos atá ann go dtarlóidh a leithéid arís gan Gilroy ag an stiúir.

Níl tuilleamaí ag aon chontae le bainisteoir ar bith, ar ndóigh. Bhí tuairimíocht ann tráth ar ceapadh Pat Gilroy siar in 2008 nár sheoid é de bharr a easpa taithí ar bhainistíocht ach nár dhríodar é ach an oiread. Léirigh sé, áfach, ó thor go tom sa tréimhse ó shin gur fhoghlaim sé an t-uafás óna chuid botún agus mar a scríobh C.S. Lewis, "Experience: that most brutal of teachers. But you learn, my God do you learn."

Caitheann bainisteoir Áth Cliath, Pat Gilroy, súil ar an uaireadóir i gCraobh Cheannais na hÉireann in aghaidh Chiarraí. Ach, an bhfuil an t-am istigh dá thréimhse bhainistíochta ar an bhfoireann? Beidh a fhios ag saol an CLG sna laethanta beaga amach romhainn.
[PIC.: BARRY CREGG / SPORTSFILE]

Cúrsaí sacair: Cluichí leathcheannais Chorn an FAI

Daithí Mac Tighearnáin

Síol Broin v Lúthchleas Phádraig Naofa, Páirc na Tulchann, 7.35 anocht, beo ar RTÉ2

Is fíor-annamh a thugann na sean-naimhde seo aghaidh ar a chéile mar tá Síol Broin i Roinn 1 ó bhí tús 2007 ann. Dóbair dóibh filleadh ar an bpríomhroinn gach bliain ó shin i leith, ach theip orthu nuair a tháinig an crú ar an táirne. Tar éis iad a bheith ar a sáimhín só ar bharr na roinne le farasbarr leanúnach de chothrom ocht bpointe le linn na bliana seo, chaill siad trí den cheithre chluiche dheireanacha a d'imir siad, rud a chuir den bharr iad. An bhfuil an seanscéal dona úd ar na bacáin dóibh arís?

Dála an scéil sin, creidim nach mbeidh croíthe Shíol Bhroin istigh i gCorn an FAI agus leathshúil acu ar ardú céime sa tsraith. A mhalairt atá amhlaidh i gcás na Naomh. Ní féidir leo an tsraith a bhuachaint anois agus mar sin beidh siad ar a seacht ndícheall Corn an FAI a thabhairt leo den chéad uair ó bhí 1961 ann (an dara huair a bhain siad Corn an FAI) agus an mallacht sin, más ann dó, a bhréagnú. Tá siad in airde brí freisin tar éis dóibh Ruagairí Shligigh a bhualadh agus Corn Shinsir Laighean a thabhairt leo i gcoinne na mBóithéamach.

Stephen Bradley
[PIC : BARRY CREGG / SPORTSFILE]

Tá Corn an FAI buaite faoi sheacht ag Síol Broin, 2000 an uair dheireanach.

I measc na réaltaí a bheas ag imirt beidh Andy North, ardscórálaí, Stephen Bradley, Derek Doyle de chuid na Naomh agus Phillip Hughes, ardscóralaí,Conán Byrne agus Brendan McGill as Síol Broin.

Bua:Na Naoimh

Na Bóithéamaigh v Ruagairí Shligigh, Páirc Chnoc an Dálaigh, Baile Phib, 3.30in Dé Domhnaigh

Agus rith an ráis ar ais ag Ruagairí na Seamróige sa tsraith i ndiaidh a mbua féin agus treascairt Shligigh i gcoinne Lúthchleas Phádraig Naofa an deireadh seachtaine seo caite, cuirfidh an dá fhoireann seo an-suim i gCorn an FAI. Fuair Sligeach an lámh in uachtar ar na céilithe comhraic seo sa bhabhta seo de Chorn an FAI anuraidh sa pháirc chéanna agus ansin chroch siad leo an tríú corn riamh i Staid Aviva. Chaill siad an cluiche ceannais in 2009 in aghaidh Fhine Gall Spóirteach. Thug na Bóithéamaigh an corn leo an bhliain roimhe sin den seachtú huair.

Tá foireann na Ruagairí breac le himreoirí den chéad scoth, ina measc an sársiamsóir Joey Ndoh, Eoin Doyle agus Richie Ryan. Bhuaigh Sligeach sé chluiche as a chéile díreach roimh an tubaiste i gcoinne na Naomh.

Coinnigh súil ar na Bóithéamaigh seo: Killian Brennan lena chiceanna saora, an cosantóir Liam Burns, "an ceann críonna ar ghuaillí aosta" Ollie Cahill agus Anto Flood. Chaill na Bóithéamaigh dhá chluiche as an gcúig cinn dheireanacha le dhá chomhscór agus treascairt amháin.

Bua: Ruagairí Shligigh
MNS Dé Luain 7.30in RTÉ2

Cosc ar shacar agus rugbaí i lárionad spóirt CLG Mhala

Seosamh Ó Riain

BEIDH cosc ar lucht sacair agus rugbaí coimpléasc CLG a úsáid amach anseo i gCarraig Dhúin, Mala, Co. Chorcaí de bharr riail 42 CLG.

Is dóiche go mbeidh andíoma ar bhaill an dá chumann sin nach gceadófar dóibh a thuilleadh lánúsáid a bhaint as áiseanna den scoth sa chlub CLG. Tá gach seans chomh maith go gcothóidh sé teannas idir lucht CLG sa bhaile ar thaobh amháin agus lucht sacair agus rugbaí ar an taobh eile.

De réir The Corkman, bhí na cumainn sacair agus rugbaí araon ag baint úsáide as na háiseanna seo de chuid CLG Mhala, ach mar gheall ar riail 42 iarradh ar an dá chumann an t-ionad a fhágáil.

Cuireann riail 42 cosc ar chluichí páirce, nach gceadaíonn an CLG, ar fhaichí spóirt de chuid CLG. Áirítear ina measc sacar agus rugbaí.

Muna gcloífear leis an riail seo, féadfaidh CLG an cumann a chur ar fionraí nó fíneáil a ghearradh air de réir mar a mheasfar is iomchuí.

D'admhaigh Bartley Galvin, Cathaoirleach Chlub CLG Mhala, do The Corkman go mbeidh caillteanas airgeadais ann don chlub de thoradh 110 imreoir rugbaí ar a laghad a bheith ag fágáil an ionad spóirt. Agus sin gan trácht ar imreoirí sacair.

Leag sé béim ar riail 42, áfach, agus go gcaithfidh an cumann cloí léi.

Beidh cosc ar an lucht sacair agus rugbaí lárionad spóirt CLG a úsáid as seo amach i gCarraig Dhúin, Mala, Co. Chorcaí de bharr riail 42 CLG. An gcothóidh sé teannas idir lucht CLG agus lucht sacair agus rugbaí sa bhaile?

Dúirt sé, "D'fhéadfaí sinn a bhaint as na comórtais chontae de bharr riail 42. Is oibrithe deonacha a dhéanann Carraig Dhúin (an club) a reáchtáil, agus ba áis don phobal é. Tá muid ag cur áiseanna agus seirbhísí ar fáil nach bhfuil teacht orthu aon áit eile."

Dúirt Tom Nyhan, oifigeach caidrimh phoiblí chumann rugbaí Mhala, "Is mór an trua go gcuireann riail 42 cosc orainn áis CLG a úsáid. Ach tá an riail seo ann, agus caithfear cloí léi.

"Áis fhíorluachmhar a bhí i gCarraig Dhúin dúinn, go háirithe i míonna an gheimhridh nuair nach mbíonn soláthar maith d'fhéar ag Bóthar na Páirce."

Labhair Gaelscéal le Alan Milton, Bainisteoir Cumarsáide le CLG, agus dúirt sé, "Ní haon rud nua é seo. Tá na rialacha sa treoir oifigiúil.

"Seoladh amach ríomhphost chuig na cumainn uile thart ar bhliain ó shin ag cur in iúl dóibh faoi riail 42 agus na coinníollacha atá ann."

Lean sé air, "Níl raibh a fhios agam go raibh lucht rugbaí ná lucht sacair ag úsáid [lárionad spóirt CLG Mhala] go dtí seo."

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 14 Deireadh Fómhair, 2011

Ar an gclaí

Le John Allen

"Tá díomá orm nach bhfuil Luimneach i roinn a haon na sraithe i ndiaidh roinn a dó a bhuachaint i mbliana"

Deineadh na tarraingtí dos na cluichí cúige peile agus iomána an Déardaoin seo caite. Dar ndóigh is comórtas ann féin é anois an chraobh chúige agus gan tionchar rómhór aige ar cé a thagann amach ar barr i Meán Fómhair. Is maith le gach imreoir bonn craobh chúige a thabhairt leis ach bíonn na himreoirí go léir cíocrach ceann craobh Éireann a bheith buaite faoi dheireadh a saoil imeartha.

Níl aon dabht anois ach go bhfuil mé ag súil le taisteal go Dúrlas Éile i mí Bealtaine chun aghaidh a thabhairt ar sheaimpíní na Mumhan 2011, Tiobraid Árann. Is dúshlán ollmhór é d'fhoireann óg Luimnigh. Tá na Tiobradaigh feicthe againn go minic le trí bliana anuas, mar sin tá mioneolas againn go léir ar na hiománaithe atá acu. Is buntáiste é sin do Luimneach agus iad ag ullmhú don choimhlint thábhachtach seo. Dar ndóigh beidh mo chontae dúchais féinig ag feitheamh ar bhuaiteoirí an chluiche sin. Tá an Clár ag na Déise sa leathchraobh eile agus Davy Fitzgerald anois i gceannas ar a chontae féin.

I gCúige Laighean tá na seaimpíní Cill Chainnigh ar an taobh céanna le Baile Átha Cliath. Tá an Ghaillimh ar an taobh eile agus iad beagnach cinnte bheith ag imirt sa chraobh.

Sa pheil i gCúige Mumhan tá Ciarraí agus Corcaigh ar an taobh céanna, rud a chiallaíonn go mbeidh ceann des na foirne "laga" sa chraobh agus is maith san.

I gCúige Chonnacht tá an Ghaillimh agus Maigh Eo ar thaobhanna difriúla agus gach seans go mbeidh craobh thraidisiúnta sa chúige.

Tá bainisteoirí nua ag a lán foirne, sa dá chód, i mbliana agus brú orthu go léir an beart a dhéanamh.

Is post lánaimseartha é bheith i do bhainisteoir sinsir idirchontae . Faraor tá an chuid is mó díobh ag obair go lánaimseartha freisin (i bpostanna éagsúla eile) agus dar ndóigh tá sé an-deacair an dá thrá a fhreastal . B'fhéidir go bhfuil sé in am don CLG cead a thabhairt do bhainisteoirí bheith íoctha, go dleathach, agus post lánaimseartha a chruthú i ngach contae. Tá sé beagnach dodhéanta an jab a dhéanamh i gceart agus tú ag iarraidh obair i bpost eile freisin.

Tá an buntáiste sin agam féin i mbliana go bhfuilim críochnaithe leis an múinteoireacht agus mar sin go bhfuil i bhfad níos mó am breise agam (cuid de a chaithfidh mé ar an mbóthar ó Chorcaigh go Luimneach.)

Cáit (6), Éilis (4), Joe (2) Rouse as Baile Phib, Baile Átha Cliath ag seoladh leabhar de chuid CLG 'County by County' ag Páirc an Chrócraigh, BÁC ar an 11ú Deireadh Fómhair 2011. [PIC : RAY MCMANUS / SPORTSFILE]

Foireannn Iomána Luimnigh siar i Mí Feabhra - an mbeidh rath orthu i mbliana faoi stiúir ár gcolúnaí John Allen? [PIC : DIARMUID GREENE / SPORTSFILE]

Is cuimhin liom go maith ag bheith ag taisteal go Mainistir Fhear Maí ó Bhaile an Chollaigh (timpeall tríocha míle), áit a mbíodh iománaithe Chorcaí ag traenáil aimsir na sraithe ar feadh cúpla bliain agus ag iarraidh bheith ann ar a cúig a clog chun foireann a phiocadh don Domhnach agus ansin dul ag traenáil agus filleadh abhaile timpeall a haon déag san oíche. Traenáil arís ar an Déardaoin agus b'fhéidir ar an Satharn. Cluiche ar an Domhnach agus gach a mbaineann leis sin. Agus ansin an rud go léir a dhéanamh ar an Máirt arís agus sin i ndiaidh seachtain iomlán a chaitheamh ar scoil.

Taobh amuigh de sin bíonn an tuafás cruinnithe leis na himreoiri, an fhoireann leighis, an Bord Contae, na meáin, lucht anailíse, na traenálaithe agus na roghnóirí. An chuid eile den am bíonn tú ag smaoineamh ar chluichí, teaicticí, slite chun an traenáil a dhéanamh suimiúil nó níos suimiúla agus drills nua a chruthú don traenáil. Bíonn ort an freasúra a scrúdú roimh gach cluiche agus déileáil le haon fhadhbanna a bhíonn le réiteach. Agus is féidir leat bheith cinnte de go mbíonn fadhbanna le réiteach gach seachtain.

Don chuid is mó des na bainisteoiri bíonn an brú a thagann nuair nach bhfuil an fhoireann ag dul go rómhaith. Tagann sé seo, go háirithe ó do leantóiri baile féinig agus ós na meáin.

Tríd is tríd ní féidir bheith scartha ón bpost mar tá mórán suime i gcúrsaí CLG go ginearálta ar fuaid na tíre agus aon áit a dtéann an bainisteoir bíonn suim ag daoine labhairt leis faoin fhoireann agus na cluichí agus dar ndóigh píosa comhairle a chur air freisin. I ngach contae tá cuid mhaith iománaithe ar an gclaí.

Mar sin níl aon dabht faoi ach go rialaíonn post seo na bainistíochta saol an bhainisteora ó go moch ar maidin go déanach san oíche gach uile lá den bhliain beagnach.

É sin go léir ráite is onóir an-mhór é bheith mar bhainisteoir ar fhoireann sinsir idirchontae agus tú ar thóir an tSoithigh Naofa i mí Mheán Fómhair na bliana. Ní shroicheann ach beirt barr an tsléibhe gach bliain agus is iontach an mothúchán é bheith seasta ar an taobhlíne mar bhainisteoir na foirne buacaí nuair a chuireann an réiteoir deireadh leis an gcraobhchluiche. Bhraith Brian Cody (arís) agus Pat Gilroy é sin i mbliana..

Braithfidh beirt bhainisteoir é arís an bhliain seo chugainn. Ba bhreá liom bheith mar dhuine amháin díobh. Fad is atá beocht ann tá dóchas ann.

Tá díomá orm nach bhfuil Luimneach i roinn a haon na sraithe i ndiaidh roinn a dó a bhuachaint i mbliana. I lár na seachtaine deineadh athrú beag ar an gcóras nua atá molta don bhliain seo chugainn. Níl mórán maitheasa ann i mo thuairim .

Ach sin mar a bheidh agus caithfimid treabhadh linn do 2012.

"Bheifeá ag súil leis na hAll Blacks a bheith sa chluiche ceannais"

Conchubhair Mac Lochlainn

AGUS ansin, ní raibh ann ach ceathrar. An rud is spéisiúla faoin mbabhta leathcheannais seo ná go bhfuil trí fhoireann ann a bhfuil cluiche caillte acu roimhe seo sa chomórtas.

Léiríonn seo dúinn cé chomh deacair is atá sé an maratón seo a bhuachaint, is tugann sé fortacht don IRB, a bhí ag súil go mbeadh achan fhoireann iomaíoch i mbliana. Sin ráite, is fiú cuimhniú nár ardaigh éinne ariamh Corn Webb Ellis i ndiaidh dóibh cluiche a chailleadh ar an mbealach. Is fiú nóta a dhéanamh gur Nua-Shéalannach atá i gceannais ar thrí cinn de na foirne atá fágtha .i. Henry, Gatland, is Deans.

Cuma mhaith ar an scéal don Nua-Shéalainn mar sin, cé go bhfuil siad ag sceitheadh leathchúlaithe ar nós criathair, is ag tabhairt aghaidh ar foireann na hAstráile a bhfuil beocht nua iontu ón uair a tháinig an húcálaí Stephen Moore agus an cúltosaí oscailte David Pocock ar ais, agus iad ag déanamh difear millteanach don iarracht chosanta agus do mhír sheasta na valbaithe.

Ní bheidh sé caillte ar na hAll Blacks ach an oiread go bhfuil siad ag imirt i bPáirc Eden, suíomh an aon bhua s'acu sa Chorn Domhanda Rugbaí, siar in 1987.

Faoi Warren Gatland tá an Bhreatain Bheag i ndiaidh dul chun cinn dochreidte a dhéanamh sa chomórtas seo, agus is éasca atá sé dearmad a dhéanamh gur dhiúltaigh Wayne Barnes cic an bhua cruinn a thabhairt dóibh in éadan na Springboks cúpla seachtain ó shin. Tá paca s'acu ag déanamh dochar millteanach d'éinne ina dtreo, agus idir líntí reatha díreacha agus ábaltacht éalú ón teagmháil leis an liathróid tá na cúlaithe ag cruthú spáis dhóibh féin, ag nochtadh laigí agus ag scóráil úd. Ní bheidh difear

Graham Henry, Ard-Chóistsealaí, Nua-Shealáin [Pic : Brendan Moran / SPORTSFILE]

ollmhór ann Dé Sathairn, agus iad ag tabhairt aghaidh ar fhoireann na Fraince.

Tá na Francaigh seo in anord. Chaill siad faoi dhó sa ghrúpa, agus ag an tráth seo, is é an chuma atá ar an scéal ná gur chuir siad an 'tsáriarracht aonarach' thraidisiúnta isteach in éadan na Sasanach ag an deireadh seachtaine.

Gach uile uair a dhéanann siad a leithéid in aon chomórtas, bíonn fadhbanna acu an tseachtain ina dhiaidh, rud a dtig leis an cluiche seo a shoncáil i dtreo ár gcol ceathracha Ceilteacha.

Is é seo an babhta leathcheannais den chomórtas rugbaí is mó ar fud na cruinne, agus cé nach bhfuil aon meá-lasta fágtha, bheadh tú ag súil leis na hAll Blacks a bheith sa chluiche ceannais, agus cinneadh cinniúnach atá ag fanacht orthu ón lá ar beartaíodh go mbeadh siad mar óstaigh i mbliana.

Beidh Robbie Deans ag déanamh a dhíchill constaic a chur os comhair a chomhghleacaí, ach ní dóigh liom go n-éireoidh leis. In amanna is leagtha amach roimh ré a bhíonn sé.

Painéal na hÉireann Roghnaithe don Astráil

Gráinne McElwain

IS ag préasócáid i rith na seachtaine a d'ainmnigh Anthony Tohill, atá ina bhainisteoir ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann, an 18 imreoir atá roghnaithe don phainéal 23 imreoir a bheas ag dul anonn chun na hAstráile don dá chluiche in aghaidh na hAstráile ar an 28 Deireadh Fómhair i Melbourne agus ar an 4 Samhain ar an Gold Coast agus iad ag iarraidh Corn Cormac McAnallen a bhuachan ar ais. Ghabh Anthony Tohill a bhuíochas le gach imreoir a bhí ag traenáil chomh crua sin le tamall anuas agus dúirt sé, "Thaispeáin an dóigh ar thraenáil na himreoirí an méid suime agus dílseachta atá ann don chluiche agus an tábhacht a bhaineann le geansaí na hÉireann".

Ghuigh Criostóir Ó Cuana, Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, gach dea-ghuí ar na himreoirí ar fad atá roghnaithe agus deir sé go bhfuil sé muiníneach "go ndéanfaidh na himreoirí a seacht ndícheall chun Corn Cormac McAnallen a thabhairt ar ais go hÉirinn faoi stiúir Anthony Tohill agus a roghnóirí Eoin "Bomber" Liston, Kevin O'Brien, Seán Óg de Paor agus Kieran McGeeney."

Níl ach imreoir amháin roghnaithe go dtí seo ó Bhaile Átha Cliath ar an fhoireann, sin é Stephen Cluxton agus é roghnaithe mar chaptaen. Is é Ciarán McKeever as Ard Mhacha atá ainmnithe mar leaschaptaen. Beirt imreoir an contae as Dún na nGall, Ard Mhacha, Corcaigh agus Ciarraí a bheas ag imirt chomh maith le himreoir amháin ó gach ceann de na contaetha seo a leanas: Cill Dara, Muineachán, Cill Mhantáin, An Mhí, Tír Eoghain, An Dún agus Gaillimh. Feicfear Tadhg Kennelly agus Pearse Hanley atá ag imirt peile san AFL san

Bainisteoir na hÉireann, Anthony Tohill ag caint leis na meáin in éineacht le hUachtarán CLG, Criostóir Ó Cuana agus é ag fógairt foireann na hÉireann sna rialacha idirnáisiúnta.
[PIC : PAT MURPHY / SPORTSFILE]

Astráil faoi láthair ar an fhoireann chomh maith. Cúigear eile atá le roghnú fós ar an phainéal. Beidh an dá chluiche beo ar TG4 agus beidh siad ar siúl ar maidin leis an chlúdach ag tosnú ag a naoi a chlog agus caithfear isteach an liathróid ag 9.45rn.

Seo na himreoirí:

Captaen: Stephen Cluxton (Baile Átha Cliath).

Leas-Chaptaen: Ciarán McKeever (Ard Mhacha)

Emmet Bolton (Cill Dara), Eoin Cadogan (Corcaigh), Kieran Donaghy (Ciarraí), Leighton Glynn (Cill Mhantáin), Finian Hanley (Gaillimh), Pearse Hanley (Maigh Eo/Brisbane Lions), Darren Hughes (Muineachán), Tadhg Kennelly (Ciarraí/Sydney Swans), Steven McDonnell (Ard Mhacha), Kevin McKernan (An Dún), Joe McMahon (Tír Eoghain), Neil McGee (Dún na nGall), Michael Murphy (Dún na nGall), Darran O'Sullivan (Ciarraí), Kevin Reilly (An Mhí), Aidan Walsh (Corcaigh).

Ainmniúcháin do Réaltaí Pheil na mBan

THÁINIG deireadh le Comórtas Craoibhe TG4 i bPeil na mBan an Domhnach seo caite nuair a bhuaigh Cill Mhantáin Cluiche Ceannais Sóisir na hÉireann den chéad uair ó 1990 tar éis athimirt agus fuair an Iarmhí an lámh in uachtar ar an Chabhán sa Chluiche Ceannais Idirmheánach chun an comórtas a bhuachan den chéad uair riamh. Bhí neart drámaíochta le feiceáil i bPáirc an Chrócaigh ach anois athraíonn aird an phobail agus tá siad ag caint ar Réaltaí Pheil na mBan a bheas á reachtáil ar an 12 Samhain.

Fógraíodh na hainmniúcháin i rith na seachtaine, is é sin ainmneacha na mban a bheas san iomaíocht don 15 gradam atá urraithe ag O'Neills, TG4 agus Cumann Peil Gael na mBan. Cé gur chaill Muineachán in aghaidh Chorcaí i gCluiche Ceannais na Sinsear, is iad siúd atá ar bharr an liosta agus deich n-ainmniúchán faighte acu. Tagann Baile Átha Cliath sa dara háit le naonúr agus faigheann Seaimpíní Sinsir na hÉireann, Corcaigh, ocht n-ainmniúchán. Aitheantas é seo d'aon chontae déag as a dtagann an 45 imreoir atá ainmnithe ar an liosta.

Taobh amuigh de Chorcaigh, Muineachán agus Baile Átha Cliath, seo liosta na n-ainmniúchán ó thaobh contae de: Laois (6), Ciarraí (5), An Mhí (2), Cill Dara (1), Liatroim (1), Ard Mhacha (1), An Cabhán (1) agus Loch Garman (1).

Ainmniúcháin do Ghradaim Pheil na mBan 2011 O'Neills/TG4:

Cúl Báire
Irene Munnelly (An Mhí), Ciamh Dollard (Laois), Mary Rose Kelly (Loch Garman)

Líne Lánchúil
Gráinne McNally (Muineachán), Sinéad Goldrick (Baile Átha Cliath), Angela Walsh (Corcaigh), Sharon Courtney (Muineachán), Aishling Leonard (Ciarraí), Gráinne Dunne (Laois), Deirdre O'Reilly (Corcaigh), Christina Reilly (Muineachán), Gráinne O'Malley (Baile Átha Cliath)

Líne Leathchúil
Briege Corkery (Corcaigh), Gemma Fay (Baile Átha Cliath), Fiona Mahon (An Mhí), Bríd Stack (Corcaigh), Geraldine O'Flynn (Corcaigh), Aoife McAnespie (Muineachán), Aisling Holton (Cill Dara), Alison Taylor (Laois), Sorcha Furlong (Baile Átha Cliath)

Lár na Páirce
Juliet Murphy (Corcaigh), Tracy Lawlor (Laois), Lorraine Scanlon (Ciarraí), Denise Masterson (Baile Átha Cliath), Cora Courtney (Muineachán), Amanda Casey (Muineachán)

Líne Leatosach
Therese McNally (Muineachán), Noelle Healy (Baile Átha Cliath), Mary Kirwan (Laois), Lyndsey Davey (Baile Átha Cliath), Caroline O'Hanlon (Ard Mhacha), Catriona McConnell (Muineachán), Martina Dunne (Laois), Elaine Kelly (Baile Átha Cliath), Margaret O'Donoghue (Ciarraí)

Líne Lántosach
Ciara McAnespie (Muineachán), Sinéad Aherne (Baile Átha Cliath), Amy O'Shea (Corcaigh), Sarah Houlihan (Ciarraí), Aine Tighe (Liatroim), Caoimhe Mohan (Muineachán), Louise Ní Mhuircheartaigh (Ciarraí), Rhona Ní Bhuachalla (Corcaigh), Aisling Doonan (An Cabhán)

Toradh an Lae, an Toradh is Tábhachtaí

Gráinne McElwain

THÁINIG deireadh le haisling na hÉireann i gCorn Rugbaí an Domhain an tseachtain seo caite nuair a chas siad le foireann na Breataine Bige a raibh a gcuid obair baile ar fhoireann na hÉireann déanta go maith acu agus grád A tuillte acu dá bharr. Bhí an Bhreatain Bheag go hiontach ar fud na páirce agus ba í an chosaint ba mhó a sheas amach ar an lá mar níor ligeadh cead do thosaithe na hÉireann dul ar an ionsaí, níor thug siad aon spás do Ronan O'Gara an imirt a stiúradh.

Briseadh croí Declan Kidney agus foireann na hÉireann agus ní fheicfimid laochra ar nós Brian O'Driscoll, Gordon D'Arcy, Ronan O'Gara, Paul O'Connell ná fiú Donncha O'Callaghan ag Corn Rugbaí an Domhain arís (beidh an chéad cheann eile ar siúl, ar ndóigh, i Sasana in 2015.) Ach fiú muna bhfeiceann, ní féidir le héinne na himreoirí seo a cháineadh mar tá an oiread sin tugtha acu dúinn agus don gheansaí.

Ach ar ndóigh tá Corn an Domhain fós ar siúl agus amárach in Eden Park, beidh an Bhreatain Bheag ag casadh leis an Fhrainc sa chéad chluiche leathcheannais. Seo an chéad uair ó 1987 go bhfuil an Bhreatain Bheag i gcluiche leathcheannais an chomórtais agus níl Corn Webb Ellis buaite ag ceachtar den dá fhoireann seo cheana. Is mór an difear atá idir foireann na Breataine Bige an uair seo agus an fhoireann a bhí acu in 2007 nuair a chuaigh siad abhaile tar éis na mbabhtaí cáilithe sa ghrúpa. Tá an fhoireann seo atá acu an uair seo ag imirt go maith.

Is féidir a phian a aithint! Sean O'Brien tar éis an chluiche a chaill Éire i gcoinne na Breataine Bige Dé Sathairn seo caite. [PIC : BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]

Bhí mí-ádh orthu in aghaidh na hAfraice Theas sa chéad chluiche den ghrúpa ach bhí siad thar cionn in aghaidh Shamó, na Namaibe agus Fhidsí. Ní féidir é sin a rá faoin bhFrainc mar bhí siad thuas seal thíos seal ins na cluichí sa ghrúpa a bhí acu. Chaill siad go dona in aghaidh na Nua-Shéalainne agus bhí siad andona in aghaidh Thonga ach, mar a tharla go minic cheana, tháinig feabhas iontach orthu in aghaidh Shasana sa chluiche ceathrú ceannais agus bhuadar é 19-12.

Tá níos mó úd aimsithe ag an Bhreatain Bheag sa chomórtas go dtí seo, 26 in aghaidh 15 atá faighte ag an Fhrainc. Ach is í cosaint na Breataine Bige an bua is mó atá acu. D'éirigh leo 141 greamú a dhéanamh in aghaidh fhoireann na hÉireann agus mothaítear go bhfuil cosaint na Fraince níos laige. Go dtí seo níl ach 38 greamú caillte ag an Bhreatain Bheag i gcomparáid le 60 ó fhoireann na Fraince ach tá clibirt agus síneadh amach na Fraince beagáinín níos láidre ná ár gcomharsana agus seans go bhfaighidh siad an lámh in uachtar anseo in aghaidh na Breataine Bige atá óg go maith mar fhoireann.

Is é an port céanna atá ag go leor faoin gcluiche, cén fhoireann Fhrancach a fheicfimid amárach? Ar ndóigh bhí siad go dona sna babhtaí cáilithe ach is cuma faoi sin anois mar go bhfuil siad céim amháin amach ón gcluiche ceannais. Bhuaigh an Fhrainc sé chluiche as seacht gcinn in aghaidh na Breataine Bige le tamall anuas ach b'fhearr cuntas na hÉireann in aghaidh na Breataine Bige ná sin roimh an gcluiche ceathrú ceannais. Mar sin is cuma faoi na staitisticí sin, cé a bhainfeas ar an lá, sin é an staitistic is tábhachtaí.

Dúirt Shaun Edwards, cóitseálaí cosanta na Breataine Bige, "Má tá an Fhrainc chun scóráil, beidh orthu é a shaothrú." Tá sé an-deacair a rá cé a thiocfas amach anseo. Má fheicimid an Fhrainc ag imirt ar an dóigh gur féidir leo imirt, ba chóir go mbeadh an lá leo ach ní féidir beagán a dhéanamh den mhéid atá déanta ag an Bhreatain Bheag go dtí seo ach an oiread.

Ar an Domhnach beidh an-bhrú ar an Nua-Shéalainn in aghaidh na hAstráile agus cé gur chríochnaigh siad láidir go maith in aghaidh na hAirgintíne an tseachtain seo caite, thóg sé seasca nóiméad orthu é sin a dhéanamh. Is buille mór millteach é nach bhfuil Dan Carter ar fáil agus anois tá siad gan Mils Muliaina agus Colin Slade. Seans go mbeidh Aaron Cruden ag tosnú i ngeansaí uimhir a deich ach chaith sé an tseachtain seo caite lena chuid cairde ag ól, ag scátáil agus ag féachaint ar na cluichí ar an teilifís. Ní raibh sé ag súil le glaoch ó Graham Henry. Cé nach dtaitneodh sé beag ná mór leis an Nua-Shéalainn cailleadh i gcluiche leathcheannais an domhain, tubaiste amach is amach a bheadh ann dóibh cailleadh in aghaidh na hAstráile.

Níl an Astráil tar éis buachaint in Eden Park ó 1986 ach is naimhde iad na foirne seo agus tá sé ró-dheacair a rá cé a bhainfeas.